

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

12 Samhain 2021



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

II Gníomhartha neamhrechtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1959 ón gComhairle an 11 Samhain 2021 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/2063 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise a bhfuil ag tarlú i Veiniséala 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1960 ón gComhairle an 11 Samhain 2021 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1890 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdairithe na Turisce sa Mheánmhuir Thoir 11
- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1961 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun éabhlóid mhais na ngluaisteán nua paisinéirí a chláraítear in 2017, 2018 agus 2019 a chur san áireamh ⁽¹⁾ 14
- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1962 ón gCoimisiún an 12 Lúnasa 2021 lena gceartaítear Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán ⁽¹⁾ 16
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1963 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 a mhéid a bhaineann le córais bainistíochta sábháilteachta in eagraíochtaí cothabhála agus lena gceartaítear an Rialachán sin ⁽¹⁾ 18
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1964 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2021 lena leagtar síos faisnéis theicniúil le haghaidh ríomh forálacha teicniúla agus bunchistí dílse le haghaidh tuarascála le dátaí tagartha ón 30 Meán Fómhair 2021 go dtí an 30 Nollaig 2021 i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Atharachais agus an gnó sin a shaothrú ⁽¹⁾ 52

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

CINNTÍ

- ★ **Cinneadh (CBES) 2021/1965 ón gComhairle an 11 Samhain 2021 an lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2074 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise a bhfuil ag tarlú i Veiniséala 148**
- ★ **Cinneadh (CBES) 2021/1966 ón gComhairle an 11 Samhain 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1894 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir 157**
- ★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1967 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2021 lena mbunaítear stóras sonraí éigeantach agus sásra éigeantach digiteach malartaithe faisnéise i gcomhréir le Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ 160**

(¹) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1959 ÓN gCOMHAIRLE

an 11 Samhain 2021

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/2063 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise a bhfuil ag tarlú i Veiniséala

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/2063 ón gComhairle an 13 Samhain 2017 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise a bhfuil ag tarlú i Veiniséala ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 17(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 13 Samhain 2017, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2017/2063.
- (2) An 12 Samhain 2020, i bhfianaise na géarchéime leanúnaí polaitiúla, eacnamaíche, sóisialta agus daonnúla i Veiniséala agus na ngníomhaíochtaí leanúnacha a bhaineann an bonn den daonlathas, den smacht reachta agus den urraim do chearta an duine, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1700 ⁽²⁾, a rinne na bearta sriantacha a bhí i bhfeidhm a athnuachan go dtí an 14 Samhain 2021, lena n-áirítear gach uile ainmniúchán. An lá céanna, ghlac an Chomhairle Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1696 ⁽³⁾, lenar leasaíodh an ráiteas ar chúiseanna don 14 duine atá liostaithe.
- (3) An 22 Feabhra 2021, i bhfianaise na staide tromchúisí leanúnaí i Veiniséala, ghlac an Chomhairle Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/275 ⁽⁴⁾, inar ainmníodh 19 duine.
- (4) I gcomhréir le hAirteagal 17(4) de Rialachán (AE) 2017/2063, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar na bearta sriantacha atá i bhfeidhm. Bunaithe ar an athbhreithniú sin, ba cheart na bearta sriantacha i gcoinne gach duine ar an liosta a choimeád agus ba cheart an ráiteas ar chúiseanna atá le 26 duine a thabhairt cothrom le dáta.
- (5) Ní dhéanann na bearta sin difear don phobal i gcoitinne agus is féidir iad a fhreaschur i bhfianaise an dul chun cinn a dhéanfar chun an daonlathas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine a athbhunú i Veiniséala.
- (6) Ba cheart, dá bhrí sin, larscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2063 a leasú dá réir,

⁽¹⁾ IO L 295, 14.11.2017, lch. 21.

⁽²⁾ Cinneadh (CBSE) 2020/1700 ón gComhairle an 12 Samhain 2020 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2074 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise a bhfuil ag tarlú i Veiniséala (IO L 381, 13.11.2020, lch. 24).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1696 ón gComhairle an 12 Samhain 2020 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/2063 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala (IO L 381, 13.11.2020, lch. 8).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/275 ón gComhairle an 22 Feabhra 2021 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/2063 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise a bhfuil ag tarlú i Veiniséala (IO L 60 I, 22.2.2021, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2063 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Samhain 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. POČIVALŠEK

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn IV, a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2063, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 1, 4, 7, 10, 12, 18, 20, 25, 27, 28, 29, 34, 35, 36, 37, 41, 42, 43, 44, 45, 46, 47, 48, 51, 53 agus 55:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"1.	Néstor Luis REVEROL TORRES	Dáta breithe: 28 Deireadh Fómhair 1964 Inscne: fireann	An tAire Electrical Energy ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 i leith, ina Leas-Uachtarán ar Public Works and Services, agus ina Rúnaí Feidhmiúcháin ar Electrical General Staff ó mhí Aibreáin 2019 i leith. An tAire Interior, Justice and Peace ó 2016 go dtí mí Dheireadh Fómhair 2020. An Ginearál i gCeannas ar an Bolivarian National Guard ó mhí Lúnasa 2020 i leith. Tá sé freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céasadh príosúnach (polaitiúil), agus as cos ar bolg ar an bhfreasúra daonlathach i Veiniséala, lena n-áirítear trí chosc agus bac a chur ar léirithe polaitiúla, ag fórsaí slándála atá faoina cheannas.	22.1.2018
4.	Antonio José BENAVIDES TORRES	Dáta breithe: 13 Meitheamh 1961 Inscne: fireann	Comhalta den Tionól Náisiúnta nár toghadh go daonlathach. Ceannaire an Capital District (Distrito Capital) Government go dtí mí Eanáir 2018. Ceannasaí Ginearálta an Bolivarian National Guard go dtí an 21 Meitheamh 2017. Bainteach le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach i Veiniséala, agus freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine a rinne ag an Bolivarian National Guard faoina cheannas. Baineadh an bonn den smacht reachta i Veiniséala lena chuid gníomhaíochtaí agus beartas mar Cheannasaí Ginearálta an Bolivarian National Guard, lena n-áirítear an Bolivarian National Guard a ghlac ceannaireacht ar phóilíneacht a dhéanamh ar léirsithe sibhialta agus a mhol go poiblí gur cheart dlínse a bheith ag cúirteanna míleata ar shibhialtaigh.	22.1.2018
7.	Diosdado CABELLO RONDÓN	Dáta breithe: 15 Aibreán 1963 Inscne: fireann	Comhalta den National Assembly – nár toghadh go daonlathach – Iar-Uachtarán ar an Constituent Assembly agus an Chéad Leas-Uachtarán ar an United Socialist Party of Venezuela (PSUV). Bainteach le bonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as na meáin chun an freasúra polaitiúil, na meáin eile, agus an tsochaí shibhialta a ionsaí agus a bhagairt go poiblí.	22.1.2018
10.	Jesús Rafael SUÁREZ CHOURIO	Dáta breithe: 19 Iúil 1962 Inscne: fireann	An tUachtarán ar Defence and Security Committee an National Assembly nár toghadh go daonlathach ó mhí Eanáir 2021 i leith. Iar-Cheannasaí Cheannfhoireann an Ardcheannasaí ar na Fórsaí Armtha (idir mí Iúil 2019 agus Meán Fómhair 2020). Iar-Ardcheannasaí an Venezuelan Bolivarian National Army (go dtí mí Iúil 2019). Iar-Cheannasaí Ginearálta an Venezuelan Bolivarian National Army agus iar-Cheannasaí an Comprehensive Defence Region of the Central Zone (REDI Central) Veiniséala. Tá sé freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine a rinne fórsaí faoina cheannas le linn dó a bheith ina Cheannasaí Ginearálta ar an Venezuelan Bolivarian National Army, lena n-áirítear úsáid fornirt iomarcaigh agus drochíde a thabhairt do dhaoine a bhí á gcoinneáil. Dhírigh sé ar an bhfreasúra daonlathach agus thacaigh sé le cúirteanna míleata a úsáid chun agóideoirí sibhialtacha a thriail.	25.6.2018

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
12.	Delcy Eloina RODRÍGUEZ GÓMEZ	Dáta breithe: 18 Bealtaine 1969 Inscne: baineann	Leas-Uachtarán Veiniséala, An tAire Economy, Finances and Trade. Iar Uachtarán ar an Constituent Assembly neamhdhlisteanach agus iarchomhalta den Presidential Commission don National Constituent Assembly neamhdhlisteanach. Lena cuid gníomhaíochtaí sa Presidential Commission agus ina dhiaidh sin mar Uachtarán ar an Constituent Assembly neamhdhlisteanach, baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n-áirítear cumhachtaí an National Assembly a fhorghabháil agus iad a úsáid chun díriú ar an bhfreasúra agus chun cosc a chur orthu páirt a ghlacadh sa phróiseas polaitiúil.	25.6.2018
18.	Xavier Antonio MORENO REYES	Inscne: fireann	Ard-Rúnaí an National Electoral Council (CNE) ó 2009 go dtí Meitheamh 2020. Sa ról sin, rinne Moreno Reyes éascaíocht, dlisteanú agus thug sé creidiúnacht do chinntí CNE, ós rud é go bhfuil ról ag Ardrúnaí CNE i socrú clár oibre agus i gcinntí a chur ar bhonn foirmiúil. Ba é Moreno Reyes a bhí ina Ard-Rúnaí ar CNE agus an bonn á bhaint go mór den daonlathas agus cuireadh isteach ar ról neamhspleách CNE laistigh den phróiseas toghchánach. Mar sin, is é atá freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas i Veiniséala, lena n-áirítear bunú an Constituent Assembly neamhdhlisteanach agus ionramháil an phróisis toghcháin a éascú.	25.6.2018
20.	Rafael Ramón BLANCO MARRERO	Dáta breithe: 28 Feabhra 1968 Uimhir Aitheantais: V-6250588 Inscne: fireann	Rannán-Ghinearál an Venezuelan Bolivarian National Army ón 5 Iúil 2019 i leith. IarLeas-Stiúrthóir an Directorate General of Military Counter Intelligence (Dirección General de Contrainteligencia Militar (DGCIM)). Tá sé freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céasadh, úsáid fornirt iomarcaigh agus drochíde a bheith á tabhairt i saoráidí DGCIM ag baill DGCIM faoina cheannas do dhaoine a bhí á gcoinneáil. Meastar go bhféadfadh sé go raibh baint aige le bás an Chaptaen Acosta.	27.9.2019
25.	Hannover Esteban GUERRERO MIJARES	Dáta breithe: 14 Eanáir 1971 Inscne: fireann	An Dara Ceannasaí agus an Ceann Foirne ar an 35ú Military Police Brigade ó mhí Lúnasa 2020 i leith. Ceann Imscrúduithe ag an Directorate-General of Military Counter-Intelligence (Dirección General de Contrainteligencia Militar (DGCIM)) ó, ar a laghad, mí Aibreáin 2019 go dtí mí Lúnasa 2019. Mar Cheann Imscrúduithe, rinne sé maoirseacht ar shaoráid DGCIM in Boleita. Tá sé freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear céasadh, úsáid fornirt iomarcaigh agus drochíde a bheith á tabhairt aige féin agus ag oifigigh faoina cheannas, go háirithe in Boleita, do dhaoine a bhí á gcoinneáil. Meastar go bhféadfadh sé go raibh baint aige le bás an Chaptaen Acosta	27.9.2019
27.	Gladys DEL VALLE REQUENA	Dáta breithe: 9 Samhain 1952 Áit bhreithe: Puerto Santo, Sucre, Veiniséala Uimhir Aitheantais: V-4114842 Inscne: baineann	Comhalta den National Assembly nár toghadh go daonlathach agus iarchomhalta agus an Dara Leas-Uachtarán den National Constituent Assembly (ANC) nach n-aithnítear. Sa ról ceannasach a bhí aici san ANC, nach n-aithnítear, bhain sí an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n-áirítear tríd an bhforaithne a shíniú lena baineadh an díolúine pharlaiminteach a bhí ag uachtarán an National Assembly of Venezuela, Juan Guaidó.	29.6.2020

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
28.	Tania Valentina DÍAZ GONZÁLEZ	Dáta breithe: 18 Meitheamh 1963 Áit bhreithe: Caracas, Distrito Capital, Veiniséala Uimhir Aitheantais: V-6432672 Inscne: baineann	Comhalta den National Assembly nár toghadh go daonlathach agus iar-Chéad Leas-Uachtarán den National Constituent Assembly (ANC) nach n-aithnítear. Sa ról ceannasach a bhí aici san ANC, nach n aithnítear, bhain sí an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n-áirítear tríd an bhforaithne a shíniú lenar baineadh an díolúine pharlaiminteach a bhí ag uachtarán National Assembly of Venezuela, Juan Guaidó.	29.6.2020
29.	Elvis Eduardo HIDROBO AMOROSO	Dáta breithe: 4 Lúnasa 1963 Áit bhreithe: Caracas, Distrito Capital Veiniséala Uimhir Aitheantais: V-7659695 Inscne: fireann	Ard-Reachtair ar an National Constituent Assembly (ANC), nach n-aithnítear, ón 23 Deireadh Fómhair 2018 i leith agus iar Chéad agus iar-Dhara Leas-Uachtarán air. Bhain a chuid gníomhaíochtaí an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, lena n-áirítear, trí thoirmeasc a chur ar chomhaltaí an fhreasúra bheith i bhfeidhmeannas poiblí go ceann 15 bliana, trína bheith i gceannas ar an ANC, nach n aithnítear, an dlí i gcoinne an fhuatha a shíniú, údar a thabhairt le gobharnóir freasúra a toghadh go dlíthiúil a chur as oifig agus toirmeasc a chur ar Juan Guaidó seasamh d'aon oifig phoiblí.	29.6.2020
34.	Luis Eduardo PARRA RIVERO	Dáta breithe: 7 Iúil 1978 Uimhir Aitheantais: V-14211633 Inscne: fireann	Comhalta den National Assembly nár toghadh go daonlathach. Mar chomhalta den National Assembly a toghadh in 2015, réachtáil sé toghchán bréige inar toghadh é mar Uachtarán ar an National Assembly an 5 Eanáir 2020, agus lenar baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala. Réachtáladh an toghchán gan chóram tráth ar chuir na póilíní míleata bac ar roinnt parlaiminteoirí a mbealach a dhéanamh isteach in áitreabh an National Assembly. Dá bhrí sin, bhí ar chomhaltaí an fhreasúra iad féin a eagrú taobh amuigh d'áitreabh an National Assembly chun Juan Guaidó a atoghadh mar Uachtarán air. Go gairid tar éis an toghcháin bréige, lenar thacaigh páirtí polaitiúil an réimis (PSUV), chuir Maduro agus an National Constituent Assembly (ANC), nach n-aithnítear, fáilte roimh Parra Rivero.	29.6.2020
35.	Franklyn Leonardo DUARTE	Dáta breithe: 15 Bealtaine 1977 Uimhir Aitheantais: V-3304045 Inscne: fireann	Comhalta den National Assembly nár toghadh go daonlathach. Iarchomhalta den National Assembly agus an chéad Leas Uachtarán air, a toghadh in 2015, go neamhdhlisteanach. Mar chomhalta den National Assembly a toghadh in 2015, réachtáil sé toghchán bréige inar toghadh é mar an chéad Leas-Uachtarán ar an National Assembly an 5 Eanáir 2020, agus lenar baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala. Réachtáladh an toghchán gan chóram tráth ar chuir na póilíní míleata bac ar roinnt parlaiminteoirí a mbealach a dhéanamh isteach in áitreabh an National Assembly. Dá bhrí sin, bhí ar chomhaltaí an fhreasúra iad féin a eagrú taobh amuigh d'áitreabh an National Assembly chun Juan Guaidó a atoghadh mar Uachtarán air. Go gairid tar éis an toghcháin bréige inar toghadh Duarte, lenar thacaigh páirtí polaitiúil an réimis (PSUV), dúirt Maduro agus an National Constituent Assembly (ANC), nach n-aithnítear, gur dhíol sásaimh dóibh gur toghadh Bord Stiúrtha an National Assembly.	29.6.2020

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
36.	José Gregorio NORIEGA FIGUEROA	Dáta breithe: 21 Feabhra 1969 Uimhir Aitheantais: V-8348784 Inscne: fireann	Comhalta den National Assembly nár toghadh go daonlathach. Iarchomhalta den National Assembly agus an dara Leas Uachtarán air, a toghadh go neamhdhlisteanach in 2015. Ceapadh é go neamhdhlisteanach ina stiúrthóir ar bhord ad hoc an pháirtí pholaitiúil Voluntad Popular. Mar chomhalta den National Assembly a toghadh in 2015, réachtáil sé toghchán bréige inar toghadh é mar an dara Leas-Uachtarán ar an National Assembly an 5 Eanáir 2020, agus lenar baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala. Réachtáladh an toghchán gan chóram tráth ar chuir na póilíní míleata bac ar roinnt parlaiminteoirí a mbealach a dhéanamh isteach in áitreabh an National Assembly. Dá bhrí sin, bhí ar chomhaltaí an fhreasúra iad féin a eagrú taobh amuigh d'áitreabh an National Assembly chun Juan Guaidó a atoghadh mar Uachtarán air. Go gairid tar éis an toghcháin bréige inar toghadh Noriega, lenar thacaigh páirtí polaitiúil an réimis (PSUV), dúirt Maduro agus an National Constituent Assembly (ANC), nach n-aithnítear, gur dhíol sásaimh dóibh é gur toghadh Bord Stiúrtha an National Assembly. I mí Iúil 2020, le cabhair ó Chúirt Bhreithiúnais Uachtarach Veiniséala (Tribunal Supremo de Justicia (TSJ)), ghlac Noriega ceannaireacht an pháirtí pholaitiúil Voluntad Popular chuige féin go neamhdhlisteanach, lenar baineadh an bonn den daonlathas i Veiniséala a thuilleadh.	29.6.2020
37.	Remigio CEBALLOS ICHASO	Dáta breithe: 1 Bealtaine 1963 Uimhir Aitheantais: V-6557495 Inscne: fireann	Iarcheannasaí ar Operational and Strategic Command de na Bolivarian National Armed Forces of Venezuela (Comando Estratégico Operacional Fuerzas Armadas Nacionales Bolivarianas (CEOFANB)), an t-orgán is airde sa Venezuelan Armed Forces, (Meitheamh 2017 - Iúil 2021). Rialaíonn CEOFANB na Bolivarian National Armed Forces (FANB) agus an Bolivarian National Guard. Tá CEOFANB freagrach freisin as idirghábhálacha FANB i léirsithe a chomhordú. Agus é ina cheannasaí ar CEOFANB, bhí sé freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear forneart iomarcach a bheith á úsáid agus íde mhídháonna, tháireach á tabhairt ag oifigigh FANB agus ag fo-fhórsaí faoina cheannas, lena n-áirítear an Bolivarian National Guard. Dar le foinsí éagsúla, an Misean Neamhspleách Idirnáisiúnta Aimsithe Fíricí faoi Phoblacht Bholavarach Veiniséala ina measc, tá FANB agus an Bolivarian National Guard freagrach as sárúithe ar chearta an duine.	22.2.2021
41.	Luis Fernando DAMIANI BUSTILLOS	Dáta breithe: 27 Aibreán 1946 Inscne: fireann	Breitheamh ar an Constitutional Chamber of the Supreme Court (Tribunal Supremo de Justicia (TSJ)). Mar chomhalta den Constitutional Chamber of the Supreme Court, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí, ráitis agus rialuithe lenar forghabhadh cumhachtaí bunreachtúla an National Assembly agus lenar baineadh an bonn de chearta toghchánacha an fhreasúra lena n-áirítear an ceapachán aontaobhach a rinne an Supreme Court of the National Electoral Council (Consejo Nacional Electoral (CNE)) i mí an Mheithimh 2020 agus cur ar fionraí agus ionadú cheannaireacht na dtrí phríomhpháirtí freasúra i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2020, chomh maith le síneadh a chur leis an rialú maidir le Acción Democrática i mí Bealtaine 2021, go ceann bliana eile. Dá bhrí sin, lena chuid gníomhaíochtaí, baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, agus thacaigh sé leis an mbonn a bheith á bhaint den daonlathas agus den smacht reachta ag an mbrainse feidhmiúcháin agus d'éascaigh sé é sin.	22.2.2021

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
42.	Lourdes Benicia SUÁREZ ANDERSON	Dáta breithe: 7 Márta 1965 Inscne: baineann	Uachtarán an Constitutional Chamber agus an chéad Leas-Uachtarán ar an Supreme Court ón 5 Feabhra 2021 i leith. Breitheamh ar an Constitutional Chamber of the Supreme Court (Tribunal Supremo de Justicia (TSJ)) ó mhí na Nollag 2005 i leith. Mar chomhalta den Constitutional Chamber of the Supreme Court, tá sí freagrach as gníomhaíochtaí, ráitis agus rialuithe lenar forghabhadh cumhachtaí bunreachtúla an National Assembly agus lenar baineadh an bonn de chearta toghchánacha an fhreasúra lena n-áirítear an ceapachán aontaobhach a rinne an Supreme Court of the National Electoral Council (Consejo Nacional Electoral (CNE)) i mí an Mheithimh 2020 agus cur ar fionraí agus ionadú cheannaireacht na dtrí phríomhpháirtí freasúra i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2020, chomh maith le síneadh a chur leis an rialú maidir le Acción Democrática i mí Bealtaine 2021, go ceann bliana eile. Dá bhrí sin, lena cuid gníomhaíochtaí, baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, agus thacaigh sí leis an mbonn a bheith á bhaint den daonlathas agus den smacht reachta ag an mbrainse feidhmiúcháin agus d'éascaigh sí é sin.	22.2.2021
43.	Calixto Antonio ORTEGA RÍOS	Dáta breithe: 12 Deireadh Fómhair 1950 Inscne: fireann	Breitheamh ar an Constitutional Chamber of the Supreme Court (Tribunal Supremo de Justicia (TSJ)). Mar chomhalta den Constitutional Chamber of the Supreme Court, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí, ráitis agus rialuithe lenar forghabhadh cumhachtaí bunreachtúla an National Assembly agus lenar baineadh an bonn de chearta toghchánacha an fhreasúra lena n-áirítear an ceapachán aontaobhach a rinne an Supreme Court of the National Electoral Council (Consejo Nacional Electoral (CNE)) i mí an Mheithimh 2020 agus cur ar fionraí agus ionadú cheannaireacht na dtrí phríomhpháirtí freasúra i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2020, chomh maith le síneadh a chur leis an rialú maidir le Acción Democrática i mí Bealtaine 2021, go ceann bliana eile. Dá bhrí sin, lena chuid gníomhaíochtaí, baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, agus thacaigh sé leis an mbonn a bheith á bhaint den daonlathas agus den smacht reachta ag an mbrainse feidhmiúcháin agus d'éascaigh sé é sin.	22.2.2021
44.	René Alberto DEGRAVES ALMARZA	Inscne: fireann	Breitheamh ar an Constitutional Chamber of the Supreme Court (Tribunal Supremo de Justicia (TSJ)). Mar chomhalta den Constitutional Chamber of the Supreme Court, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí, ráitis agus rialuithe lenar forghabhadh cumhachtaí bunreachtúla an National Assembly agus lenar baineadh an bonn de chearta toghchánacha an fhreasúra lena n-áirítear an ceapachán aontaobhach a rinne an Supreme Court of the National Electoral Council (Consejo Nacional Electoral (CNE)) i mí an Mheithimh 2020 agus cur ar fionraí agus ionadú cheannaireacht na dtrí phríomhpháirtí freasúra i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2020, chomh maith le síneadh a chur leis an rialú maidir le Acción Democrática i mí Bealtaine 2021, go ceann bliana eile. Dá bhrí sin, lena chuid gníomhaíochtaí, baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, agus thacaigh sé leis an mbonn a bheith á bhaint den daonlathas agus den smacht reachta ag an mbrainse feidhmiúcháin agus d'éascaigh sé é sin.	22.2.2021

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
45.	Arcadio DELGADO ROSALES	Dáta breithe: 23 Meán Fómhair 1954 Inscne: fireann	Breitheamh agus Leas-Uachtarán ar an Constitutional Chamber of the Supreme Court (Tribunal Supremo de Justicia (TSJ)). Mar chomhalta den Constitutional Chamber of the Supreme Court, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí, ráitis agus rialuithe lenar forghabhadh cumhachtaí bunreachtúla an National Assembly agus lenar baineadh an bonn de chearta toghchánacha an fhreasúra lena n-áirítear an ceapachán aontaobhach a rinne an Supreme Court of the National Electoral Council (Consejo Nacional Electoral (CNE)) i mí an Mheithimh 2020 agus cur ar fionraí agus ionadú cheannaireacht na dtrí phríomhpháirtí freasúra i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2020, chomh maith le síneadh a chur leis an rialú maidir le Acción Democrática i mí Bealtaine 2021, go ceann bliana eile. Dá bhrí sin, lena chuid gníomhaíochtaí, baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, agus thacaigh sé leis an mbonn a bheith á bhaint den daonlathas agus den smacht reachta ag an mbrainse feidhmiúcháin agus d'éascaigh sé é sin.	22.2.2021
46.	Carmen Auxiliadora ZULETA DE MERCHÁN	Dáta breithe: 13 Nollaig 1947 Inscne: baineann	Breitheamh ar an Constitutional Chamber of the Supreme Court (Tribunal Supremo de Justicia (TSJ)). Mar chomhalta den Constitutional Chamber of the Supreme Court, tá sí freagrach as gníomhaíochtaí, ráitis agus rialuithe lenar forghabhadh cumhachtaí bunreachtúla an National Assembly agus lenar baineadh an bonn de chearta toghchánacha an fhreasúra lena n-áirítear an ceapachán aontaobhach a rinne an Supreme Court of the National Electoral Council (Consejo Nacional Electoral (CNE)) i mí an Mheithimh 2020 agus cur ar fionraí agus ionadú cheannaireacht na dtrí phríomhpháirtí freasúra i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2020, chomh maith le síneadh a chur leis an rialú maidir le Acción Democrática i mí Bealtaine 2021, go ceann bliana eile. Dá bhrí sin, lena cuid gníomhaíochtaí, baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala, agus thacaigh sí leis an mbonn a bheith á bhaint den daonlathas agus den smacht reachta ag an mbrainse feidhmiúcháin agus d'éascaigh sí é sin.	22.2.2021
47.	Indira Maira ALFONZO IZAGUIRRE	Dáta breithe: 29 Aibreán 1968 Áit bhreithe: La Guaira (La Guaira State, Venezuela) Uimhir Aitheantais: V-6978710 Inscne: baineann	Uachtarán ar an Electoral Chamber of the Supreme Court (Tribunal Supremo de Justicia (TSJ)) ó mhí Bealtaine 2021 i leith. Iarchathaoirleach ar an National Electoral Council (Consejo Nacional Electoral (CNE)) a ceapadh an 13 Meitheamh 2020. Iarchomhalta den Electoral Chamber agus den Plenary Chamber of the Supreme Court (TSJ), an Dara Leas-Chathaoirleach ar TSJ ó 2015 go dtí an 24 Feabhra 2017, Leas Chathaoirleach ar TSJ ón 24 Feabhra 2017 go dtí an 12 Meitheamh 2020. Mar chomhalta den Electoral Chamber de TSJ, tá Alfonso Izaguirre freagrach as na gníomhaíochtaí a rinneadh i gcoinne an National Assembly a bhí nuathofa ag an am i mí na Nollag 2015, arb é ba thoradh leo nárbh fhéidir leis an National Assembly a chumhacht reachtach a fheidhmiú. Thairis sin, ghlac sí lena ceapachán mar chathaoirleach ar CNE i mí an Mheithimh 2020, ceapachán a rinne TSJ cé gurb é sin sainphribhléid an National Assembly. Sa ról sin, d'eagraigh sí agus mhaoirsigh sí toghcháin neamhdhaonlathacha an National Assembly a tionóladh an 6 Nollaig 2020 agus ghlac sí páirt san athrú a rinneadh, an 30 Meitheamh 2020, ar na noirm thoghchánacha do na toghcháin sin, gan TSJ a fhágáil go foirmiúil (cead sealadach chun CNE a chomhtháthú). Tar éis athnuachan CNE i mBealtaine 2021, d'fhill sí ar TSJ. Dá bhrí sin, lena cuid gníomhaíochtaí, baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala.	22.2.2021

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
48.	Leonardo Enrique MORALES POLEO	Inscne: fireann	Iar-Leas-Uachtarán ar an National Electoral Council (Consejo Nacional Electoral (CNE)) agus Uachtarán ar an Political Participation and Financing Commission (Lúnasa 2020 - Bealtaine 2021). Cheap an Supreme Court (Tribunal Supremo de Justicia (TSJ)) Morales Poleo ina Leas-Uachtarán ar CNE agus ina Uachtarán ar an Political Participation and Financing Commission an 7 Lúnasa 2020 cé gurb é sin sainphribhléid an National Assembly. Thairis sin, díreach sular ceapadh é, bhí sé sa Advanced Progressive Party (Avanzada progresista). Mar chomhalta de CNE, ghlac sé páirt iomlán i maoirsiú an phróisis thoghchánaigh as a d'eascair toghcháin neamhdhaonlathacha an National Assembly an 6 Nollaig 2020. Dá bhrí sin, lena chuid gníomhaíochtaí, baineadh an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala.	22.2.2021
51.	Carlos Ramón Enrique CARVALLO GUEVARA	Uimhir Aitheantais: V-10132041 Inscne: fireann	Uachtarán ar an bhfiontar stáit Corporación Ecosocialista Ezequiel Zamora (CORPOEZ) ó mhí an Mhárta 2021 i leith. Rannán-Ghinearál, agus Leas-Stiúrthóir an Military Counter-Intelligence (Dirección General de Contrainteligencia Militar (DGCIM)) ón 21 Lúnasa 2020 go dtí an 11 Márta 2021. Comharba an Ghinearáil Rafael Ramón Blanco Marrero. Roimhe seo, bhí Carvallo Guevara ar fiannas le DGCIM i réigiún Los Andes agus bhí post uaschéime aige sa Bolivarian National Guard. Freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine i Veiniséala a rinne oifigigh de chuid DGCIM a bhí faoina cheannas. Sna torthaí a d'fhoilsigh an Mísean Neamhspleách Idirnáisiúnta Aimsithe Fíricí faoi Phoblacht Bholavarach Veiniséala le déanaí, cuirtear síos ar DGCIM mar institiúid atá freagrach go díreach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine.	22.2.2021
53.	Carlos Enrique TERÁN HURTADO	Uimhir Aitheantais: V-8042567 Inscne: fireann	Briogáidire-Ghinearál ón 5 Iúil 2019 i leith agus ceann ar an Special Directorate of Criminal Investigation of the Directorate General of Military Counter Intelligence (Dirección General de Contrainteligencia Militar (DGCIM)) ó 2019 go dtí 2021. I bhfeidhmeanna roimhe seo, bhí an Briogáidire-Ghinearál Terán Hurtado ina cheann ar na póilíní in Falcón State agus ina cheann ar DGCIM in Táchira State. Freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear íde chruálach mhídhaoimne ar dhaoine a bhí á gcoinneáil, a rinne oifigigh de chuid DGCIM a bhí faoina cheannas. Sna torthaí mionsonraithe ón Mísean Neamhspleách Idirnáisiúnta Aimsithe Fíricí faoi Phoblacht Bholavarach Veiniséala, luaitear go sonrach go bhfuil an Briogáidire-Ghinearál Terán Hurtado ar cheann de na gníomhaithe freagracha, agus go bhfuil baint aige le cás chaptaen de la Sotta.	22.2.2021

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
55.	Douglas Arnaldo RICO GONZÁLEZ	Dáta breithe: 28 Meán Fómhair 1969 Uimhir Aitheantais: V-6864238 Inscne: fireann	Stiúrthóir ar an Bureau for Scientific, Penal, and Criminal Investigation (Cuerpo de Investigaciones Científicas, Penales y Criminalísticas (CICPC)) ón 5 Feabhra 2016 i leith. Roimhe sin, bhí sé ina leas stiúrthóir ar CICPC. Freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine i Veiniséala a rinne oifigigh de chuid DGCIM a bhí faoina cheannas. Sa tuarascáil ón Mísean Neamhspleách Idirnáisiúnta Aimsithe Fíricí faoi Phoblacht Bholavarach Veiniséala, cuirtear síos ar CICPC mar institiúid a dhéanann sárúithe córasacha ar chearta an duine i Veiniséala. Tá baint ag CICPC le marúithe seachbhreithiúnacha chomh maith, de réir thuarascáil Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine a eisíodh an 16 Meitheamh 2021.	22.2.2021”.

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1960 ÓN gCOMHAIRLE
an 11 Samhain 2021**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1890 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise
ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1890 ón gComhairle an 11 Samhain 2019 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 11 Samhain 2019, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2019/1890.
- (2) Ar bhonn athbhreithniú ar na bearta, ba cheart na hiontrálacha atá i liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1890 a thabhairt cothrom le dáta.
- (3) Ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1890 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1890 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Samhain 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. POČIVALŠEK

⁽¹⁾ IO L 291, 12.11.2019, lch. 3.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1890, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 1 agus 2:

	Ainm	Faisnéis sainaitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"1.	Mehmet Ferruh AKALIN	<p>Dáta breithe: 9.12.1960</p> <p>Uimhir Phas nó Aitheantais: 13571379758</p> <p>Náisiúntacht: Turcach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Tá Mehmet Ferruh Akalin ina Leas-Uachtarán (Bainisteoir Cúnta Ginearálta) agus ina chomhalta ar Bhord Stiúrtóirí Chorparáid Pheitriliam na Tuirce (TPAO). Tá sé ina cheann ar Roinn Taiscéalaíochta TPAO.</p> <p>Ina cháil mar Leas-Uachtarán TPAO agus mar cheann na Roinne Taiscéalaíochta, tá Mehmet Ferruh Akalin freagrach as gníomhaíochtaí taiscéalaíochta hidreacarbóin amach ón gcósta de chuid TPAO a phleanáil, a stiúradh agus a chur chun feidhme. Áirítear orthu siúd gníomhaíochtaí druileála TPAO, nár údaraigh Poblacht na Cipire iad, mar a leagtar amach thíos.</p> <p>Rinne na soithí seo a leanas na gníomhaíochtaí druileála neamhúdraithe sin:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) soitheach druileála TPAO Yavuz i bhfarraige theorann Phoblacht na Cipire idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2019; (b) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, idir mí Dheireadh Fómhair 2019 agus mí Eanáir 2020; (c) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, agus i gcomhaontú le hIosrael, idir mí Eanáir agus mí Aibreáin 2020; (d) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, idir mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair 2020; (e) soitheach druileála TPAO Fatih i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe, an-ghar dá farraige theorann, idir mí na Samhna 2019 agus mí Eanáir 2020; (f) soitheach druileála TPAO Fatih i réimse thiar den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra do na Náisiúin Aontaithe ina leith, idir mí na Bealtaine agus mí na Samhna 2019. 	27.2.2020

	Ainm	Faisnéis sainaitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2.	Ali Coscun NAMOGLU	<p>Dáta breithe: 27.11.1956</p> <p>Uimhir Phas nó Aitheantais: 11096919534</p> <p>Náisiúntacht: Turcach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Tá Ali Coscun Namoglu ina Leas-Stiúrthóir ar Roinn Taiscéalaíochta Chorparáid Pheitriam na Tuirce (TPAO).</p> <p>Sa cháil sin, tá Ali Coscun Namoglu páirteach i ngníomhaíochtaí taiscéalaíochta hidreacarbóin amach ón gcósta de chuid TPAO a phleanáil, a stiúradh agus a chur chun feidhme. Áirítear orthu siúd gníomhaíochtaí druileála TPAO nár údaraigh Poblacht na Cipire iad, mar a leagtar amach thíos.</p> <p>Rinne na soithí seo a leanas na gníomhaíochtaí druileála neamhúdairithe sin:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) soitheach druileála TPAO Yavuz i bhfarraige theorann Phoblacht na Cipire idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2019; (b) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, idir mí Dheireadh Fómhair 2019 agus mí Eanáir 2020; (c) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, agus i gcomhaontú le hIosrael, idir mí Eanáir 2020 agus mí Aibreáin 2020; (d) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, idir mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair 2020; (e) soitheach druileála TPAO Fatih i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe, an-ghar dá farraige theorann, idir mí na Samhna 2019 agus mí Eanáir 2020; (f) soitheach druileála TPAO Fatih i réimse thiar den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra do na Náisiúin Aontaithe ina leith, idir mí na Bealtaine agus mí na Samhna 2019. 	27.2.2020"

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1961 ÓN gCOIMISIÚN
an 5 Lúnasa 2021

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun éabhlóid mhais na ngluaisteán nua paisinéirí a chláraítear in 2017, 2018 agus 2019 a chur san áireamh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear caighdeán astaíochta CO₂ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ba cheart an luach M₀ le haghaidh na mblianta 2022, 2023 agus 2024 dá dtagraítear in Airteagal 14(1) pointe (a) a bhunú ar bhonn mheánmhaise i riocht feidhmithe na ngluaisteán nua paisinéirí uile a cláraíodh san Aontas in 2017, 2018 agus 2019.
- (2) Bunaithe ar na luachanna a shonraítear i gCinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2019/582 ⁽²⁾, (AE) 2020/1035 ⁽³⁾ agus (AE) 2021/973 ⁽⁴⁾, ualaithe de réir líon na gclárúcháin nua i ngach ceann de na blianta sin, ba é 1 398,50 kg an mheánmhais i riocht feidhmithe na ngluaisteán nua paisinéirí a cláraíodh sna blianta féilire 2017, 2018 agus 2019.
- (3) Maidir leis na spriocanna astaíochtaí sonracha do mhonaróirí gluaisteán nua paisinéirí le haghaidh na mblianta 2022, 2023 agus 2024, ba cheart iad a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar amach i gCuid A, pointe 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631, agus úsáid á baint as luach M₀ 1 398,50.
- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/631 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I gCuid A, pointe 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála M₀:

"M₀ = 1 379,88 in 2021 agus 1 398,50 in 2022, 2023 agus 2024".

⁽¹⁾ IO L 111, 25.4.2019, lch. 13.

⁽²⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/582 ón gCoimisiún an 3 Aibreán 2019 lena ndeimhnítear nó lena leasaítear ríomh sealadach na meánastaíochtaí sonracha CO₂ agus spriocanna sonracha astaíochtaí do mhonaróirí feithiclí tráchtála éadroma le haghaidh na bliana féilire 2017 agus do ghrúpa Volkswagen lena gcuimsítear a bhail le haghaidh na mblianta féilire 2014, 2015 agus 2016 de bhun Rialachán (AE) 510/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 100, 11.4.2019, lch. 47).

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1035 ón gCoimisiún an 3 Meitheamh 2020 lena ndeimhnítear nó lena leasaítear ríomh sealadach na meánastaíochtaí sonracha CO₂ agus spriocanna astaíochtaí sonracha do mhonaróirí gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma le haghaidh na féilire 2018 de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa (IO L 227, 16.7.2020, lch. 37).

⁽⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/973 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2021 lena ndeimhnítear nó lena leasaítear ríomh sealadach na meánastaíochtaí sonracha CO₂ agus na spriocanna astaíochtaí sonracha do mhonaróirí gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma le haghaidh na bliana féilire 2019 agus don mhonaróir gluaisteán paisinéirí Dr Ing. h.c. F. Porsche AG agus do ghrúpa Volkswagen le haghaidh na mblianta féilire 2014 go 2018 de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 215, 17.6.2021, lch. 1).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Lúnasa 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1962 ÓN gCOIMISIÚN
an 12 Lúnasa 2021

lena gceartaítear Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 37(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Léirigh an fóru earráidí in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/217 ⁽²⁾ ón gCoimisiún, lenar leasaíodh an Iarscríbhinn sin, cuireadh roinnt substaintí leis i dTábla 3 de Chuid 3 de. Sna hiontrálacha a bhaineann leis na substaintí peinteaphotaisiam 2,2',2",2"',2""(eatán-1,2-dé-íolnitrilo) peinteaicéatáit, N-carbocsaimeitilaimínbis(eitilíntrilo)teitrea (aigéad aicéiteach) agus peinteasóidiam (carbocsalaitiol) aimínbis(eitilíntrilolo)teitreaicéatáit, tá earráidí a bhaineann leis an bhfocal comhartha. Aicmítear na substaintí sin, *inter alia*, mar thocsain sain-spriocorgáin, ilnochtadh catagóir 2, agus ba cheart iad a lipéadú, dá bhrí sin, trí úsáid a bhaint as an bhfocal comhartha 'Rabhadh' (a chomhfhreagraíonn don chód don fhocal comhartha 'Wng') i gcomhréir le Tábla 3.9.5 de Chuid 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/217, áfach, tugadh isteach, trí dhearmad, an cód don fhocal comhartha 'Dgr' (giorrúchán le haghaidh 'Contúirt') le haghaidh na substaintí sin. Ba cheart na hearráidí sin a cheartú.
- (2) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a cheartú dá réir.
- (3) Ós rud é go bhfuil feidhm ag forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/217 ina bhfuil an botún i bhfeidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2021, ba cheart feidhm a bheith ag ceartú na bhforálacha sin ón dáta sin.
- (4) Ar an gcaoi chéanna, d'fhonn forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/217 a léiriú, ba cheart cead a bheith ag soláthróirí na ceartúcháin a dhéantar leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar shubstaintí agus ar mheascáin roimh dháta a chur i bhfeidhm ar bhonn deonach.
- (5) Níor cheart a cheangal ar sholáthróirí lipéid agus pacáistí substaintí agus meascán a athrú, ar lipéid agus pacáistí iad a cuireadh ar an margadh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, chun costais neamhriachtanacha a sheachaint. Ós rud é go gcomhfhreagraíonn an cód don fhocal comhartha earráideach d'aicme ghuaise níos déine, fiú má choinnítear an focal comhartha comhfhreagrach ar an lipéad, ní laghdaítear an leibhéal cosanta do shláinte an duine,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An cód don fhocal comhartha "Dgr" sa seachtú colún "Pictegram, Cód/Cóid don Fhocal Comhartha" de Thábla 3 i gCuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 maidir leis na hiontrálacha a bhaineann le peinteapotaisiam 2,2',2",2"',2""(eatán-1,2-déilríló) peinteaicéatáit, N-carbocsaimeitilaimínbis(eitilíntrilolo)teitrea (aigéad aicéiteach) agus peinteasóidiam (carbocsalaitiol)aimínbis(eitilíntrilolo)traicéatáit, cuirtear an cód don fhocal comhartha "Wng" ina ionad.

⁽¹⁾ IO L 353, 31.12.2008, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/217 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/217 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear, chun críocha a oiriúnaithe do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán agus lena gceartaítear an Rialachán sin (IO L 44, 18.2.2020, lch. 1).

Airteagal 2

Ní bheidh sé de cheangal ar sholáthróirí lipéad nó pacáistiú substaintí nó meascán ina bhfuil siad a athrú, mar a léirítear in Airteagal 1, substaintí nó meascáin atá curtha ar an margadh acu i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 roimh an 15 Samhain 2021.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Deireadh Fómhair 2021.

De mhaolú ar an dara mír den Airteagal seo, féadfar na substaintí dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán seo agus na substaintí agus meascáin ina bhfuil siad a aicmiú, a lipéadú agus a phacáistiú, roimh an 1 Deireadh Fómhair 2021, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 arna cheartú leis an Rialachán seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Lúnasa 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1963 ÓN gCOIMISIÚN
an 8 Samhain 2021**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 a mhéid a bhaineann le córais bainistíochta
sábháilteachta in eagraíochtaí cothabhála agus lena gceartaítear an Rialachán sin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 17(1), pointe (g), Airteagal 62(14) agus (15) agus Airteagal 72(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún ⁽²⁾ leagtar síos na ceanglais maidir le haeracmhainneacht leanúnach na n-aerárthach, lena n-áirítear na ceanglais maidir le heagraíochtaí cothabhála.
- (2) I gcomhréir le pointe 3.1(b) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139, de réir mar is iomchúí don chineál gníomhaíochta a dhéanfar agus do mhéid na heagraíochta, ní mór d'eagraíochtaí cothabhála ceadaithe córas bainistíochta a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais fhíorriachtanacha a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, go ndéanfar rioscaí sábháilteachta a bhainistiú agus go bhféachfar leis an gcóras sin a fheabhsú go leanúnach.
- (3) De bhun Iarscríbhinn 19 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, a síníodh in Chicago an 7 Nollaig 1944 ("Coinbhinsiún Chicago"), maidir le heagraíochtaí cothabhála ceadaithe a chuireann seirbhísí ar fáil d'oibreoírí aerárthaí nó d'oibreoírí héileacaptar, ar oibreoírí iad atá ag gabháil d'aeriompar tráchtála, tá údarás inniúla le ceangal orthu córas bainistíochta sábháilteachta a chur chun feidhme.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart córas bainistíochta a thabhairt isteach le haghaidh gach eagraíochta cothabhála a chuimsítear faoi raon feidhme Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ("Cuid-145 eagraíochtaí cothabhála") d'fhonn Caighdeán Idirnáisiúnta agus Cleachtais Mholta na hEagraíochta um Eitlíocht Sibhialta Idirnáisiúnta ("ICAO") arna mbunú in Iarscríbhinn 19 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago a chomhlíonadh.
- (5) Tá ceanglas ar gach eagraíocht cothabhála a chuimsítear faoi raon feidhme Cuid-145 córas tuairiscithe tarluithe a shuí. Dá bhrí sin, ba cheart forálacha Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 a leasú chun a áirithiú go suífear na córais tuairiscithe mar chuid de chóras bainistíochta na n-eagraíochtaí agus go mbeidh na ceanglas ailínithe leis na ceanglais atá i Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾.
- (6) Chun eagraíochtaí cothabhála a chuimsítear faoi raon feidhme Cuid-145 atá formheasta mar eagraíochtaí Cuid-CAMO freisin a chur san áireamh, is iomchúí na forálacha ginearálta chomh maith leis na ceanglais ar údarás inniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn II (Cuid-145) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 a chomhchuíbhíú leis na forálacha ginearálta agus na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn Vc (Cuid-CAMO) a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin.

⁽¹⁾ IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir le haeracmhainneacht leanúnach na n-aerárthach agus táirgí, páirteanna agus fearais aerloingseoireachta, agus maidir le formheas na n-eagraíochtaí agus an phearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin (IO L 362, 17.12.2014, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht sibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún (IO L 122, 24.4.2014, lch. 18).

- (7) Ba cheart go mbeadh idirthréimhse leordhóthanach ann chun go bhféadfadh na heagraíochtaí cothabhála na rialacha agus na nósanna imeachta nua a thugtar isteach leis an Rialachán seo a chomhlíonadh.
- (8) Níl forálacha i Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ maidir le heisiúint ceadúnas d'aerinnealtóirí. Dá bhrí sin, ba cheart pointí 145.A.30(j)(3) agus (4) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 a leasú chun an tagairt do cheadúnais aerinnealtóra a scriosadh. Maidir leis na húdaruithe teoranta le haghaidh deimhniúcháin cothabhála atá ann cheana, ar údaruithe iad a eisíodh chuig na haerinnealtóirí sin ar bhonn na bhforálacha sin, ba cheart iad a bheith bailí go dtí go rachaidh siad in éag nó go dtí go ndéanfar iad a chúlghairm. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 5 a leasú dá réir sin.
- (9) Dá réir sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 a leasú.
- (10) Tá tagairtí do ghnéithe éagsúla de phointe M.A.801 i bpointe M.A.403(b) d'Iarscríbhinn I (Cuid-M) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 agus in Aguisín VII a ghabhann le hIarscríbhinn I (Cuid-M) a ghabhann leis an Rialachán sin. De bhrí go bhfuil Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1383 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾ curtha in ionad pointe M.A.801, ba cheart pointe M.A.403(b) agus Aguisín VII a leasú dá réir sin.
- (11) Rinneadh pointe M.A.904 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 a leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1383 chun na forálacha allmhairiúcháin a leathnú go haerárthaí a thagann as córas rialúcháin nach bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1139 ann. Ba cheart an leasú céanna a dhéanamh freisin i bpointe ML.A.906 d'Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 chun raon feidhme forálacha allmhairiúcháin Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a chomhchuíbhiú le forálacha Iarscríbhinn I (Cuid-M). Dá réir sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 a leasú.
- (12) Tagraíonn pointe M.A.502(c) d'Iarscríbhinn I (Cuid-M) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 d'eagraíochtaí de rátáil B. De bhrí nach bhfuil aon eagraíocht de rátáil B in Iarscríbhinn Vd (Cuid-CAO), ba cheart tagairt a bheith i bpointe M.A.502(c) do "eagraíocht chothabhála aerárthaí". Dá bhrí sin, ba cheart pointe M.A.502 (c) d'Iarscríbhinn I (Cuid-M) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 a leasú.
- (13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo bunaithe ar Thuairim Uimh. 4/2020 ⁽⁶⁾ ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) de bhun Airteagal 75(2) pointe (b) agus Airteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139.
- (14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 127(1) de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 mar a leanas:

- (1) In Airteagal 4, cuirtear an mhír 7 seo a leanas leis:

"7. De mhaolú ar phointí (1) agus (2) de phointe 145.B.350(d) d'Iarscríbhinn II (Cuid-145), féadfaidh eagraíocht cothabhála ag a bhfuil deimhniú ceadaithe bailí arna eisíúint i gcomhréir le hIarscríbhinn II (Cuid-145), go dtí an 2 Nollaig 2024, aon chinneadh maidir le neamhchomhlíonadh a bhaineann le ceanglais Iarscríbhinn II a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2021/1963 ^(*) ón gCoimisiún a cheartú.

I gcás nach mbeidh na cinntí den sórt sin curtha i gcrích ag an eagraíocht tar éis an 2 Nollaig 2024, déanfar an deimhniú ceadaithe a chúlghairm, a theorannú nó a chur ar fionraí ina iomláine nó i bpáirt.”;

^(*) (IO L 400, 12.11.2021, lch. 18).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirme eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 311, 25.11.2011, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1383 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2019 lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 a mhéid a bhaineann le córais bainistíochta sábháilteachta in eagraíochtaí um bainistíú leanúnach aeracmhainneachta agus maoluithe le haghaidh aerárthaí ginearálta eitlíochta a bhaineann le cothabháil agus bainistíú leanúnach aeracmhainneachta (IO L 228, 4.9.2019, lch. 1).

⁽⁶⁾ <https://www.easa.europa.eu/document-library/opinions>

(2) In Airteagal 5, cuirtear an mhír 7 seo a leanas leis:

“7. Maidir le húdaruithe teoranta le haghaidh deimhniúchán foirne, ar údaruithe iad a eisíodh chuig sealbhóirí ceadúnais aerinnealtóra de bhun pointe 145.A.30(j)(3) nó (4) d'Iarscríbhinn II (Cuid-145) roimh an 2 Nollaig 2022, ba cheart iad a bheith fós bailí go dtí go rachaidh siad in éag nó go dtí go ndéanfaidh an eagraíocht cothabhála iad a chúlghairm.”;

(3) Leasaítear Iarscríbhinn I (Cuid-M) i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(4) Leasaítear Iarscríbhinn II (Cuid-145) i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(5) Leasaítear Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML) i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Ceartaítear Iarscríbhinn I (Cuid-M) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 2 Nollaig 2022.

Mar sin féin, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas ón 2 Nollaig 2021:

(a) Airteagal 2;

(b) Iarscríbhinn I, pointe (2) agus pointe (4);

(c) Iarscríbhinn III.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Samhain 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I (Cuid-M) mar a leanas:

- (1) sa chláir, cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Aguisín IV:

“Aguisín IV — Córas aicmithe agus rátála le haghaidh théarmaí ceadaithe eagraíochtaí cothabhála dá dtagraítear in Iarscríbhinn I (Cuid-M), Fochuid F”;

- (2) i bpointe M.A.403, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) An pearsanra deimhnithe dá dtagraítear i bpointe M.A.801(b)(1) nó i bhFochuid F den Iarscríbhinn seo nó in Iarscríbhinn II (Cuid-145) nó in Aguisín Vd (Cuid-CAO), nó an duine atá údaraithe i gcomhréir le pointe M.A.801 (c) den Iarscríbhinn seo, is eisean amháin a fhéadfaidh a chinneadh, trí úsáid a bhaint as sonraí cothabhála dá dtagraítear i bpointe M.A.401 den Iarscríbhinn seo, cé acu a chuireann fabht aerárthaigh an tsábháilteacht eiltile go mór i mbaol nó nach gcuireann, agus dá bhrí sin, féadfaidh sé a chinneadh cén beart coigeartaithe a dhéanfar sula dtabharfar faoi thuilleadh eiltile agus cén uair a dhéanfar é agus cén coigeartú fabht is féidir a chur siar. Ní bheidh feidhm ag an méid sin, áfach, nuair a bhaineann an píolóta nó an pearsanra deimhnithe úsáid as an íoslíosta trealaimh.”;

- (3) Leasaítear Aguisín IV mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

“Aguisín IV

Córas aicmithe agus rátála le haghaidh théarmaí ceadaithe eagraíochtaí cothabhála dá dtagraítear in Iarscríbhinn I (Cuid-M), Fochuid F”;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 1 agus 2:

“1. Ach amháin nuair a shonraítear a mhalairt i gcás na n-eagraíochtaí is lú dá dtagraítear i bpointe 11, déantar foráil sa tábla i bpointe 12 maidir leis an gcóras caighdeánach chun eagraíocht chothabhála dá dtagraítear in Iarscríbhinn I (Cuid-M), Fochuid Fa fhorhmeas. Maidir leis an gceadú nach mór a dheonú d’eagraíocht, ní mór é a bheith sa réimse idir aon aicme amháin agus aon rátáil amháin, iad faoi réir ag teorainneacha, agus gach aicme agus rátáil, iad faoi réir ag teorainneacha.

2. Sa bhreis ar an tábla dá dtagraítear i bpointe 12, ceanglaítear ar an eagraíocht chothabhála cheadaithe raon feidhme a hoibre a léiriú i lámhleabhar na heagraíochta cothabhála.”;

- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 8 go 12:

“8. Beartaítear leis an roinn *teorainn* an tsolúbthacht a thabhairt do na húdaráis inniúla an ceadú a chur in oiriúint d’aon eagraíocht ar leith. Ní luafar rátálacha ar an gceadú go dtí go ndéantar iad a theorannú go hiomchuí. Sonraítear sa tábla dá dtagraítear i bpointe 12 na cineálacha teorann is féidir a bheith ann. Cé gur san áit dheireanach a liostaítear cothabháil i ngach rátáil aicme, tá sé inghlactha an cúram cothabhála a chur i dtábhacht seachas an t-aerárthach nó an cineál innill nó an monaróir, más oiriúnaí sin don eagraíocht (mar shampla córais eitleonaice a shuiteáil agus an chothabháil lena mbaineann). Leis an lua sin sa roinn teorannacha, léirítear go bhfuil an eagraíocht chothabhála formheasta chun cothabháil a dhéanamh suas go dtí an cineál/cúram áirithe sin, an cineál/cúram sin san áireamh.

9. Nuair a bhaintear úsáid as na téarmaí *sraith*, *cineál agus grúpa* i roinn teorannacha aicmí A agus B, ciallaíonn ‘sraith’ sraith de chineál sonracha amháin Cessna 150 nó Cessna 172 nó an tsraith Beech 55 nó an tsraith Continental O-200, etc.; ciallaíonn ‘cineál’ cineál nó múnla sonracha amháin an cineál Cessna 172RG; is féidir aon líon sraitheanna nó cineálacha a lua; ciallaíonn ‘grúpa’ mar shampla, ‘aerárthach innill aonloine Cessna’ nó ‘innill loiní neamh-shárluchtaithe Lycoming’, etc.

10. Nuair a bhaintear úsáid as *liosta fada cumais* a d’fhéadfaidh a bheith faoi réir leasuithe go minic, féadfar na leasuithe sin a dhéanamh i gcomhréir leis an nós imeachta ceadaithe indíriú dá dtagraítear i bpointí M. A.604(c) agus M.B.606(c).

11. Eagraíocht chothabhála nach bhfuil ach fostaí amháin aici chun an chothabháil uile a phleanáil agus a thabhairt i gcrích, ní fhéadfar ach raon feidhme teoranta a bheith ag a rátáil cheadaithe. Is iad seo a leanas na huasteorainneacha is incheadaithe:

AICME	RÁTÁIL	TEORAINN
AICME AERÁRTHAÍ	RÁTÁIL A2 EITLEÁIN 5 700 KG AGUS FAOINA BHUN SIN	INNEALL LOINÍ 5 700 KG AGUS FAOINA BHUN SIN
AICME AERÁRTHAÍ	RÁTÁIL A3 HÉILEACPTAIR	INNEALL AONLOINE 3 175 KG AGUS FAOINA BHUN SIN
AICME AERÁRTHAÍ	RÁTÁIL A4 AERÁRTHAÍ SEACHAS A1, A2 AGUS A3	NÍ ANN DO THEORAINN
AICME INNILL	RÁTÁIL B2 LOINE	NÍOS LÚ NÁ 450 HP
AICME COMHPHÁIRTEANNA SEACHAS INNILL IOMLÁNA AGUS AONAIID CHUMHACHTA CHÚNTA (APUnna).	C1 GO C22	DE RÉIR AN LIOSTA CUMAIS
AICME SPEISIALAITHE	D1 TÁSTÁIL NEAMHSCRÍOSACH (TNS)	MODH(ANNA) TNS LE SONRÚ.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfar an t-údarás inniúil eagraíocht sin a theorannú a thuilleadh i dtéarmaí an cheadaithe ag brath ar acmhainneacht na heagraíochta sin.

12. Tábla

AICME	RÁTÁIL	TEORAINN	COTHABHÁIL THROM	GNÁTHCHO-THABHÁIL
AERÁRTHAÍ	A2 Eitleáin 5 700 kg agus faoina bhun sin	[Sonrófar monaróir nó grúpa nó sraith nó cineál an eitleáin agus/nó an cúram/na cúraimí cothabhála] <i>Sampla: Sraith 'DHC-6 Twin Otter'</i> Sonraigh cé acu a údaraítear deimhnithe ar athbhreithniú aeracmhainneachta a eisiúint nó nach n-údaraítear	[ÚDARAÍ-TEAR/NÍ ÚDARAÍ-TEAR] (*)	[ÚDARAÍTEAR/NÍ ÚDARAÍ-TEAR] (*)
	A3 Héileacaptair	[Sonrófar monaróir nó grúpa nó sraith nó cineál an héileacaptair agus/nó an cúram/na cúraimí cothabhála] <i>Sampla: Robinson R44</i>	[ÚDARAÍ-TEAR/NÍ ÚDARAÍ-TEAR] (*)	[UDARAÍTEAR/NÍ ÚDARAÍ-TEAR] (*)
	A4 Aerárthaí seachas A1, A2 agus A3	[Sonrófar an chatagóir aerárthaigh (seoleitleán, balún, aerlong, etc.), monaróir nó grúpa nó sraith nó cineál an aerárthaigh agus/nó an cúram/na cúraimí cothabhála] Sonraigh cé acu a údaraítear deimhnithe ar athbhreithniú aeracmhainneachta a eisiúint nó nach n-údaraítear	[ÚDARAÍ-TEAR/NÍ ÚDARAÍ-TEAR] (*)	[ÚDARAÍTEAR/NÍ ÚDARAÍ-TEAR] (*)";

INNILL	B1 Tuirbín	[Sonrófar sraith nó cineál an innill agus/nó an cúram/na cúraimí cothabhála] <i>Sampla: Sraith PT6A</i>
	B2 Loine	[Sonrófar monaróir nó grúpa nó sraith nó cineál an innill agus/nó an cúram/na cúraimí cothabhála]
	B3 APU	[Sonrófar monaróir nó sraith nó cineál an innill agus/nó an cúram/na cúraimí cothabhála]
COMHPHÁIR- TEANNA SEACHAS INNILL IOMLÁNA NÓ APUnna	C1 Aerchóiriú & Aerbhrú	[Sonrófar an cineál aerárthaigh nó monaróir an aerárthaigh nó monaróir na comhpháirte nó an chomhpháirt ar leith agus/nó déanfar crostagairt do liosta acmhainneachta sa lámhleabhar agus/nó an cúram/na cúraimí cothabhála.] <i>Sampla: PT6A Rialaitheoir Breosla</i>
	C2 Uatheitilt	
	C3 Cumarsáid agus Aerloingseoireacht	
	C4 Dorais — Haistí	
	C5 Cumhacht Leictreach & Soilse	
	C6 Trealamh	
	C7 Inneall — APU	
	C8 Rialtáin eitilte	
	C9 Breosla	
	C10 Héileacaptar — Rótair	
	C11 Héileacaptar — Tras-seoladh	
	C12 Cumhacht Hidrálach	
	C13 Córas tascach agus taifeadta	
	C14 Fearas tuirlingthe	
	C15 Ocsaigin	
	C16 Liáin	
	C17 Neomatach & Folús	
	C18 Cosaint — oighear/báisteach/dóiteán	
	C19 Fuinneoga	
	C20 Struchtúrach	
	C21 Ballasta uisce	
	C22 Breisiú Tiomána	

SEIRBHÍ SPEISIA- LAITHE	D1 Tástáil Neamhscriosach	[Sonrófar modh(anna) ar leith TNS]
-------------------------------	------------------------------	------------------------------------

(*) Scrios de réir mar is iomchuí;

(d) scriostar pointe 13.

(4) in Aguisín VII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

“Is éard atá sa mhéid seo a leanas na cúraimí cothabhála casta dá dtagraítear i bpointe M.A.801(b):”.

—

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn II (Cuid-145) mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chláir:

“CLÁR

145.1 Údarás inniúil

ROINN A — CEANGLAIS THEICNIÚLA AGUS CEANGLAIS AR NA HEAGRAÍOCHTAÍ

145.A.10 Raon feidhme

145.A.15 Iarratas ar dheimhniú eagraíochta

145.A.20 Téarmaí an cheadaithe agus raon feidhme na hoibre

145.A.25 Ceanglais maidir le saoráidí

145.A.30 Ceanglais maidir le pearsanra

145.A.35 Pearsanra deimhnithe agus pearsanra tacaíochta

145.A.37 Pearsanra athbhreithnithe aeracmhainneachta

145.A.40 Trealamh agus uirlisí

145.A.42 Comhphárteanna

145.A.45 Sonraí cothabhála

145.A.47 Pleanáil táirgeachta

145.A.48 Cothabháil a thabhairt i gcrích

145.A.50 Cothabháil a dheimhniú

145.A.55 Taifid a choimeád

145.A.60 Tarluithe a thuairisciú

145.A.65 Nósanna imeachta cothabhála

145.A.70 Lámhleabhar na heagraíochta cothabhála (LEC)

145.A.75 Pribhléidí na heagraíochta

145.A.85 Athruithe ar an eagraíocht

145.A.90 Bailíocht leanúnach

145.A.95 Torthaí

145.A.120 Modhanna comhlíontachta

145.A.140 Rochtain

145.A.155 Freagairt láithreach ar fhadhb sábháilteachta

145.A.200 Córas bainistíochta

145.A.202 Scéim inmheánach tuairiscithe sábháilteachta

145.A.205 Conraitheoireacht agus fochonraitheoireacht

ROINN B — CEANGLAIS AR AN ÚDARÁS

145.B.005 Raon feidhme

145.B.115 Doiciméadacht formhaoirseachta

145.B.120 Modhanna comhlíonta

145.B.125 Faisnéis don Ghníomhaireacht

145.B.135 Freagairt láithreach ar fhadhb sábháilteachta

- 145.B.200 Córas bainistíochta
- 145.B.205 Cúraimí a shannadh d'eintitis cháilithe
- 145.B.210 Athruithe ar an gcóras bainistíochta
- 145.B.220 Taifid a choimeád
- 145.B.300 Prionsabail formhaoirseachta
- 145.B.305 Clár formhaoirseachta
- 145.B.310 Nós imeachta deimhnithe tosaigh
- 145.B.330 Athruithe — eagraíochtaí
- 145.B.350 Torthaí agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha; barúlacha
- 145.B.355 Fionraíocht, teorannú agus cúlghairm
- Aguisín I — Deimhniú Údaraithe um Scaoileadh Iarchothabhála — Foirm 1 EASA
- Aguisín II — Córas aicmithe agus rátála le haghaidh théarmaí ceadaithe eagraíochtaí cothabhála a thagann faoi réim Chuid-145
- Aguisín III — Deimhniú eagraíochta cothabhála — Foirm 3-145 EASA
- Aguisín IV — Coinníollacha maidir le pearsanra a úsáid nach bhfuil cáilithe i gcomhréir le hIarscríbhinn III (Cuid-66) dá dtagraítear i bpointí 145.A.30(j)1 agus 2”;

- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 145.1:

“145.1 Údarás inniúil

Chun críoch na hIarscríbhíne seo:

- (1) i gcás eagraíochtaí a bhfuil a bpríomháit ghnó i gcríoch a bhfuil Ballstát freagrach aisti faoin gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, Coinbhinsiún a síníodh in Chicago an 7 Nollaig 1944 (‘Coinbhinsiún Chicago’), is é an t-údarás arna ainmniú ag an mBallstát sin, nó ag Ballstát eile i gcomhréir le hAirteagal 64 de Rialachán (AE) 2018/1139 an t-údarás inniúil, nó is é an Ghníomhaireacht an t-údarás inniúil i gcás inar ath-leithdháileadh an fhreagracht ar an nGníomhaireacht i gcomhréir le hAirteagail 64 nó 65 de Rialachán (AE) 2018/1139, nó
 - (2) i gcás eagraíochtaí a bhfuil a bpríomháit ghnó lasmuigh de chríoch a bhfuil Ballstát freagrach aisti faoi Choinbhinsiún Chicago, is é an Ghníomhaireacht an t-údarás inniúil.”;
- (3) i Roinn A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

“ROINN A

CEANGLAIS THEICNIÚLA AGUS CEANGLAIS AR NA HEAGRAÍOCHTAÍ”;

- (4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 145.A.10:

“145.A.10 Raon feidhme

Leis an Roinn seo, leagtar síos na ceanglais atá le comhlíonadh ag eagraíocht le bheith i dteideal eisiúint nó athnuachan deimhnithe ceadaithe chun aerárthaí agus comhphárteanna a chothabháil.”;

- (5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 145.A.15:

“145.A.15 Iarratas ar dheimhniú eagraíochta

- (a) Iarratas ar dheimhniú nó ar leasú a dhéanamh ar dheimhniú atá ann cheana i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo, déanfar é i bhfoirm agus ar bhealach a bhunóidh an t-údarás inniúil, agus na ceanglais is infheidhme d'Iarscríbhinn I (Cuid-M), d'Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML) agus den Iarscríbhinn seo á gcur san áireamh.
 - (b) Soláthróidh iarratasóirí ar dheimhniú tosaigh de bhun na hIarscríbhíne seo na nithe seo a leanas don údarás inniúil:
 1. torthaí reámhiniúchta a dhéanfaidh an eagraíocht de réir na gceanglas is infheidhme dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I (Cuid-M), in Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML) agus san Iarscríbhinn seo;
 2. doiciméadacht lena léirítear an bealach lena gcomhlíonfaidh siad na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo.”;
- (6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 145.A.20:

“145.A.20 Téarmaí an cheadaithe agus raon feidhme na hoibre

- (a) Sonrófar raon feidhme obair na heagraíochta i lámhleabhar na heagraíochta cothabhála (LEC) i gcomhréir le pointe 145.A.70.
 - (b) Comhlíonfaidh an eagraíocht téarmaí an cheadaithe a ghabhann leis an deimhniú eagraíochta arna eisiúint ag an údarás inniúil, agus raon feidhme na hoibre a shonraítear sa LEC.”;
- (7) leasaítear pointe 145.A.30 mar a leanas:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a), (b) agus (c):

“(a) Ceapfaidh an eagraíocht bainisteoir cuntasach a bhfuil údarás corparáideach aige chun a áirithiú gur féidir gníomhaíochtaí cothabhála uile na heagraíochta a mhaoiniú agus a thabhairt i gcrích i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmlichte agus a ghníomhartha cur chun feidhme. Déanfaidh an bainisteoir cuntasach na nithe seo a leanas:

1. a áirithiú go mbeidh na hacmhainní go léir is gá ar fáil chun cothabháil a chur i gcrích i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo, le hIarscríbhinn I (Cuid-M) agus le Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML), de réir mar is infheidhme, chun tacú leis an deimhniú eagraíochta;

2. an beartas sábháilteachta a shonraítear i bpointe 145.A.200(a)(2) a leagan síos agus a chur chun cinn;
 3. tuiscint bhunúsach ar an Rialachán seo a léiriú.
- (b) Ainmneoidh an bainisteoir cuntasach duine nó grúpa daoine a dhéanfaidh ionadaíocht don struchtúr bainistíochta maidir leis na feidhmeanna cothabhála agus ar a mbeidh an fhreagracht a áirithiú go n-oibríonn an eagraíocht i gcomhréir leis an LEC agus leis na nósanna imeachta ceadaithe. Sonrófar go soiléir sna nósanna imeachta an duine a dhéanann ionadaíocht do dhuine ar leith i gcás go bhfuil an duine sin as láthair ar feadh tréimhse fhada.
- (c) Ainmneoidh an bainisteoir cuntasach duine nó grúpa daoine a bheidh freagrach as an bhfeidhm faireacháin ar chomhlíonadh a bhainistiú mar chuid den chóras bainistíochta.”;
- (b) cuirtear na pointí (ca), (cb) agus (cc) seo a leanas isteach:
- “(ca) Ainmneoidh an bainisteoir cuntasach duine nó grúpa daoine a bheidh freagrach as forbairt, as riar agus as cothabháil próiseas sábháilteachta éifeachtach a bhainistiú mar chuid den chóras bainistíochta.
- (cb) Beidh an duine nó an grúpa daoine a ainmneofar i gcomhréir le pointí (b), (c) agus (ca) freagrach don bhainisteoir cuntasach agus beidh rochtain ag an duine nó ag an ngrúpa daoine ar an mbainisteoir sin chun é nó í a choinneáil ar an eolas mar is ceart faoi chúrsaí comhlíontachta agus sábháilteachta.
- (cc) Beidh an duine nó an grúpa daoine a ainmneofar i gcomhréir le pointí (b), (c) agus (ca) in ann a léiriú go bhfuil an t-eolas ábhartha, an cúlra, agus taithe shásúil aige i réimse na cothabhála aerárthaí nó comhpháirteanna agus léireofar buneolas ar an Rialachán seo.”;
- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (d) agus (e):
- “(d) Beidh plean daonuireanta cothabhála ag an eagraíocht chun a áirithiú go bhfuil pearsanra leordhóthanach aici a bhfuil na cáilíochtaí iomchuí acu chun gníomhaíochtaí na heagraíochta a phleanáil agus a thabhairt i gcrích agus chun maoirseacht, cigireacht agus faireachán a dhéanamh orthu i gcomhréir le téarmaí an cheadaithe. Lena chois sin, beidh nós imeachta ag an eagraíocht chun athmheasúnú a dhéanamh ar an obair atá beartaithe nuair is lú infhaighteacht iarmhír an phearsanra le hais an leibhéil foirne a bhí beartaithe le haghaidh seal nó tréimhse oibre áirithe.
- (e) Bunóidh agus rialóidh an eagraíocht inniúlacht an phearsanra atá bainteach le haon chothabháil, athbhreithnithe aeracmhainneachta, bainistíocht sábháilteachta agus faireachán ar chomhlíonadh i gcomhréir le nós imeachta agus de réir caighdeán a chomhaontófar leis an údarás inniúil. Sa bhreis ar an saineolas is gá a bhaineann le feidhm an phoist, ní mór tuiscint ar chur i bhfeidhm phrionsabail na bainistíochta sábháilteachta a bheith ina cuid d’inniúlacht an phearsanra, lena n-áirítear tosca daonna agus saincheisteanna a bhaineann le feidhmíocht an duine, tuiscint atá oiriúnach dá bhfeidhm agus dá bhfreagrachtaí san eagraíocht.”;
- (d) leasaítear pointe (j) mar a leanas:
- (a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:
- “(j) De mhaolú ar phointí (g) agus (h), i ndáil leis an oibleagáid Iarscríbhinn III (Cuid-66) a chomhlíonadh, féadfaidh an eagraíocht pearsanra deimhnithe agus pearsanra tacaíochta a úsáid atá cáilithe i gcomhréir leis na forálacha seo a leanas.”;
- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (1) go (4):
- “1. I gcás cothabháil throm a dhéantar ar shuíomh atá lasmuigh de chríoch a bhfuil Ballstát freagrach aisti faoi Choinbhinsiún Chicago, féadfaidh an pearsanra deimhnithe agus an pearsanra tacaíochta a bheith cáilithe i gcomhréir le rialacháin eitlíochta náisiúnta an Stáit ina bhfuil an tsaoráid cothabhála troime lonnaithe, faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear in Aguisín IV a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.
2. I gcás gnáthchothabháil a dhéantar i stáisiún gnáthchothabhála atá lonnaithe lasmuigh de chríoch a bhfuil Ballstát freagrach aisti faoi Choinbhinsiún Chicago, féadfaidh an pearsanra deimhnithe a bheith cáilithe, faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear in Aguisín IV a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, i gcomhréir leis na coinníollacha malartacha seo a leanas:
- rialacháin eitlíochta náisiúnta an Stáit ina bhfuil an stáisiún gnáthchothabhála lonnaithe;
 - rialacháin eitlíochta náisiúnta an Stáit ina bhfuil príomháit ghnó na heagraíochta lonnaithe.

3. I gcás treoir maidir le cúraimí atriallacha aeracmhainneachta réamheiltle ina luaitear go sonrach go bhféadfaidh an fhoireann eiltle na cúraimí aeracmhainneachta sin a dhéanamh, féadfaidh sé go n-eiseoidh an eagraíocht cead teoranta deimhniú a thabhairt don phiólóta ar bhonn an cheadúnais pearsanra eiltle atá ag an bpiólóta. Sa chás sin, áiritheoidh an eagraíocht go bhfuil oiliúint phraiticiúil leordhóthanach déanta ag an bpiólóta lena n-áiritheofar go mbeidh an piólóta in ann an treoir maidir le haeracmhainneacht a chur i gcrích.
4. Má oibrítear aerárthach ar shuíomh nach bhfuil tacaíocht ar fáil dó ann, féadfaidh sé go n-eiseoidh an eagraíocht cead teoranta deimhniú a thabhairt don phiólóta ar bhonn an cheadúnais pearsanra eiltle atá ag an bpiólóta, faoi réir í a bheith sásta go bhfuil oiliúint phraiticiúil leordhóthanach déanta ag an bpiólóta lena áirithiú gur féidir leis an bpiólóta an cúram sonraithe a chur i gcrích.”;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (k):

“(k) Má dhéanann an eagraíocht athbhreithnithe aeracmhainneachta agus má eisíonn sí an deimhniú comhfhreagrach ar athbhreithniú aeracmhainneachta i gcomhréir le pointe ML.A.903 d'Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML), beidh pearsanra athbhreithnithe aeracmhainneachta aici atá cáilithe agus údaraithe i gcomhréir le pointe 145.A.37.”;

(8) leasaítear pointe 145.A.35 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (d), (e) agus (f):

“(d) Áiritheoidh an eagraíocht go gcuirfeadh oiliúint leanúnach leordhóthanach ar an bpearsanra deimhnithe agus ar an bpearsanra tacaíochta uile i ngach tréimhse 2 bhliain chun a áirithiú go mbeidh eolas cothrom le dáta acu ar theicneolaíochtaí ábhartha, ar nósanna imeachta eagraíochta agus ar bhainistíocht sábháilteachta, lena n-áirítear saincheistanna a bhaineann le tosca daonna.

(e) Bunóidh an eagraíocht clár um oiliúint leanúnach le haghaidh pearsanra deimhnithe agus pearsanra tacaíochta, lena n-áirítear nós imeachta chun a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha ábhartha an phointe seo agus nós imeachta chun a áirithiú go comhlíonfar Iarscríbhinn III (Cuid-66).

(f) Cé is moite de na cásanna gan choinne a shonraítear i bpointe 145.A.30(j)(5), déanfaidh an eagraíocht measúnú ar an bpearsanra deimhnithe uile maidir lena n-inniúlacht, lena gcáilíochtaí agus lena gcumas a ndualgais deimhnithe atá beartaithe a chomhlíonadh i gcomhréir le nós imeachta sa LEC sula n-eiseofar nó sula n-atheiseofar cead deimhniú a thabhairt don phearsanra sin faoin Iarscríbhinn seo.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (i) go (n):

“(i) An duine nó na daoine dá dtagraítear i bpointe 145.A.30(c) atá freagrach as an bhfeidhm faireacháin ar chomhlíonadh, fanfaidh siad freagrach freisin as ceadanna deimhniú a thabhairt a eisiúint do phearsanra deimhnithe. Féadfaidh an pearsanra sin daoine eile a ainmniú chun ceadanna deimhniú a thabhairt a eisiúint iarbhrí nó a chúlghairm iarbhrí i gcomhréir le nós imeachta in LEC.

(j) Soláthróidh an eagraíocht cóip dá gcead deimhniú a thabhairt do phearsanra deimhnithe i bhformáid dhoiciméadaithe nó i bhformáid leictreonach.

(k) Taispeánfaidh pearsanra deimhnithe a gcead deimhniú a thabhairt d'aon duine údaraithe laistigh de 24 uair an chloig.

(l) Ní mór do phearsanra deimhnithe agus do phearsanra tacaíochta a bheith 21 bhliain d'aois ar a laghad.

(m) Ní fhéadfaidh sealbhóir ceadúnais cothabhála aerárthaí de chatagóir A pribhléidí deimhniúcháin a fheidhmiú ar chineál sonrach aerárthaigh ach amháin tar éis an oiliúint ábhartha ar chúraimí aerárthaí de chatagóir A a chur i gcrích go sásúil, ar oiliúint í a sholáthróidh eagraíocht atá formheasta go hiomchuí i gcomhréir le hIarscríbhinn II (Cuid-145) nó le hIarscríbhinn IV (Cuid-147). San oiliúint sin beidh oiliúint phraiticiúil agus oiliúint theoriciúil de réir mar is iomchuí le haghaidh gach cúraim a údaraithe. Léireofar gur cuireadh an oiliúint i gcrích go sásúil le scrúdú nó le measúnú san ionad oibre a sholáthróidh an eagraíocht.

(n) Ní fhéadfaidh sealbhóir ceadúnais cothabhála aerárthaí de chatagóir B2 na príbhléidí deimhniúcháin a bhfuil tuairisc orthu i bpointe 66.A.20(a)(3)(ii) d'Iarscríbhinn III (Cuid-66) a fheidhmiú ach amháin tar éis na nithe seo a leanas a chur i gcrích go sásúil:

(i) an oiliúint ábhartha ar chúraimí aerárthaí de chatagóir A; agus

(ii) 6 mhí de thaití phraiticiúil dhoiciméadaithe lena gcumhdaítear raon feidhme an cheada a eiseofar.

San oiliúint ar na cúraimí sin beidh oiliúint phraiticiúil agus oiliúint theoriciúil de réir mar is iomchuí le haghaidh gach cúraim a údaraítear. Léireofar gur cuireadh an oiliúint i gcrích go sásúil le scrúdú nó le measúnú san ionad oibre. An eagraíocht chothabhála a eisióinn an cead pearsanra deimhnithe, is í a sholáthróidh an oiliúint ar na cúraimí agus an scrúdú/measúnú. Gheofar an taití phraiticiúil laistigh den eagraíocht chothabhála sin freisin.”;

(c) scriostar pointe (o).

(9) scriostar pointe 145.A.36;

(10) cuirtear an pointe 145.A.37 seo a leanas isteach:

“145.A.37 Pearsanra athbhreithnithe aeracmhainneachta

(a) Ionas go bhformheasfar an eagraíocht chun athbhreithnithe aeracmhainneachta a dhéanamh agus na deimhnithe ar athbhreithniú aeracmhainneachta comhfhreagracha a eisiúint le haghaidh aerárthaí a chumhdaítear le hIarscríbhinn Vb (Cuid-ML), beidh pearsanra athbhreithnithe aeracmhainneachta aici a chomhlíonann na ceanglais uile seo a leanas:

(1) beidh bliain amháin ar a laghad de thaití faighte acu ar aeracmhainneacht leanúnach i gcás seoleitleáin agus balúin agus beidh 3 bliana ar a laghad de thaití acu i gcás gach aerárthaigh eile;

(2) beidh cead pearsanra deimhnithe acu le haghaidh na n-aerárthaí comhfhreagracha;

(3) beidh eolas faighte acu ar Iarscríbhinn I (Cuid-M), ar Fochuid C, nó ar Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML), Fochuid C;

(4) beidh eolas faighte acu ar nósanna imeachta na heagraíochta cothabhála a bhaineann leis an athbhreithniú aeracmhainneachta agus leis an deimhniú ar athbhreithniú aeracmhainneachta a eisiúint.

(b) Sula n-eiseoidh an eagraíocht údarú athbhreithnithe aeracmhainneachta d'iarrthóir, déanfaidh an duine sin athbhreithniú aeracmhainneachta faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil nó faoi mhaoirseacht duine atá údaraithe ag an eagraíocht cheana féin mar phearsanra athbhreithnithe aeracmhainneachta. Má tá an t-athbhreithniú aeracmhainneachta faoi mhaoirseacht sin sásúil, glacfaidh an t-údarás inniúil go foirmiúil leis an duine sin mar chuid den phearsanra athbhreithnithe aeracmhainneachta.

(c) Áiríteoidh an eagraíocht go bhfuil an pearsanra athbhreithnithe aeracmhainneachta in ann a léiriú go bhfuair siad taití iomchuí ar aeracmhainneacht leanúnach le déanaí.”;

(11) leasaítear pointe 145.A.45 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) Coinneoidh agus úsáidfidh an eagraíocht sonraí cothabhála reatha is infheidhme a bhfuil gá leo agus cothabháil á déanamh, lena n-áirítear modhnuithe agus deisiúcháin. Ciallaíonn ‘is infheidhme’ ábhartha maidir le haon aerárthach, comhpháirt nó próiseas a shonraítear i dtéarmaí ceadaithe na heagraíochta agus in aon liosta gaolmhar cumais.

I gcás sonraí cothabhála a sholáthraíonn an duine nó an eagraíocht a iarrann an chothabháil, coinneoidh an eagraíocht na sonraí sin agus an obair idir lámha, cé is moite den ghá pointe 145.A.55(a)(3) a chomhlíonadh.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c), (d) agus (e):

“(c) Bunóidh an eagraíocht nósanna imeachta chun an méid seo a leanas a áirithiú: má fhaightear nós imeachta, cleachtas, faisnéis nó treoir chothabhála míchruinn, neamhiomlán nó débhríoch sna sonraí cothabhála a úsáideann an pearsanra cothabhála, déanfar iad a thairgeadh mar chuid den scéim inmheánach tuairiscithe sábháilteachta dá dtagraítear i bpointe 145.A.202 agus tabharfar fógra d'údar na sonraí cothabhála.

- (d) Ní fhéadfaidh an eagraíocht treoracha cothabhála a mhodhnú ach amháin i gcomhréir le nós imeachta a shonraítear sa LEC. Maidir le hathruithe ar threoracha cothabhála, léireoidh an eagraíocht go dtiocfaidh caighdeán chothabhála choibhéseacha nó fheabhsaithe astu, agus cuirfidh sí údar na dtreoracha cothabhála ar an eolas faoi na hathruithe sin. Chun críocha an phointe seo, ciallaíonn ‘treoracha cothabhála’ treoracha maidir leis an mbealach chun cúram cothabhála áirithe a dhéanamh; ní áirítear iontu dearadh innealtóireachta na ndeisiúcháin agus na modhnuithe.
- (e) Soláthróidh an eagraíocht comhchóras cártaí oibre nó bileog oibre lena úsáid ar fud chodanna ábhartha na heagraíochta. Ina theannta sin, déanfaidh an eagraíocht na sonraí cothabhála dá dtagraítear i bpointí (b) agus (d) a thras-scríobh go cruinn ar na cártaí oibre nó ar na bileoga oibre sin, nó déanfaidh sí tagairt bheacht don chúram/do na cúraimí cothabhála áirithe atá sna sonraí cothabhála sin. Féadfar cártaí oibre agus bileoga oibre a ghiniúint le ríomhaire agus a choinneáil i mbunachar sonraí leictreonach a bhfuil cosaint leormhaith aige ar athruithe neamhúdaraíthe, agus a bhfuil bunachar sonraí cúltaca leictreonach ann ina leith a nuashonrófar laistigh de 24 uair an chloig tar éis iontráil a dhéanamh sa phríomhbhunachar sonraí leictreonach. Déanfar cúraimí cothabhála casta nó fada a thras-scríobh ar na cártaí oibre nó ar na bileoga oibre agus foroinnfear iad ina gcéimeanna soiléire chun a áirithiú go bhfuil taifead ann ar chur i gcrích an chúraim iomláin cothabhála.

Nuair a sholáthraíonn an eagraíocht seirbhísí cothabhála d’oibreoir aerárthaí a éilíonn go n-úsáidtear a chóras féin cártaí oibre nó bileog oibre, féadfar ansin an córas cártaí oibre nó bileog oibre sin a úsáid. Sa chás sin, bunóidh an eagraíocht nós imeachta chun a áirithiú go ndéanfar na cártaí oibre nó na bileoga oibre sin a chomhlánú i gceart.”;

(12) leasaítear pointe 145.A.47 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) Mar chuid den chóras bainistíochta, cuirfead teorainneacha ar fheidhmíocht an duine, lena n-áirítear baol tuirse don phearsanra cothabhála san áireamh i bpleanáil na gcúraimí cothabhála agus in eagrúchán na sealanna.”;

(b) cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:

“(d) Áiritheoidh an eagraíocht go gcuirfidh córas bainistíochta na heagraíochta san áireamh guaiseacha sábháilteachta eitlíochta a bhaineann le cothabháil a bhíonn á déanamh ag meithleacha seachtracha ag saoráidí na heagraíochta.”;

(13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 145.A.48:

“145.A.48 **Cothabháil a dhéanamh**

(a) Ní fhéadfaidh an eagraíocht cothabháil a dhéanamh ar aerárthach ná ar chomhpháirt a bhfuil sí formheasta ina leith go dtí go mbeidh na saoráidí, an trealamh, na huirlisí, an t-ábhar, na sonraí cothabhála agus an pearsanra uile is gá ar fáil.

(b) Beidh an eagraíocht freagrach as an gcothabháil a dhéantar laistigh de raon feidhme a cheadaithe.

(c) Áiritheoidh an eagraíocht na nithe seo a leanas:

(1) tar éis chur i gcrích na cothabhála, déanfar fíorú ginearálta chun a áirithiú go bhfuil an t-aerárthach nó an chomhpháirt saor ó gach uirlis, trealamh agus aon pháirt nó ábhar seachtrach, agus go ndearnadh na painéil rochtana uile a baineadh a athfheistiú;

(2) cuirfead modh gafa earráidí chun feidhme tar éis aon chúram cothabhála criticiúla a dhéanamh;

(3) íoslaghódar an riosca go ndéanfar earráidí le linn na cothabhála agus an riosca go ndéanfar earráidí arís i gcúraimí cothabhála comhionanna;

(4) déanfar damáiste a mheasúnú, agus déanfar modhnuithe agus deisiúcháin trí úsáid a bhaint as na sonraí a shonraítear i bpointe M.A.304 d’Iarscríbhinn I (Cuid-M) nó i bpointe ML.A.304 d’Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML), de réir mar is infheidhme;

(5) déanfar measúnú ar fhabhtanna aerárthaí i gcomhréir le pointe M.A.403(b) d’Iarscríbhinn I (Cuid-M) nó pointe ML.A.403(b) d’Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML), de réir mar is infheidhme”;

(14) leasaítear pointe 145.A.50 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) Eiseoidh pearsanra deimhnithe a údaraíodh go hionchuí deimhniú scaoilte iarchothabhála thar ceann na heagraíochta nuair a bheidh sé fíoraithe ag an bpearsanra deimhnithe sin go ndearna an eagraíocht an chothabháil uile a ordáíodh i gceart i gcomhréir leis na nósanna imeachta a shonraítear i bpointe 145.A.70, agus infhaighteacht agus úsáid na sonraí cothabhála a shonraítear i bpointe 145.A.45 á gcur san áireamh, agus nach fios aon neamhchomhlíontacht a chuireann sábháilteacht eitilte i mbaol.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c) agus (d):

“(c) Fabhtanna nua nó orduithe neamhiomlána saothair cothabhála a aithneofar le linn na cothabhála, cuirfear iad ar a súile don duine nó don eagraíocht atá freagrach as aeracmhainneacht leanúnach an aerárthaigh ar mhaithe leis an gcuspóir sonrach comhaontú a fháil chun na fabhtanna sin a cheartú nó chun eilimintí den ordú saothair cothabhála atá in easnamh a chur i gcrích. I gcás ina ndiúltoídh an duine nó an eagraíocht sin go ndéanfar an chothabháil sin faoin bpointe seo, beidh pointe (e) infheidhme.

(d) Eiseoidh pearsanra deimhnithe a údaraíodh go hionchuí deimhniú scaoilte iarchothabhála thar ceann na heagraíochta tar éis an chothabháil a ordáíodh a bheith déanta ar chomhpháirt le linn di a bheith lasmuigh den aerárthach. Is é atá sa deimhniú údaraithe um scaoileadh iarchothabhála “Foirm 1 EASA” dá dtagraítear in Aguisín II d'Iarscríbhinn I (Cuid-M) an deimhniú scaoilte iarchothabhála i dtaca leis an gcomhpháirt ach amháin má shonraítear a mhálairt i bpointe M.A.502 d'Iarscríbhinn I (Cuid-M) nó i bpointe M.L.A.502 d'Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML), de réir mar is infheidhme. Nuair a dhéanann eagraíocht cothabháil ar chomhpháirt chun críocha a húsáide féin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh gá le Foirm 1 EASA má dhéanann nósanna imeachta inmheánacha scaoilte na heagraíochta foráil maidir leis sin ina LEC.”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

“(f) De mhaolú ar phointe 145.A.50(a) agus ar phointe 145.A.42, nuair a choinnítear aerárthach ar talamh ag suíomh seachas an príomhstáisiún gnáthchothabhála nó an príomhionad cothabhála toisc nach bhfuil comhpháirt leis an deimhniú scaoilte iomchuí ar fáil, an eagraíocht a bhfuil conradh aici cothabháil a dhéanamh ar an aerárthach sin, féadfaidh sí comhpháirt a fheistiú ar bhonn sealadach gan an deimhniú scaoilte iomchuí ar feadh uastréimhse 30 uair eitilte nó go dtí go bhfillfidh an t-aerárthach ar an bpríomhstáisiún gnáthchothabhála nó an príomhionad cothabhála den chéad uair, cibé acu is luaithe, faoi réir chomhaontú an duine nó na heagraíochta atá freagrach as aeracmhainneacht leanúnach an aerárthaigh agus faoi réir deimhniú scaoilte oiriúnach a bheith ag an gcomhpháirt sin ach mura bhfuil, í a bheith i gcomhréir le gach ceanglas cothabhála agus oibríochta is infheidhme. Bainfear na comhpháirteanna sin faoin teorainn ama dá bhforáiltear sa chéad abairt den phointe seo mura mbeidh deimhniú scaoilte iomchuí faighte idir an dá linn faoi phointí 145.A.50(a) agus 145.A.42.”;

(15) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 145.A.55:

“145.A.55 Taifid a choimeád

(a) Taifid chothabhála

(1) Déanfaidh an eagraíocht taifead de mhionsonraí na hoibre cothabhála a dhéantar laistigh de raon feidhme a ceadaithe. Coinneoidh an eagraíocht, ar a laghad, na taifid go léir is gá chun a chruthú gur comhlíonadh na ceanglais go léir chun an deimhniú scaoilte iarchothabhála a eisiúint, lena n-áirítear doiciméid scaoilte an fhochonraitheora, más ann dóibh.

(2) Soláthróidh an eagraíocht cóip de gach deimhniú scaoilte iarchothabhála don oibreoir nó don chustaiméir, mar aon le cóipeanna de na taifid mhionsonraithe chothabhála a bhaineann leis an obair a rinneadh agus is gá chun comhlíonadh phointe M.A.305 d'Iarscríbhinn I (Cuid-M) nó M.L.A.305 d'Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a léiriú, de réir mar is infheidhme.

(3) Coinneoidh an eagraíocht cóip de na taifid mhionsonraithe chothabhála go léir (lena n-áirítear deimhnithe scaoilte iarchothabhála) agus d'aon sonraí cothabhála gaolmhara ar feadh 3 mbliana ón dáta a eisíodh deimhniú scaoilte iarchothabhála don aerárthach nó don chomhpháirt lena mbaineann an obair.

- (4) Má chuireann eagraíocht deireadh lena cuid oibríochtaí, aistroidh sí na taifid chothabhála uile atá ina seilbh agus lena gcumhdaítear na 3 bliana deireanacha chuig an gcustaiméir deireanach nó chuig úinéir an aerárthaigh nó na comhpháirte faoi seach, nó déanfaidh sí iad a stóráil ar an mbealach a shonróidh an t-údarás inniúil.
- (b) Taifid athbhreithnithe aeracmhainneachta
- (1) Má tá an phribhléid dá dtagraítear i bpointe 145.A.75(f) ag eagraíocht, coinneoidh sí cóip de gach deimhniú ar athbhreithniú aeracmhainneachta a d'eisigh sí, mar aon leis na doiciméid tacaíochta uile, agus cuirfidh sí na taifid sin ar fáil, arna iarraidh sin, d'úinéir an aerárthaigh.
- (2) Coinneoidh an eagraíocht cóip de na taifid uile dá dtagraítear i bpointe (1) ar feadh 3 bliana tar éis an deimhniú ar athbhreithniú aeracmhainneachta a eisiúint.
- (3) Má chuireann eagraíocht deireadh lena cuid oibríochtaí, aistroidh sí na taifid athbhreithnithe aeracmhainneachta uile atá ina seilbh agus lena gcumhdaítear na 3 bliana deireanacha chuig an úinéir deireanach nó chuig oibreoir an aerárthaigh faoi seach, nó déanfaidh sí iad a stóráil ar an mbealach a shonróidh an t-údarás inniúil.
- (c) Córas bainistíochta, taifid chonraitheoireachta agus fochonraitheoireachta
- Áiritheoidh an eagraíocht go gcoinneofar na taifid seo a leanas ar feadh 5 bliana ar a laghad:
- (i) taifid ar phríomhphróisis an chórais bainistíochta dá dtagraítear i bpointe 145.A.200;
- (ii) conarthaí, i gcás na conraitheoireachta agus na fochonraitheoireachta araon, dá dtagraítear i bpointe 145.A.205.
- (d) Taifid phearsanra
- (1) Áiritheoidh an eagraíocht go gcoinneofar na taifid seo a leanas:
- (i) taifid ar cháilíochtaí, ar oiliúint agus ar thaití an phearsanra a bhfuil baint acu le cothabháil, le faireachán ar chomhlíonadh agus le bainistíocht sábháilteachta;
- (ii) taifid ar cháilíochtaí, ar oiliúint agus ar thaití an phearsanra athbhreithnithe aeracmhainneachta ar fad.
- (2) Áireofar sna taifid ar an bpearsanra athbhreithnithe aeracmhainneachta ar fad mionsonraí maidir le haon cháilíocht iomchuí atá acu, mar aon le hachóimre ar an taití agus ar an oiliúint ábhartha i dtaca leis an aeracmhainneacht leanúnach, agus cóip den údarú athbhreithnithe aeracmhainneachta a d'eisigh an eagraíocht don phearsanra sin.
- (3) Áireofar sna taifid ar an bpearsanra deimhnithe agus pearsanra tacaíochta ar fad na nithe seo a leanas:
- (i) na mionsonraí faoi aon cheadúnas cothabhála aerárthaí atá acu de réir Iarscríbhinn III (Cuid-66) nó a comhionann;
- (ii) raon feidhme na gceadanna deimhniú a thabhairt a eisíodh don phearsanra sin, i gcás inarb ábhartha;
- (iii) sonraí an phearsanra a raibh ceadanna deimhniú a thabhairt acu, ar ceadanna teoranta nó aonuaire iad dá dtagraítear i bpointe 145.A.30(j).
- (4) Coinneofar taifid phearsanra fad a oibríonn duine don eagraíocht, agus coinneofar iad ar feadh 3 bliana ar a laghad tar éis don duine an eagraíocht a fhágáil, nó tar éis d'údarú a eisíodh don duine sin a bheith tarraingthe siar.
- (5) Tabharfaidh an eagraíocht don phearsanra dá dtagraítear i bpointí (2) agus (3), arna iarraidh sin dóibh, rochtain ar a dtaifid phearsanra mar a shonraítear sna pointí sin. Ina theannta sin, arna iarraidh sin dóibh, tabharfaidh an eagraíocht chothabhála cóip dá dtaifid phearsanra do gach duine acu ar fhágáil na heagraíochta dóibh.
- (e) Bunóidh an eagraíocht córas coimeáda taifead lenar féidir stóráil leordhóthanach agus inrianaitheacht iontaofa a dhéanamh ar a cuid gníomhaíochtaí uile.
- (f) Sonrófar formáid na dtaifead i nósanna imeachta na heagraíochta.
- (g) Stórálfar na taifid ar bhealach a áiritheoidh go gcosnófar iad ar dhamáiste, athrú agus gadaíocht.;

(16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 145.A.60:

“145.A.60 Tarluithe a thuairisciú

- (a) Mar chuid de chóras bainistíochta na heagraíochta, déanfaidh sí córas tuairiscithe ar tharluithe a bhunú agus a choinneáil ar bun, lena n-áirítear tuairisciú éigeantach agus deonach. I gcás eagraíochtaí a bhfuil a bpríomháit ghnó i mBallstát, féadfar córas aonair a bhunú chun ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus a ghníomhartha cur chun feidhme agus Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus a ghníomhartha cur chun feidhme a chomhlíonadh.
- (b) Tuairisceoidh an eagraíocht dá húdarás inniúil agus do shealbhóir cheadú dheardh an aerárthaigh nó na comhpháirte aon teagmhas nó staid a bhaineann le sábháilteacht aerárthaigh nó chomhpháirte arna shainaitheint ag an eagraíocht, ar teagmhas nó staid atá ann ina gcuirtear aerárthach, na daoine ar bord nó aon duine eile i gcontúirt, nó ina gcuirfí i gcontúirt iad murach go ndéanfaí ceartú ina leith nó mura dtabharfaí aghaidh ar an teagmhas nó ar an staid sin, agus tuairisceoidh sí go háirithe aon tionóisc nó teagmhas tromchúiseach.
- (c) Lena chois sin, aon teagmhas nó staid den sórt sin a dhéanann difear don aerárthach, déanfaidh a eagraíocht é a thuairisciú don duine nó don eagraíocht atá freagrach as aeracmhainneacht leanúnach an aerárthaigh sin i gcomhréir le pointe M.A.201 d'Iarscríbhinn I (Cuid-M) nó le pointe ML.A.201 d'Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML), de réir mar is infheidhme. I gcás teagmhais nó staideanna a dhéanann difear do chomhpháirteanna aerárthaigh, déanfaidh an eagraíocht iad a thuairisciú don duine nó don eagraíocht a d'iarr an chothabháil.
- (d) I gcás eagraíochtaí nach bhfuil a bpríomháit ghnó i mBallstát:
 - (1) maidir leis na tuarascálacha sainordaitheacha tosaigh:
 - (i) déanfar rúndacht chéannacht an tuairisceora agus na ndaoine a luaitear sa tuarascáil a chosaint go hiomchuí;
 - (ii) déanfar iad a luaithe is indéanta, ach in aon chás laistigh de 72 uair an chloig tar éis don eagraíocht teacht ar an eolas faoin tarlú mura gcoisctear é sin de dheasca tosa eisceachtúla;
 - (iii) déanfar iad i bhfoirm agus ar bhealach a bhunóidh an t-údarás inniúil;
 - (iv) beidh an fhaisnéis ábhartha uile iontu faoin staid is eol don eagraíocht;
 - (2) i gcás inarb ábhartha, a luaithe a shainaitheofar na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an eagraíocht a dhéanamh chun tarluithe comhchosúla a chosc amach anseo, déanfar tuarascáil leantach ina soláthrófar mionsonraí faoi na gníomhaíochtaí sin; maidir leis na tuarascálacha leantacha sin:
 - (i) seolfar iad chuig na heintitis dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c) ar chucu a seoladh an tuarascáil tosaigh;
 - (ii) déanfar iad i bhfoirm agus ar bhealach a bhunóidh an t-údarás inniúil.”;

(17) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 145.A.65:

“145.A.65 Nósanna imeachta cothabhála

- (a) Bunóidh an eagraíocht nósanna imeachta a áiríteoidh go gcuirfear tosa daonna agus dea-chleachtais chothabhála san áireamh le linn cothabhála, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a chuirtear amach ar fochonradh, agus a chomhlíonann ceanglais infheidhme na hIarscríbhinne seo, Iarscríbhinn I (Cuid-M) agus Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML). Déanfar na nósanna imeachta sin a chomhaontú leis an údarás inniúil.
- (b) Leis na nósanna imeachta cothabhála a bhunaítear faoin bpointe seo:
 - (1) áiríteofar go gcomhaontófar ordú saothair cothabhála nó conradh cothabhála atá soiléir idir an eagraíocht agus an duine nó an eagraíocht a iarrann an chothabháil, chun go mbunófar go soiléir an chothabháil atá le déanamh ionas go bhféadfar na haerárthaí agus na comhpháirteanna a scaoileadh chun seirbhíse i gcomhréir le pointe 145.A.50;
 - (2) cumhdófar na gnéithe uile a bhaineann leis an gcothabháil a dhéanamh, lena n-áirítear soláthar agus rialú seirbhísí speisialaithe, agus leagfar síos na caighdeáin ar dá réir a bheartaíonn an eagraíocht a hobair a dhéanamh.”;

(18) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 145.A.70:

“145.A.70 **Lámhleabhar na heagraíochta cothabhála (LEC)**

(a) Déanfaidh an eagraíocht lámhleabhar eagraíochta cothabhála (LEC) a bhunú agus a choinneáil ar bun lena n-áirítear go díreach nó trí thagairt a dhéanamh dóibh na nithe seo a leanas ar fad:

- (1) ráiteas arna shíniú ag an mbainisteoir cuntasach lena ndeimhnítear go n-oibreoidh an eagraíocht chothabhála i gcónaí i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo, le hIarscríbhinn I (Cuid-M) agus le hIarscríbhinn Vb (Cuid-ML), de réir mar is infheidhme, agus leis an LEC formheasta. Murab é an bainisteoir cuntasach príomhoifigeach feidhmiúcháin na heagraíochta, déanfaidh an príomhoifigeach feidhmiúcháin an ráiteas a chomhshíniú ansin;
- (2) beartas sábháilteachta na heagraíochta agus na cuspóirí sábháilteachta gaolmhara dá dtagraítear i bpointe 145.A.200(a)(2);
- (3) teideal/teidil agus ainm/ainmneacha an duine/na ndaoine a ainmnítear faoi phointí 145.A.30(b), (c) agus (ca);
- (4) dualgais agus freagrachtaí na ndaoine a ainmnítear faoi phointí 145.A.30(b), (c) agus (ca), lena n-áirítear na hábhair a bhféadfaidh siad plé go díreach leis an údarás inniúil ina leith thar ceann na heagraíochta;
- (5) cairt eagraíochta ina léirítear an chuntasacht agus na línte freagrachta lena mbaineann, a bhunaítear i gcomhréir le pointe 145.A.200(a)(1), idir na daoine go léir dá dtagraítear i bpointí 145.A.30(a), (b), (c) agus (ca);
- (6) liosta den phearsanra deimhnithe agus, más infheidhme, den phearsanra tacaíochta agus den phearsanra athbhreithnithe aeracmhainneachta mar aon le raon feidhme a n-údaraithe;
- (7) tuairisc ghinearálta ar na hacmhainní lucht saothair agus ar an gcóras atá i bhfeidhm chun infhaighteacht an phearsanra a phleanáil, mar a cheanglaítear le pointe 145.A.30(d);
- (8) tuairisc ghinearálta ar na saoráidí ag gach suíomh formheasta;
- (9) sonrú ar raon feidhme obair na heagraíochta atá ábhartha maidir le téarmaí an cheadaithe mar a cheanglaítear le pointe 145.A.20;
- (10) an nós imeachta lena leagtar amach raon na n-athruithe nach n-éilítear leo ceadú roimh ré agus lena gcuirtear síos ar an gcaoi a ndéanfar na hathruithe sin a bhainistiú agus a dtabharfar fógra fúthu don údarás inniúil, mar a cheanglaítear le pointe 145.A.85(c);
- (11) an nós imeachta chun an LEC a leasú;
- (12) na nósanna imeachta ina sonraítear conas a áirithíonn an eagraíocht go gcomhlíonfar an Iarscríbhinn seo;
- (13) liosta de na hoibreoírí tráchtála dá soláthraíonn an eagraíocht seirbhísí cothabhála aerárthaí go rialta, agus na nósanna imeachta gaolmhara;
- (14) i gcás inarb infheidhme, liosta de na heagraíochtaí ar fochonradh dá dtagraítear i bpointe 145.A.75(b);
- (15) liosta de na suíomhanna formheasta lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, suíomhanna gnáthchothabhála dá dtagraítear i bpointe 145.A.75(d);
- (16) liosta de na heagraíochtaí ar conradh;
- (17) liosta de na modhanna malartacha comhlíontachta atá formheasta faoi láthair agus atá in úsáid ag an eagraíocht.

(b) Formheasfaidh an t-údarás inniúil an chéad eisiúint den LEC. Leasófar é de réir mar is gá ionas go bhfanfaidh sé ina thuairisc cothrom le dáta ar an eagraíocht.

(c) Déanfar leasuithe ar an LEC a bhainistiú mar atá leagtha amach sna nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointí (a) (10) agus (a)(11). Aon leasú nach n-áirítear i raon an nós imeachta dá dtagraítear i bpointe (a)(10), chomh maith le haon leasú a bhaineann leis na hathruithe a liostaítear i bpointe 145.A.85(a), déanfaidh an t-údarás inniúil iad a fhormheas.”;

(19) leasaítear pointe 145.A.75 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

“I gcomhréir leis an LEC, beidh an eagraíocht i dteideal na cúraimí seo a leanas a dhéanamh.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

“(a) cothabháil a dhéanamh ar aon aerárthach nó comhpháirt a bhfuil sí formheasta ina leith ag na suíomhanna a shaináithnítear sa deimhniú agus sa LEC;

(b) a shocrú go ndéanfar cothabháil ar aon aerárthach nó comhpháirt a bhfuil sí formheasta ina leith ag eagraíocht eile ar fochonradh a oibríonn faoi chóras bainistíochta na heagraíochta. Tá sé sin teoranta don obair a cheadaítear faoi na nósanna imeachta a bhunaítear i gcomhréir le pointe 145.A.65 agus ní áireofar inti seiceáil cothabháil throm ar aerárthach, ná seiceáil iomlán chothabhála i gceardlann ná inneall nó modúl innill a athchóiriú;”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

“(f) má tá ceadú sonrath faighte ag an eagraíocht a dhéanamh amhlaidh i gcás aerárthaí a chumhdaítear le hIarscríbhinn Vb (Cuid-ML) agus má tá a príomhábait ghnó i gceann de na Ballstáit, féadfaidh sí athbhreithnithe aeracmhainneachta a dhéanamh agus na deimhnithe comhfhreagracha ar athbhreithniú aeracmhainneachta a eisiúint faoi na coinníollacha a shonraítear i bpointe ML.A.903 d'Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML).”;

(20) scriostar pointe 145.A.80;

(21) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 145.A.85:

“145.A.85 Athruithe ar an eagraíocht

(a) Ní mór ceadú a fháil roimh ré ón údarás inniúil i gcás na n-athruithe seo a leanas ar an eagraíocht:

(1) athruithe ar an deimhniú, lena n-áirítear athruithe ar théarmaí ceadaithe na heagraíochta;

(2) athruithe i ndáil leis na daoine dá dtagraítear i bpointí 145.A.30(a), (b), (c) agus (ca);

(3) athruithe ar na línte tuairiscithe idir an pearsanra a ainmneofar i gcomhréir le pointí 145.A.30(b), (c) agus (ca), agus an bainisteoir cuntasach;

(4) an nós imeachta a mhéid a bhaineann le hathruithe nach n-éilítear leo ceadú roimh ré dá dtagraítear i bpointe (c);

(5) suíomhanna breise de chuid na heagraíochta seachas iad sin atá faoi réir phointe 145.A.75(c).

(b) I gcás na n-athruithe dá dtagraítear i bpointe (a) agus i gcás gach athrú eile a n-éilítear leis ceadú roimh ré i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo, cuirfidh eagraíocht isteach ar cheadú arna eisiúint ag an údarás inniúil agus gheobhaidh sí an ceadú sin. Cuirfeadh an t-iarratas isteach sula dtarlódh na hathruithe sin chun é a chur ar a chumas don údarás inniúil a chinneadh go bhfuil an Iarscríbhinn seo fós á comhlíonadh agus chun an deimhniú eagraíochta agus téarmaí an cheadaithe gaolmhara a ghabhann leis a leasú, más gá.

Soláthróidh an eagraíocht aon doiciméadacht ábhartha don údarás inniúil.

Ní chuirfeadh an t-athrú chun feidhme ach amháin nuair a bheidh ceadú foirmiúil faighte ón údarás inniúil i gcomhréir le pointe 145.B.330.

Oibreoidh an eagraíocht faoi na coinníollacha a fhorordóidh an t-údarás inniúil le linn na n-athruithe sin, de réir mar is infheidhme.

(c) Gach athrú nach n-éilítear leis ceadú roimh ré, déanfar é a bhainistiú agus tabharfar fógra faoi don údarás inniúil mar a leagtar amach i nós imeachta arna fhorghéar ag an údarás inniúil i gcomhréir le pointe 145.B.310(h).”;

(22) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 145.A.90:

“145.A.90 Bailíocht leanúnach

(a) Leanfaidh deimhniú na heagraíochta de bheith bailí, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas ar fad a chomhlíonadh:

(1) leanfaidh an eagraíocht de bheith i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1139, lena ghníomhartha tarmlichte agus lena ghníomhartha cur chun feidhme, agus forálacha phointe 145.B.350 den Iarscríbhinn seo maidir leis an láimhseáil torthaí á gcur san áireamh;

- (2) tabharfar rochtain ar an eagraíocht don údarás inniúil mar a shonraítear i bpointe 145.A.140;
- (3) ní thabharfaidh an eagraíocht an deimhniú suas, agus ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil é a chur ar fionraí ná a chúlghairm faoi phointe 145.B.355.

(b) Ar thabhairt suas nó ar chúlghairm, tabharfar an deimhniú ar ais don údarás inniúil gan mhoill.”;

(23) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 145.A.95:

“145.A.95 Torthaí agus barúlacha

- (a) Tar éis di fógra torthaí a fháil i gcomhréir le pointe 145.B.350, déanfaidh an eagraíocht na nithe seo a leanas:
- (1) an bhunchúis nó na bunchúiseanna leis an neamhchomhlíontacht a shainaithint, mar aon le ní nó nithe a chuireann léi;
- (2) plean gníomhaíochta ceartaithí a shainiú;
- (3) cur chun feidhme gníomhaíochta ceartaithí a léiriú chun sástacht an údaráis inniúil.
- (b) Déanfar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) laistigh den tréimhse a chomhaontófar leis an údarás inniúil sin i gcomhréir le pointe 145.B.350.
- (c) Tabharfaidh an eagraíocht aird chuí ar na barúlacha a fhaightear i gcomhréir le pointe 145.B.350(f). Déanfaidh an eagraíocht taifead de na cinntí a dhéantar i leith na mbarúlacha sin.”;

(24) cuirtear an pointe 145.A.120 seo a leanas isteach:

“145.A.120 Modhanna comhlíontachta

- (a) Féadfaidh eagraíocht aon mhodh malartach comhlíontachta a úsáid chun comhlíonadh an Rialacháin seo a shuíomh.
- (b) Más mian le heagraíocht modh malartach comhlíontachta a úsáid, soláthróidh sí tuairisc iomlán ar an mbealach sin don údarás inniúil sula mbainfidh sí úsáid as. Áireofar sa tuairisc aon athbhreithniú ar lámhleabhair nó ar nósanna imeachta a d'fhéadfadh a bheith ábhartha, mar aon le míniú ina léirítear an bealach a chomhlíontar an Rialachán seo.

Féadfaidh an eagraíocht na modhanna malartacha comhlíontachta sin a úsáid faoi réir ceadú a fháil roimh ré ón údarás inniúil.”;

(25) cuirtear an pointe 145.A.140 seo a leanas isteach:

“145.A.140 Rochtain

Chun comhlíontacht le ceanglais ábhartha Rialachán (AE) 2018/1139 agus lena ghníomhartha tarmligthe agus lena ghníomhartha cur chun feidhme a chinneadh, áiritheoidh an eagraíocht maidir le haon saoráid, aerárthach, doiciméad, taifead, sonra, nós imeachta nó aon ábhar eile a bhaineann lena gníomhaíocht atá faoi réir deimhniúcháin, cibé acu a dhéantar í ar fochonradh nó nach ndéantar, go dtabharfar air d'aon duine atá údaraithe ag ceann de na húdaráis seo a leanas:

- (a) an t-údarás inniúil a shainmhíneáir i bpointe 145.1;
- (b) an t-údarás a dhéanann na cúraimí formhaoirseachta i gcomhréir le pointe 145.B.300(d).”;

(26) cuirtear an pointe 145.A.155 seo a leanas isteach:

“145.A.155 Freagairt láithreach ar fhadhb sábháilteachta

Cuirfidh an eagraíocht na nithe seo a leanas chun feidhme:

- (a) aon bheart sábháilteachta a dhéanann an t-údarás inniúil a shainordú i gcomhréir le pointe 145.B.135;
- (b) aon fhaisnéis ábhartha shainordaitheach sábháilteachta a eisíonn an Gníomhaireacht.”;

(27) cuirtear an pointe 145.A.200 seo a leanas isteach:

“145.A.200 Córas bainistíochta

- (a) Déanfaidh an eagraíocht córas bainistíochta a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun, córas lena n-áirítear:
- (1) cuntasacht agus línte freagrachta atá sainithe go soiléir ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear cuntasacht dhíreach sábháilteachta an bhainisteora chuntasaigh;
 - (2) tuairisc ar fhealsúnachtaí foriomlána agus ar phrionsabail na heagraíochta maidir le sábháilteacht (‘an beartas sábháilteachta’), agus ar na cuspóirí sábháilteachta gaolmhara;
 - (3) guaiseacha sábháilteachta eitlíochta a thagann as gníomhaíochtaí na heagraíochta a shainnithint, meastóireacht a dhéanamh orthu agus na rioscaí lena mbaineann a bhainistiú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a dhéanamh chun na rioscaí a mhaolú agus chun a n-éifeachtacht a fhíorú;
 - (4) oilteacht agus inniúlacht an phearsanra a choinneáil ar bun chun go mbeidh siad in ann a gcuid cúraimí a dhéanamh;
 - (5) doiciméadú ar phríomhphróisis uile an chórais bainistíochta, lena n-áirítear próiseas chun pearsanra a chur ar an eolas faoina bhfreagrachtaí agus an nós imeachta chun an doiciméadacht sin a leasú;
 - (6) feidhm chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht na heagraíochta leis na ceanglais ábhartha. Áireofar leis an bhfaireachán ar chomhlíonadh córas lena seolfar torthaí chuig an mbainisteoir cuntasach chun a áirithiú go gcuirfear gníomhaíochtaí ceartaitheacha chun feidhme go héifeachtach de réir mar is gá;
- (b) Beidh an córas bainistíochta ag teacht le méid na heagraíochta agus le cineál agus le castacht a gníomhaíochtaí, agus na guaiseacha agus na rioscaí gaolmhara atá ina ngné dhílis de na gníomhaíochtaí sin á gcur san áireamh.
- (c) Má tá deimhniú eagraíochta breise amháin nó níos mó ag an eagraíocht laistigh de raon feidhme Rialachán (AE) 2018/1139, féadfar an córas bainistíochta a chomhtháthú leis an gcóras bainistíochta a cheanglaítear faoin deimhniú breise nó faoi na deimhnithe breise atá acu.”;

(28) cuirtear an pointe 145.A.202 seo a leanas isteach:

“145.A.202 Scéim inmheánach tuairiscithe sábháilteachta

- (a) Mar chuid de chóras bainistíochta na heagraíochta, bunóidh an eagraíocht scéim inmheánach um thuairisciú maidir le sábháilteacht ionas go bhféadfar tarluithe a bheidh le tuairisciú faoi phointe 145.A.60 a bhailiú agus meastóireacht a dhéanamh orthu.
- (b) Leis an scéim, beifear in ann freisin na hearráidí, na neasteagmhais agus na guaiseacha sin a thuairiscítear go hinmheánach agus nach dtagann faoi phointe (a) a bhailiú agus meastóireacht a dhéanamh orthu.
- (c) Tríd an scéim sin, déanfaidh an eagraíocht na nithe seo a leanas:
- (1) sainnithneoidh sí na cúiseanna leis na hearráidí, na neasteagmhais agus na guaiseacha a tuairiscíodh agus na nithe a chuireann leo, agus tabharfaidh sí aghaidh orthu mar chuid dá próiseas um bainistíocht riosca sábháilteachta i gcomhréir le pointe 145.A.200(a)(3);
 - (2) áiritheoidh sí go ndéanfar meastóireacht ar an bhfaisnéis ábhartha aitheanta uile a bhaineann le hearráidí, le neasteagmhais, le guaiseacha agus leis an neamhábaltacht nósanna imeachta a leanúint, agus áiritheoidh sí go bhfuil modh ann leis an bhfaisnéis a scaipeadh de réir mar is gá.
- (d) Déanfaidh an eagraíocht socruithe chun a áirithiú go mbaileofar saincheisteanna sábháilteachta a bhaineann le gníomhaíochtaí a chuirtear amach ar fochonradh.”;

(29) cuirtear an pointe 145.A.120 seo a leanas isteach:

“145.A.205 Conraitheoireacht agus fochonraitheoireacht

- (a) Agus aon chuid dá gníomhaíochtaí cothabhála á cur amach ar conradh nó ar fochonradh, áiritheoidh an eagraíocht na nithe seo a leanas:
- (1) beidh an chothabháil i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme;
 - (2) is mar chuid de chóras bainistíochta na heagraíochta a mheasfar aon ghuais sábháilteachta eitlíochta a bhaineann le conraitheoireacht nó le fochonraitheoireacht den sórt sin.
- (b) Má chuireann an eagraíocht aon chuid dá gníomhaíochtaí cothabhála amach ar fochonradh chuig eagraíocht eile, oibreoidh an eagraíocht ar fochonradh faoi raon feidhme cheadú na chéad eagraíochta.”;

(30) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn B:

“ROINN B

CEANGLAIS AR AN ÚDARÁS

145.B.005 Raon feidhme

Sa roinn seo, bunaítear na coinníollacha faoina ndéanfar na cúraimí deimhniúcháin, formhaoirseachta agus forfheidhmithe mar aon leis na ceanglais riaracháin agus na ceanglais córais bainistíochta atá le leanúint ag an údarás inniúil atá freagrach as Roinn A a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú.

145.B.115 Doiciméadacht formhaoirseachta

Soláthróidh an t-údarás inniúil na gníomhartha reachtacha, na caighdeáin, na rialacha, na foilseacháin theicniúla agus na doiciméid ghaolmhara uile don phearsanra ábhartha chun go mbeidh siad in ann a gcúraimí a dhéanamh agus a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh.

145.B.120 Modhanna comhlíontachta

- (a) Forbróidh an Gníomhaireacht modhanna inghlactha comhlíonta ('AMC') a fhéadfar a úsáid chun comhlíontacht le Rialachán (AE) 2018/1139 agus a gníomhartha tarmligthe agus a gníomhartha cur chun feidhme a shuí.
- (b) Féadfar modhanna malartacha comhlíontachta a úsáid chun comhlíontacht leis an Rialachán seo a shuí.
- (c) Cuirfidh údaráis inniúla an Gníomhaireacht ar an eolas faoi aon mhodh malartach comhlíonta a úsáideann eagraíochtaí atá faoina bhformhaoirseacht nó a úsáideann siad féin chun comhlíontacht leis an Rialachán seo a shuí.

145.B.125 Faisnéis don Gníomhaireacht

- (a) Tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit fógra don Gníomhaireacht i gcás ina mbeidh fadhbanna suntasacha ann maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/1139 agus lena gníomhartha tarmligthe agus lena gníomhartha cur chun feidhme laistigh de 30 lá ón tráth a chuirtear an t-údarás inniúil ar an eolas faoi na fadhbanna.
- (b) Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ná dá gníomhartha tarmligthe ná dá gníomhartha cur chun feidhme, soláthróidh an t-údarás inniúil an méid a leanas don Gníomhaireacht a luaite is féidir: aon fhaisnéis atá suntasach ó thaobh na sábháilteachta de agus a eascraíonn as na tuarascálacha tarluithe atá stóráilte sa bhunachar sonraí náisiúnta de bhun Airteagal 6(6) de Rialachán (AE) Uimh. 376/2014.

145.B.135 Freagairt láithreach ar fhadhb sábháilteachta

- (a) Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ná dá gníomhartha tarmligthe ná dá gníomhartha cur chun feidhme, déanfaidh an t-údarás inniúil córas a chur chun feidhme chun faisnéis sábháilteachta a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh ar bhealach iomchuí.
- (b) Déanfaidh an Gníomhaireacht córas a chur chun feidhme chun anailís iomchuí a dhéanamh ar aon fhaisnéis ábhartha sábháilteachta a fhaightear agus, gan moill mhíchúí, soláthróidh sí d'údarás ábhartha na mBallstát agus don Choimisiún aon fhaisnéis is gá, lena n-áirítear moltaí nó gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh le déanamh, ionas go mbeidh siad in ann gníomhú ar bhealach tráthúil mar fhreagairt ar fhadhb sábháilteachta a bhaineann le táirgí, le páirteanna, le fearais, daoine nó eagraíochtaí atá faoi réir Rialachán (AE) 2018/1139 agus a gníomhartha tarmligthe agus a gníomhartha cur chun feidhme.
- (c) Tar éis don údarás inniúil an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a fháil, déanfaidh sé bearta leordhóthanacha chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sábháilteachta.
- (d) Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra láithreach faoi na bearta arna ndéanamh faoi phointe (c) do gach duine nó do gach eagraíocht nach mór dóibh iad a chomhlíonadh faoi Rialachán (AE) 2018/1139 agus faoina gníomhartha tarmligthe agus faoina gníomhartha cur chun feidhme. Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra freisin don Gníomhaireacht faoi na bearta sin agus, nuair a bheidh gá le comhghníomhaíocht, tabharfaidh sé fógra fúthu do na Ballstáit eile lena mbaineann.

145.B.200 **Córas bainistíochta**

- (a) Déanfaidh an t-údarás inniúil córas bainistíochta a bhunú agus a choinneáil ar bun, lena n-áirítear na nithe seo a leanas ar a laghad:
- (1) beartais agus nósanna imeachta doiciméadaithe chun tuairisc a thabhairt ar leagan amach an chórais bainistíochta, ar na bealaí agus ar na modhanna chun comhlíontacht le Rialachán (AE) 2018/1139 agus lena ghníomhartha tarmligthe agus lena ghníomhartha cur chun feidhme a shuí. Coinneofar na nósanna imeachta cothrom le dáta agus úsáidfead iad mar na bundoiciméid oibre laistigh den údarás inniúil sin le haghaidh a chúraimí gaolmhara uile;
 - (2) líon leordhóthanach pearsanra chun a chúraimí a dhéanamh agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Beidh córas i bhfeidhm chun infhaighteacht an pearsanra a phleanáil chun a áirithiú go gcuirfead na cúraimí uile i gcrích i gceart;
 - (3) pearsanra atá cáilithe chun na cúraimí atá sannta dóibh a dhéanamh agus a bhfuil an t-eolas agus an taithí is gá acu agus a fhaigheann oiliúint tosaigh arís agus arís eile chun inniúlacht leanúnach a áirithiú;
 - (4) saoráidí agus cóiríocht oifige atá leordhóthanach chun go ndéanfaidh an pearsanra na cúraimí a sannadh dóibh;
 - (5) feidhm chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht an chórais bainistíochta leis na ceanglais ábhartha, agus ar leordhóthanacht na nósanna imeachta, lena n-áirítear próiseas iniúcháireachta inmheánaí agus próiseas um bainistiú riosca sábháilteachta a bhunú. Áireofar san fhaireachán ar chomhlíonadh córas lena seolfar torthaí iniúcháireachta chuig bainistíocht shinsearach an údaráis inniúil chun a áirithiú go gcuirfead chun feidhme gníomhaíochtaí ceartaitheacha de réir mar is gá;
 - (6) duine nó grúpa daoine a bheidh freagrach i leith bhainistíocht shinsearach an údaráis inniúil maidir leis an bhfeidhm faireacháin ar chomhlíonadh.
- (b) I gcás gach réimse gníomhaíochta, lena n-áirítear an córas bainistíochta, déanfaidh an t-údarás inniúil duine amháin nó níos mó a cheapadh a mbeidh an fhreagracht fhoriomlán orthu as an gcúram/na cúraimí ábhartha a bhainistiú.
- (c) Bunóidh an t-údarás inniúil nósanna imeachta le haghaidh na rannpháirtíochta i malartú frithpháirteach na faisnéise agus an chúnaimh uile is gá, ar rannpháirtíocht í le haon údarás inniúil eile lena mbaineann, cibé acu ón mBallstát céanna nó ó Bhallstáit eile, lena n-áirítear maidir le:
- (1) na torthaí uile a ardaíodh agus aon bheart leantach a rinneadh de thoradh na formhaoirseacht ar dhaoine agus ar eagraíochtaí a dhéanann gníomhaíochtaí ar chríoch Ballstáit, ach ar daoine nó eagraíochtaí iad arna ndeimhniú ag údarás inniúil Ballstáit eile nó ag an nGníomhaireacht;
 - (2) faisnéis a eascraíonn as tuairiscíú éigeantach agus deonach tarluithe mar a cheanglaítear le 145.A.60.
- (d) Déanfar cóip de na nósanna imeachta a bhaineann leis an gcóras bainistíochta agus cuirfead na leasuithe orthu ar fáil don Gníomhaireacht chun críoch caighdeánaithe.

145.B.205 **Cúraimí a shannadh d'eintitis cháilithe**

- (a) Maidir le cúraimí a bhaineann leis an deimhniú tosaigh nó le formhaoirseacht leanúnach ar eagraíochtaí a shannadh d'eintitis cháilithe, féadfaidh an t-údarás inniúil iad a shannadh faoi réir Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus a ghníomhartha cur chun feidhme. Agus cúraimí á sannadh aige, áiritheoidh an t-údarás inniúil:
- (1) go bhfuil córas curtha i bhfeidhm aige chun measúnú tosaigh agus leanúnach a dhéanamh chun a mheas an gcomhlíonann an t-eintiteas cáilithe Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139. Déanfar an córas sin agus torthaí na measúnuithe a dhoiciméadú;
 - (2) go bhfuil comhaontú i scríbhinn leagtha síos aige leis an eintiteas cáilithe, arna bhformheas ag an dá pháirtí ar an leibhéal iomchuí bainistíochta, ina leagtar síos na nithe seo a leanas:
 - (i) na cúraimí atá le déanamh;
 - (ii) na dearbhuithe, na tuarascálacha agus na taifid atá le soláthar;
 - (iii) na coinníollacha teicniúla atá le comhlíonadh agus na cúraimí sin á ndéanamh;
 - (iv) an cumhdach i leith dliteanas lena mbaineann;
 - (v) an chosaint a thugtar don fhaisnéis a fhaightear agus na cúraimí sin á ndéanamh.

- (b) Áiritheoidh an t-údarás inniúil go gcumhdófar leis an bpróiseas iniúcháireachta inmheánaí agus leis an bpróiseas um bainistiú riosca sábháilteachta a bhunaítear de bhun phointe 145.B.200(a)(5) na cúraimí deimhniúcháin agus formhaoirseachta leanúnaí uile a dhéanann an t-eintiteas cáilithe thar a cheann.

145.B.210 Athruithe sa chóras bainistíochta

- (a) Beidh córas i bhfeidhm ag an údarás inniúil chun na hathruithe a shainnithint, athruithe a dhéanann difear dá chumas a chúraimí a dhéanamh agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2018/1139 agus ina ghníomhartha tarmligthe agus ina ghníomhartha cur chun feidhme. Cuirfidh an córas sin ar a chumas don údarás inniúil an ghníomhaíocht is gá a dhéanamh chun a áirithiú go leanfaidh a chóras bainistíochta de bheith leormhaith agus éifeachtach.
- (b) Déanfaidh an t-údarás inniúil a chóras bainistíochta a nuashonrú ar bhealach tráthúil chun aon athrú ar Rialachán (AE) 2018/1139 agus ar a ghníomhartha tarmligthe agus ar a ghníomhartha cur chun feidhme a léiriú d'fhonn a áirithiú go gcuirfear chun feidhme é go héifeachtach.
- (c) Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra don Ghníomhaireacht faoi aon athrú a dhéanann difear dá chumas a chúraimí a dhéanamh agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh mar a fhoráiltear i Rialachán (AE) 2018/1139 agus ina ghníomhartha tarmligthe agus ina ghníomhartha cur chun feidhme.

145.B.220 Taifid a choimeád

- (a) Bunóidh an t-údarás inniúil córas coimeáda taifead lenar féidir stóráil leordhóthanach, inrochtaineacht agus inrianaitheacht iontaofa a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:
- (1) beartais agus nósanna imeachta doiciméadaithe an chórais bainistíochta;
 - (2) oiliúint, cáilíochtaí agus údaruithe a phearsanra;
 - (3) cúraimí a shannadh, lena gcumhdófar na heilimintí a cheanglaítear le pointe 145.B.205, mar aon le mionsonraí na gcúraimí a shanntar;
 - (4) próisis deimhniúcháin agus formhaoirseacht leanúnach ar eagraíochtaí deimhnithe, lena n-áirítear:
 - (i) an t-iarratas ar dheimhniú eagraíochta;
 - (ii) clár formhaoirseachta leanúnaí an údarais inniúil, lena n-áirítear na taifid mheasúnaithe, iniúchta agus chigireachta go léir;
 - (iii) an deimhniú eagraíochta, lena n-áirítear aon athrú air;
 - (iv) cóip den chlár formhaoirseachta, ina liostaítear na dátaí atá na hiniúchtaí le déanamh agus na dátaí a rinneadh iad;
 - (v) cóipeanna den chomhfhreagras foirmiúil ar fad;
 - (vi) moltaí maidir le heisiúint nó le hathnuachan deimhnithe, mionsonraí na dtorthaí agus na ngníomhaíochtaí a rinne na heagraíochtaí chun clabhsúr a chur ar na torthaí sin, lena n-áirítear dáta an chlabhsúir, na gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus na barúlacha;
 - (vii) aon mheasúnú, iniúchadh agus tuarascáil chigireachta a d'eisigh údarás inniúil eile de bhun phointe 145. B.300(d);
 - (viii) cóipeanna de LECanna nó lámhleabhair uile na n-eagraíochtaí agus d'aon leasú orthu;
 - (ix) cóipeanna d'aon doiciméad eile a d'fhormheas an t-údarás inniúil;
 - (5) doiciméid a thacaíonn le húsáid modhanna malartacha comhlíonta;
 - (6) faisnéis sábháilteachta arna soláthar i gcomhréir le pointe 145.B.125 agus bearta leantacha;
 - (7) úsáid forálacha cosanta agus solúbthachta i gcomhréir le hAirteagal 70, le hAirteagal 71(1) agus le hAirteagal 76(4) de Rialachán (AE) 2018/1139.
- (b) Coinneoidh an t-údarás inniúil liosta ar bun de na deimhnithe eagraíochta uile atá eisithe aige.
- (c) Coinneofar na taifid ar fad dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) ar feadh íostréimhse 5 bliana, faoi réir an dlí is infheidhme maidir le cosaint sonraí.
- (d) Cuirfear na taifid ar fad dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) ar fáil, arna iarraidh sin, d'údarás inniúil Ballstáit eile nó don Ghníomhaireacht.

145.B.300 Prionsabail formhaoirseachta

(a) Fíoróidh an t-údarás inniúil:

- (1) comhlíonadh na gceanglas is infheidhme maidir le heagraíochtaí, sula n-eiseoidh sé deimhniú eagraíochta;
- (2) comhlíontacht leanúnach le ceanglais is infheidhme na n-eagraíochtaí atá deimhnithe aige;
- (3) cur chun feidhme bearta iomchuí sábháilteachta a éilíonn an t-údarás inniúil i gcomhréir le pointí 145.B.135(c) agus (d).

(b) Maidir leis an bhfíorú sin:

- (1) tacófar leis trí dhoiciméadacht atá beartaithe go sonrach chun treoir a sholáthar do phearsanra atá freagrach as formhaoirseacht maidir lena bhfeidhmeanna a dhéanamh;
- (2) soláthróidh sé torthaí na gníomhaíochtaí formhaoirseachta do na heagraíochtaí lena mbaineann;
- (3) beidh sé bunaithe ar mheasúnuithe, ar iniúchtaí agus ar chigireachtaí agus, más gá, ar chigireachtaí gan fhógra;
- (4) soláthróidh sé don údarás inniúil an fhianaise is gá i gcás ina bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta, lena n-áirítear na bearta dá bhforáiltear i bpointe 145.B.350.

(c) Bunóidh an t-údarás inniúil raon feidhme na formhaoirseachta a leagtar amach i bpointí (a) agus (b) agus torthaí na gníomhaíochtaí formhaoirseachta a rinneadh roimhe sin agus na tosaíochtaí sábháilteachta á gcur san áireamh.

(d) I gcás ina bhfuil saoráidí eagraíochta lonnaithe i níos mó ná Stát amháin, féadfaidh an t-údarás inniúil a chomhaontú, mar a shainítear i bpointe 145.1, go ndéanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit, nó údarás inniúla na mBallstát. ina bhfuil na saoráidí lonnaithe na cúraimí formhaoirseachta sin, nó go ndéanfaidh an Gníomhaireacht iad i gcás saoráidí atá lonnaithe lasmuigh de chríoch a bhfuil Ballstáit freagrach aisti faoi Choinbhinsiún Chicago. Cuirfear aon eagraíocht atá faoi réir comhaontú den sórt sin ar an eolas gurb ann dó, agus maidir lena raon feidhme.

(e) I gcás aon gníomhaíocht formhaoirseachta a dhéantar ag saoráidí atá lonnaithe i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil príomhát ghnó na heagraíochta, cuirfidh an t-údarás inniúil údarás inniúil an Bhallstáit sin ar an eolas, mar a shainítear i bpointe 145.1, sula ndéanfaidh sé aon iniúchadh nó cigireacht ar an láthair ar na saoráidí.

(f) Baileoidh agus próiseálfaidh an t-údarás inniúil aon fhaisnéis a mheastar a bheith riachtanach chun gníomhaíochtaí formhaoirseachta a dhéanamh.

145.B.305 Clár formhaoirseachta

(a) Déanfaidh an t-údarás inniúil clár formhaoirseachta a bhunú agus a choinneáil ar bun, clár lena gcumhdófar na gníomhaíochtaí formhaoirseachta a cheanglaítear le pointe 145.B.300.

(b) Cuirfear san áireamh sa chlár formhaoirseachta cineál sonrach na heagraíochta, castacht a gníomhaíochtaí, torthaí na gníomhaíochtaí deimhniúcháin nó formhaoirseachta a rinneadh roimhe sin, nó iad araon, agus beidh sé bunaithe ar an measúnú ar na rioscaí gaolmhara. Áireofar leis na nithe seo a leanas, laistigh de gach timthriall pleanála formhaoirseachta:

(1) measúnuithe, iniúchtaí agus cigireachtaí, lena n-áirítear na nithe seo a leanas, de réir mar is iomchuí:

- (i) measúnuithe ar chórais bhainistíochta agus iniúchtaí ar phróisis;
- (ii) iniúchtaí táirge ar shampla ábhartha den chothabháil a rinne an eagraíocht;
- (iii) sampláil de na hathbhreithnithe aeracmhainneachta a rinneadh;
- (iv) cigireachtaí gan fhógra;

(2) cruinnithe a thionóltar idir an bainisteoir cuntasach agus an t-údarás inniúil chun a áirithiú go bhfanann an dá pháirtí ar an eolas maidir le gach saincheist shuntasach.

(c) Ní rachaidh an timthriall pleanála formhaoirseachta thar 24 mhí.

(d) D'ainneoin phointe (c), féadfar síneadh a chur leis an timthriall pleanála formhaoirseachta go 36 mhí más rud é gur shuigh an t-údarás inniúil gur tharla na nithe seo a leanas i rith na 24 mhí roimhe sin:

- (1) tá sé léirithe ag an eagraíocht gur féidir léi guaiseacha sábháilteachta eitlíochta a shainaitheint go héifeachtach agus na rioscaí gaolmhara a bhainistiú;

- (2) tá comhlíontacht phointe 145.A.85 léirithe ar bhonn leanúnach ag an eagraíocht agus tá smacht iomlán aici ar na hathruithe go léir;
- (3) níor eisíodh aon toradh leibhéal 1;
- (4) cuireadh gach gníomhaíocht cheartaitheach chun feidhme laistigh den tréimhse ama ar ghlac an t-údarás inniúil léi nó ar chuir sé síneadh léi dá bhforáiltear i bpointe 145.B.350.

D'ainneoin phointe (c), féadfar síneadh breise a chur leis an timthriall pleanála formhaoirseachta go dtí 48 mhí ar a mhéad más rud é, sa bhreis ar na coinníollacha a sholáthraítear i bpointí (d)(1) go (4), go bhfuil córas éifeachtach leanúnach bunaithe ag an eagraíocht chun tuairisciú don údarás inniúil ar fheidhmíocht sábháilteachta agus ar chomhlíontacht rialála na heagraíochta féin, agus go bhfuil an t-údarás inniúil tar éis é a fhormheas..

- (e) Féadfar an timthriall pleanála formhaoirseachta a ghiorrú má tá fianaise ann go bhfuil laghdú tagtha ar fheidhmíocht sábháilteachta na heagraíochta.
- (f) Áireofar leis an gclár formhaoirseachta na dátaí atá measúnuithe, iniúchtaí, cigireachtaí agus cruinnithe le déanamh, agus na dátaí a rinneadh measúnuithe, iniúchtaí, cigireachtaí agus cruinnithe iarbhrí.
- (g) Tar éis don údarás inniúil gach timthriall pleanála formhaoirseachta a chur i gcrích, eiseoidh sé tuarascáil mholta maidir le hathnuachan an cheadaithe, ina léireofar torthaí na formhaoirseachta.

145.B.310 Nós imeachta deimhniúcháin tosaigh

- (a) Tar éis don údarás inniúil iarratas a fháil ó eagraíocht ar eisiúint tosaigh deimhnithe, fíoróidh an t-údarás inniúil comhlíontacht na heagraíochta leis na ceanglais is infheidhme.
- (b) Tionólfar cruinniú le bainisteoir cuntasach na heagraíochta uair amháin ar a laghad le linn an imscrúdaithe le haghaidh deimhniú tosaigh chun a áirithiú go dtuigeann an duine sin an ról sin agus an chuntasacht a ghabhann leis.
- (c) Déanfaidh an t-údarás inniúil taifead de na torthaí ar fad atá eisithe, ar na gníomhaíochtaí clabhsúir mar aon leis na moltaí maidir leis an deimhniú a eisiúint.
- (d) Déanfaidh an t-údarás inniúil na torthaí ar fad a ardaíodh le linn an fhíoraithe a dhearbhu don eagraíocht i scríbhinn. I gcás deimhniú tosaigh, ní mór na torthaí go léir a cheartú chun sástacht an údaráis inniúil sula bhféadfar an deimhniú a eisiúint.
- (e) Nuair a bheidh sé sásta go gcomhlíonann an eagraíocht na ceanglais is infheidhme, déanfaidh an t-údarás inniúil na nithe seo a leanas:
 - (1) an deimhniú a leagtar síos in Aguisín III “Foirm 3-145 EASA” a eisiúint i gcomhréir leis an gcóras aicmithe agus rátála dá bhforáiltear in Aguisín II;
 - (2) an LEC a fhormheas go foirmiúil.
- (f) Áireofar le deimhniú Fhoirm 3-145 EASA uimhir thagartha an deimhnithe ar bhealach a shonróidh an Ghníomhaireacht.
- (g) Eiseofar an deimhniú ar feadh tréimhse neamhtheoranta. Na príbhleídí agus raon feidhme na ngníomhaíochtaí a bhfuil an eagraíocht formheasta ina leith, lena n-áirítear aon teorainn de réir mar is infheidhme, déanfar iad a shonrú i dtéarmaí an cheadaithe a ghabhann leis an deimhniú.
- (h) Ionas go mbeidh an eagraíocht in ann athruithe a chur chun feidhme gan cheadú a fháil ón údarás inniúil roimh ré i gcomhréir le pointe 145.A.85(c), formheasfaidh an t-údarás inniúil an nós imeachta ábhartha LEC ina leagtar amach raon feidhme na n-athruithe sin agus ina dtabharfar tuairisc ar an mbealach a dhéanfar na hathruithe sin a bhainistiú agus thabharfar fógra fúthu don údarás inniúil.

145.B.330 Athruithe — eagraíochtaí

- (a) Tar éis don údarás inniúil iarratas a fháil ar athrú a éilíonn ceadú roimh ré, fíoróidh an t-údarás inniúil comhlíontacht na heagraíochta leis ceanglais is infheidhme sula n-eiseoidh sé an ceadú.
- (b) Bunóidh an t-údarás inniúil na coinníollacha faoina bhféadfaidh an eagraíocht oibriú le linn an athraithe ach amháin má chinneann an t-údarás inniúil gur gá deimhniú na heagraíochta a chur ar fionraí.

- (c) Nuair a bheidh sé sásta go gcomhlíonann an eagraíocht na ceanglais is infheidhme, formheasfaidh an t-údarás inniúil an t-athrú.
- (d) Gan dochar d'aon bheart forfheidhmiúcháin breise, má chuireann an eagraíocht athruithe chun feidhme a n-éilítear leo ceadú roimh ré gan an ceadú a bheith faighte aici ón údarás inniúil de bhun phointe (c), déanfaidh an t-údarás inniúil a mheas an gá deimhniú na heagraíochta a chur ar fionraí, a theorannú nó a chúlghairm.
- (e) I gcás athruithe nach n-éilítear leo ceadú roimh ré, áireoidh an t-údarás inniúil an t-athbhreithniú ar na hathruithe sin lena mhaoirseacht leanúnach i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i bpointe 145.B.300. Má aimsítear aon neamhchomhlíontacht, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra faoi don eagraíocht, iarrfaidh sé tuilleadh athruithe, agus gníomhóidh sé i gcomhréir le pointe 145.B.350.

145.B.350 **Torthaí agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha; barúlacha**

- (a) Beidh córas i bhfeidhm ag an údarás inniúil chun anailís a dhéanamh ar thorthaí maidir lena dtábhacht ó thaobh sábháilteachta de.
- (b) Eiseoidh an t-údarás inniúil toradh leibhéal 1 nuair a bhraitear aon neamhchomhlíontacht shuntasach i ndáil le ceanglais is infheidhme Rialachán (AE) 2018/1139 agus lena ghníomhartha tarmligthe agus lena ghníomhartha cur chun feidhme, le nósanna imeachta agus lámhleabhair na heagraíochta, nó le deimhniú na heagraíochta, lena n-áirítear téarmaí an cheadaithe, ar neamhchomhlíontacht í a laghdaíonn an tsábháilteacht nó a chuireann sábháilteacht na heitilte go mór i mbaol.

Áireofar le torthaí leibhéal 1 na nithe seo a leanas freisin:

- (1) aon mhainneachtain rochtain a thabhairt don údarás inniúil ar shaoráidí na heagraíochta dá dtagraítear i bpointe 145.A.140 le linn gnáthuaireanta oibriúcháin agus tar éis dhá iarraidh i scríbhinn;
- (2) an deimhniú eagraíochta a fháil nó a bhailíocht a choinneáil ar bun trí fhalsú a dhéanamh ar an bhfianaise dhoiciméadach a cuireadh isteach;
- (3) aon fhianaise ar mhíchleachtas nó ar úsáid chalaioiseach an deimhnithe eagraíochta;
- (4) easpa bainisteora chuntasaigh.
- (c) Eiseoidh an t-údarás inniúil toradh leibhéal 2 nuair a bhraitear aon neamhchomhlíontacht i ndáil le ceanglais is infheidhme Rialachán (AE) 2018/1139 agus lena ghníomhartha tarmligthe agus lena ghníomhartha cur chun feidhme, le nósanna imeachta agus lámhleabhair na heagraíochta, nó le deimhniú na heagraíochta, lena n-áirítear téarmaí an cheadaithe, ar neamhchomhlíontacht í nach n-aicmítear ina thoradh leibhéal 1.
- (d) I gcás ina mbraitear toradh le linn formhaoirseachta nó ar aon mbealach eile, gan dochar d'aon gníomhaíocht bhreise a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1139 agus lena ghníomhartha tarmligthe agus lena ghníomhartha cur chun feidhme, déanfaidh an t-údarás inniúil an toradh a chur in iúl i scríbhinn don eagraíocht agus iarrfaidh sé gníomhaíocht cheartaitheach chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíontacht a sainaitníodh. Má bhaineann toradh leibhéal 1 go díreach le haerárthach, cuirfidh an t-údarás inniúil é sin in iúl don údarás inniúil den Bhallstát ina bhfuil an t-aerárthach cláraithe.
 - (1) Má fhaightear aon toradh leibhéal 1, déanfaidh an t-údarás inniúil beart láithreach iomchuí chun gníomhaíochtaí na heagraíochta lena mbaineann a chosc nó srian a chur leo agus, más iomchuí, déanfaidh sé beart chun an deimhniú a chúlghairm nó é a theorannú nó a chur ar fionraí ina iomláine nó i bpáirt, ag brath ar mhéid an toradh leibhéal 1, go dtí go n-éireoidh le gníomhaíocht cheartaitheach óna eagraíocht.
 - (2) Má tá aon toradh leibhéal 2 ann, déanfaidh an t-údarás inniúil na nithe seo a leanas:
 - (i) tréimhse cur chun feidhme maidir le gníomhaíocht cheartaitheach a dheonú don eagraíocht, ar tréimhse í atá iomchuí do chineál an toraidh, agus nach mairfidh ar dtús níos mó ná 3 mhí, i gcás ar bith. Tosóidh an tréimhse ó dháta na cumarsáide i scríbhinn lena gcuirtear an toradh in iúl don eagraíocht a iarrann gníomhaíocht cheartaitheach chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíontacht a sainaitníodh. Ag deireadh na tréimhse sin, agus faoi réir chineál an toraidh, féadfaidh an t-údarás inniúil síneadh a chur leis an tréimhse 3 mhí ar choinníoll gur comhaontaíodh plean gníomhaíochta ceartaithí leis an údarás inniúil;
 - (ii) measúnú a dhéanamh ar an bplean gníomhaíochta ceartaithí agus ar an bplean cur chun feidhme atá beartaithe ag an eagraíocht, agus má chinntear leis an measúnú gur leor iad chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíontacht, glacfaidh sé leo.
 - (3) Má theipeann ar an eagraíocht plean gníomhaíochta ceartaithí inghlactha a chur isteach, nó má theipeann uirthi an gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh laistigh den tréimhse ama ar ghlac an t-údarás inniúil léi nó ar chuir an t-údarás inniúil síneadh léi, ardófar an toradh go leibhéal 1 agus déanfar beart mar a leagtar síos i bpointe (d)(1).

- (4) Déanfaidh an t-údarás inniúil taifead de na torthaí ar fad a d'ardaigh sé nó a cuireadh in iúl dó i gcomhréir le pointe (e) agus, i gcás inarb infheidhme, déanfaidh sé taifead de na bearta forfheidhmiúcháin a chuir sé i bhfeidhm, chomh maith leis na gníomhaíochtaí ceartaitheacha uile agus na dátaí a cuireadh clabhsúr ar na torthaí uile.
- (e) Gan dochar d'aon bheart forfheidhmiúcháin breise, i gcás ina sainaitníonn údarás a dhéanann na cúraimí formhaoirseachta de bhun phointe 145.B.300(d) aon neamhchomhlíontacht cheanglais infheidhme Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus a ghníomhartha gcur chun feidhme ag eagraíocht atá deimhnithe ag údarás inniúil Ballstáit eile nó ag an nGníomhaireacht, cuirfidh sé an t-údarás inniúil sin ar an eolas faoi, agus tabharfaidh sé léiriú ar leibhéal an toraidh.
- (f) Féadfaidh an t-údarás inniúil barúlacha a eisiúint maidir le haon cheann de na cásanna seo a leanas nach n-éilíonn leo torthaí leibhéal 1 ná leibhéal 2:
- (1) i gcás aon mhír ar measadh a feidhmíocht a bheith neamhéifeachtach;
 - (2) i gcás ina sainaitnítear go bhfuil sé d'acmhainn ag mír a bheith ina cúis le neamhchomhlíontacht faoi phointí (b) nó (c);
 - (3) nuair a bhíonn moltaí nó feabhsuithe ina n-ábhar spéise ar mhaithe le feidhmíocht sábháilteachta fhoriomlán na heagraíochta.

Cuirfear na barúlacha a eisítear faoin bpointe seo in iúl i scríbhinn don eagraíocht agus déanfaidh an t-údarás inniúil iad a thaifeadadh.

145.B.355 **Fionraí, teorannú agus cúlghairm**

Déanfaidh an t-údarás inniúil an méid seo a leanas:

- (a) deimhniú a chur ar fionraí nuair a mheasann sé go bhfuil forais réasúnacha ann go bhfuil gá leis an mbeart sin chun bagairt inchreidte ar shábháilteacht aerárthaí a chosc;
 - (b) deimhniú a chur ar fionraí, a chúlghairm nó a theorannú más gá beart den sórt sin de bhun phointe 145.B.350;
 - (c) deimhniú a chur ar fionraí nó a theorannú ina iomláine nó i bpáirt, má chuireann cúinsí neamh-intuartha nach bhfuil neart ag an údarás inniúil orthu cosc ar a gcigirí a bhfreagrachtaí formhaoirseachta a chomhlíonadh maidir leis an timthriall pleanála formhaoirseachta.”;
- (31) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Aguisín II:

“Aguisín II

Córas aicmithe agus rátála le haghaidh théarmaí ceadaithe eagraíochtaí cothabhála a thagann faoi réim Chuid-145

- (a) Ach amháin nuair a shonraítear a mhalairt i gcás na n-eagraíochtaí is lú dá dtagraítear i bpointe (m), soláthraítear leis an tábla dá dtagraítear i bpointe (l) na haicmí agus na rátálacha féideartha atá le húsáid chun téarmaí ceadaithe dheimhniú na heagraíochta a leagan síos, ar eagraíocht í a fhormheastar i gcomhréir le hIarscríbhinn II (Cuid-145). Ní mór téarmaí ceadaithe a dheonú d'eagraíocht a chuimsítear sa raon seo: aicme amháin agus rátáil amháin faoi réir ag teorainneacha go dtí na haicmí agus na rátálacha uile faoi réir ag teorainneacha.
- (b) Sa bhreis ar an tábla i bpointe (l), ceanglaítear ar gach eagraíocht chothabhála raon feidhme a hoibre a léiriú ina LEC.
- (c) Laistigh den aicme cheadaithe (nó de na haicmí ceadaithe) agus den rátáil cheadaithe (nó de na rátálacha ceadaithe) a bhunaíonn an t-údarás inniúil, le raon feidhme na hoibre a shonraítear sa LEC, sainítear go beacht teorainneacha a cheadaithe. Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, go mbíonn an aicme cheadaithe (nó na haicmí ceadaithe) agus an rátáil cheadaithe (nó na rátálacha ceadaithe) ag teacht le raon feidhme obair na heagraíochta.
- (d) Ciallaíonn *rátáil aicme de chatagóir A* go bhféadfaidh an eagraíocht chothabhála cothabháil a dhéanamh ar aerárthaí agus ar chomhpháirteanna (lena n-áirítear innill agus/nó aonaid chumhachta chúnta (APUnna)), i gcomhréir le sonraí cothabhála an aerárthaigh nó, má chomhaontaíonn an t-údarás inniúil, i gcomhréir le sonraí cothabhála na comhpháirte, fad atá na comhpháirteanna sin feistithe ar an aerárthach, agus sa chás sin amháin. Mar sin féin, féadfaidh eagraíocht chothabhála a bhfuil rátáil A aici comhpháirt a bhaint go sealadach chun críoch cothabhála chun rochtain ar an gcomhpháirt sin a fheabhsú, ach amháin nuair is gá cothabháil bhreise a dhéanamh de dheasca a bainte, ar cothabháil í nach bhfuil an eagraíocht formheasta lena déanamh. Beidh baint comhpháirte den sórt sin chun críoch cothabhála ag eagraíocht chothabhála a bhfuil rátáil A aici faoi réir nós imeachta iomchuí um rialú sa LEC.

Ní mór raon feidhme na cothabhála sin a shonrú sa cholún teorainneacha, rud a léireoidh méid an cheadaithe.

- (e) Déantar *rátálacha aicme de Chatagóir A* a fhoroinnt sna catagóirí cothabhála seo a leanas: cothabháil throm agus gnáthchothabháil. Féadfar eagraíocht den sórt sin a fhorghnóthú chun cothabháil throm, gnáthchothabháil nó an dá rud a dhéanamh. Ba cheart a thabhairt faoi deara go n-éilíonn saoráid ghnáthchothabhála atá lonnaithe i bpríomhshaoráid chothabhála ceadú le haghaidh gnáthchothabhála.
- (f) Ciallaíonn *rátáil aicme de chatagóir B* go bhféadfaidh an eagraíocht chothabhála cothabháil a dhéanamh ar innill agus/nó APU na neamhshuiteáilte agus ar chomhpháirteanna innill agus/nó APU, i gcomhréir le sonraí cothabhála an innill agus/nó an APU nó, má chomhaontaíonn an t-údarás inniúil, i gcomhréir le sonraí cothabhála na comhpháirte, fad atá na comhpháirteanna feistithe ar an inneall agus/nó ar an APU, agus sa chás sin amháin. Mar sin féin, féadfaidh eagraíocht chothabhála a bhfuil rátáil B aici comhpháirt a bhaint go sealadach chun críoch cothabhála chun rochtain ar an gcomhpháirt sin a fheabhsú, ach amháin nuair is gá cothabháil bhreise a dhéanamh de dheasca a bainte, ar cothabháil í nach bhfuil an eagraíocht formheasta lena déanamh.

Ní mór raon feidhme na cothabhála sin a shonrú sa cholún teorainneacha, rud a léireoidh méid an cheadaithe.

Féadfaidh eagraíocht chothabhála atá formheasta le rátáil aicme de chatagóir B cothabháil a dhéanamh freisin ar inneall suiteáilte fad atá cothabháil throm nó gnáthchothabháil á déanamh ar aerárthach, ar choinníoll go bhfuil nós imeachta iomchuí rialúcháin sa LEC atá formheasta ag an údarás inniúil. Léireoidh raon feidhme na hoibre sa LEC na gníomhaíochtaí sin má cheadaíonn an t-údarás inniúil iad.

- (g) Ciallaíonn *rátáil aicme de chatagóir C* go bhféadfaidh an eagraíocht chothabhála cothabháil a dhéanamh ar chomhpháirteanna neamhshuiteáilte (seachas innill iomlána agus APU) a mbeartaítear iad a fheistiú ar an aerárthach nó ar an inneall/APU.

Ní mór raon feidhme na cothabhála sin a shonrú sa cholún teorainneacha, rud a léireoidh méid an cheadaithe.

Féadfaidh eagraíocht chothabhála atá formheasta le rátáil aicme de chatagóir C cothabháil a dhéanamh freisin ar chomhpháirt shuiteáilte (seachas inneall iomlán nó APU) fad atá cothabháil throm nó gnáthchothabháil á déanamh ar aerárthach, nó ag saoráid cothabhála inneall/APU, ar choinníoll go bhfuil nós imeachta iomchuí um rialú sa LEC atá formheasta ag an údarás inniúil. Léireoidh raon feidhme na hoibre sa LEC na gníomhaíochtaí sin má cheadaíonn an t-údarás inniúil iad.

- (h) Is éard is *rátáil aicme de chatagóir D* ann rátáil aicme féin chuimsitheach nach gá go mbainfeadh sí le haerárthach ar leith, le hinneall ar leith nó le comhpháirt eile ar leith. Ní gá an rátáil D1 — Tástáil Neamhscriosach (TNS) ach amháin d'eagraíocht chothabhála a dhéanann TNS mar chúram ar leith thar ceann eagraíocht eile. Eagraíocht chothabhála atá formheasta le rátáil aicme sa chatagóir A, B nó C, féadfaidh sí TNS a dhéanamh ar tháirgí a ndéanann sí cothabháil orthu gan gá le rátáil aicme D1 a bheith aici ar choinníoll go bhfuil nósanna imeachta iomchuí TNS sa LEC.
- (i) Beartaítear leis an gcolún *teorainneacha* an tsolúbthacht a thabhairt do na húdarás inniúla ceadú a chur in oiriúint d'aon eagraíocht ar leith. Ní fhéadfar rátálacha a lua ar an gceadú ach amháin má dhéantar iad a theorannú go hiomchuí. Sonraítear sa tábla dá dtagraítear i bpointe (l) na cineálacha teorainneacha is féidir a bheith ann. Tá sé inghlactha an cúram cothabhála a chur i dtábhacht sa cholún teorainneacha seachas cineál nó monaróir an aerárthaigh nó innill, más oiriúnaí sin don eagraíocht (mar shampla córais eitleonaice a shuiteáil agus an chothabháil lena mbaineann). Má luaitear é sin sa cholún teorainneacha, léirítear go bhfuil an eagraíocht chothabhála formheasta chun cothabháil a dhéanamh suas go dtí an cineál/cúram áirithe sin, an cineál/cúram sin san áireamh.
- (j) Nuair a úsáidtear na téarmaí *sraith*, *cineál* agus *grúpa* sa cholún teorainneacha d'aicmí A agus B, tuigfead mar a leanas iad:
 - ciallaíonn “sraith” sraith de chineál sonracha amhail an Airbus 300, 310 nó 319, nó an tsraith Boeing 737-300, an tsraith RB211-524, an Cessna 150 nó an Cessna 172, an tsraith Beech 55, an tsraith Continental O-200, etc.;
 - ciallaíonn “cineál” cineál nó múnla sonracha amhail an cineál Airbus 310-240, an cineál RB 211-524 B4, nó an cineál Cessna 172RG.

Is féidir aon líon sraitheanna nó cineálacha a lua;

 - ciallaíonn “grúpa”, mar shampla, aerárthach innill aonloine Cessna nó innill loiní neamh-shárluchtaithe Lycoming, etc.

(k) De mhaolú ar phointe 145.A.85(a)(1), nuair a bhaintear úsáid as *liosta cumais* comhpháirte a d'fhéadfadh a bheith faoi réir leasuithe go minic, féadfaidh an eagraíocht a mholadh go gcuimseofar na leasuithe sin sa nós imeachta dá dtagraítear i bpointe 145.A.85(c) maidir le hathruithe nach n-éilítear leo ceadú roimh ré.

(l) Tábla

AICME	RÁTÁIL	TEORAINN	COHABHÁIL THROM	GNÁTHCHO-THABHÁIL
AERÁRTHAÍ	A1 Eitleáin d'uasmhais éirí de thalamh (MTOM) os cionn 5 700 kg	[Sonrófar monaróir an eitleáin nó an grúpa nó sraith nó cineál agus/nó na cúraimí cohabhála] <i>Sampla: Sraith Airbus A320</i>	[TÁ/NÍL] (*)	[TÁ/NÍL] (*)
	A2 Eitleáin de MTOM 5 700 kg agus faoina bhun sin	[Sonrófar monaróir an eitleáin nó an grúpa nó sraith nó cineál agus/nó na cúraimí cohabhála] <i>Sampla: Sraith 'DHC-6 Twin Otter'</i> Sonraigh cé acu a údaraítear deimhnithe ar athbhreithniú aeracmhainneachta a eisiúint nó nach n-údaraítear (i gcás aerárthaí a chumhdaítear le hlarscríbhinn Vb (Cuid-ML) agus sa chás sin amháin)	[ÚDARAÍ-TEAR/NÍ ÚDARAÍ-TEAR] (*)	[ÚDARAÍTEAR/NÍ ÚDARAÍ-TEAR] (*)
	A3 Héileacaptair	[Sonrófar monaróir an héileacaptair nó an grúpa nó sraith nó cineál agus/nó an cúram/na cúraimí cohabhála] <i>Sampla: Robinson R44</i> Sonraigh cé acu a údaraítear deimhnithe ar athbhreithniú aeracmhainneachta a eisiúint nó nach n-údaraítear (i gcás aerárthaí a chumhdaítear le hlarscríbhinn Vb (Cuid-ML) agus sa chás sin amháin)	[ÚDARAÍ-TEAR/NÍ ÚDARAÍ-TEAR] (*)	[ÚDARAÍTEAR/NÍ ÚDARAÍ-TEAR] (*)
	A4 Aerárthaí seachas aerárthaí A1, A2 agus A3	[Sonrófar an chatagóir aerárthaigh (seoleitleán, balún, aerlong, etc.), an monaróir nó grúpa nó sraith nó cineál agus/nó an cúram/na cúraimí cohabhála] Sonraigh cé acu a údaraítear deimhnithe ar athbhreithniú aeracmhainneachta a eisiúint nó nach n-údaraítear (i gcás aerárthaí a chumhdaítear le hlarscríbhinn Vb (Cuid-ML) agus sa chás sin amháin)	[ÚDARAÍ-TEAR/NÍ ÚDARAÍ-TEAR] (*)	[ÚDARAÍTEAR/NÍ ÚDARAÍ-TEAR] (*)
INNILL	B1 Tuirbín	[Sonrófar sraith nó cineál an innill agus/nó an cúram/na cúraimí cohabhála] <i>Sampla: Sraith PT6A</i>		
	B2 Loine	[Sonrófar monaróir nó grúpa nó sraith nó cineál an innill agus/nó an cúram/na cúraimí cohabhála]		
	B3 APU	[Sonrófar monaróir nó sraith nó cineál an innill agus/nó an cúram/na cúraimí cohabhála]		

COMHPHÁIR- TEANNA SEACHAS INNILL IOMLÁNA NÓ APUnna	C1 Aerchóiriú & Aerbhru	[Sonrófar an cineál aerárthaigh nó monaróir an aerárthaigh nó monaróir na comhpháirte nó an chomhpháirt ar leith agus/nó déanfar crostagairt do liosta cumais sa lámhleabhar agus/nó an cúram/na cúraimí cothabhála.] <i>Sampla: PT6A Rialaitheoir Breosla</i>
	C2 Uatheilt	
	C3 Cumarsáid agus Aerloingseoireacht	
	C4 Dorais — Haistí	
	C5 Cumhacht Leictreach & Soilsí	
	C6 Trealamh	
	C7 Inneall — APU	
	C8 Rialtáin eitle	
	C9 Breosla	
	C10 Héilecaptar — Rótair	
	C11 Héilecaptar — Tras-seoladh	
	C12 Cumhacht Hiodrálach	
	C13 Córas táscach agus taifeadta	
	C14 Fearas tuirlingthe	
	C15 Ocsaigin	
	C16 Liáin	
	C17 Neomatach & Folús	
	C18 Cosaint — oighear/báisteach/dóiteán	
	C19 Fuinneoga	
	C20 Struchtúrach	
	C21 Ballasta uisce	
	C22 Breisiú Tiomána	
SEIRBHÍ Sí SPEISIA- LAITHE	D1 Tástáil Neamhsciosach	[Sonrófar modh(anna) ar leith TNS]

(*) Scios de réir mar is iomchuí

- (m) Eagraíocht chothabhála nach bhfuil ach fostaí amháin aici chun a gníomhaíochtaí cothabhála uile a phleanáil agus a dhéanamh, ní fhéadfar ach téarmaí ceadaithe teoranta a bheith aici. Is iad seo a leanas na huasteorainneacha is incheadaithe:

AICME	RÁTÁIL	TEORAINN
AERÁRTHAÍ	A2	EITLEÁN INNILL LOINÍ DE MTOM 5 700 KG NÓ FAOINA BHUN SIN
AERÁRTHAÍ	A3	HÉILEACAPTAR INNILL AONLOINE DE MTOM 3 175 KG NÓ FAOINA BHUN SIN
AERÁRTHAÍ	A4	NÍ ANN DO THEORAINN
INNILL	B2	NÍOS LÚ NÁ 450 HP
COMHPHÁIRTEANNA SEACHAS INNILL IOMLÁNA NÓ APU ^{na}	C1 GO C22	DE RÉIR AN LIOSTA CUMAIS
SEIRBHÍSÍ SPEISIALAITHE	D1 TNS	MODH(ANNA) TNS LE SONRÚ

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaidh an t-údarás inniúil eagraíocht den sórt sin a theorannú a thuilleadh i dtéarmaí an cheadaithe ag brath ar acmhainní na heagraíochta sin.”.

IARSCRÍBHINN III

In Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML), pointe ML.A.906(a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

53.	Carlos Enrique TERÁN HURTADO	Uimhir Aitheantais: V-8042567 Inscne: fireann	Briogáidire-Ghinearál ón 5 Iúil 2019 i leith agus ceann ar an Special Directorate of Criminal Investigation of the Directorate General of Military Counter Intelligence (Dirección General de Contrainteligencia Militar (DGCIM)) ó 2019 go dtí 2021. I bhfeidhmeanna roimhe seo, bhí an Briogáidire-Ghinearál Terán Hurtado ina cheann ar na póilíní in Falcón State agus ina cheann ar DGCIM in Táchira State. Freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear íde chruálach mhídhaoonna ar dhaoine a bhí á gcoinneáil, a rinne oifigigh de chuid DGCIM a bhí faoina cheannas. Sna torthaí mionsonraithe ón Mísean Neamhspleách Idirnáisiúnta Aimsithe Fíricí faoi Phoblacht Bholavarach Veiniséala, luaitear go sonrach go bhfuil an Briogáidire-Ghinearál Terán Hurtado ar cheann de na gníomhaithe freagracha, agus go bhfuil baint aige le cas chaptaen de la Sotta.	22.2.2021
55.	Douglas Arnaldo RICO GONZÁLEZ	Dáta breithe: 28 Meán Fómhair 1969 Uimhir Aitheantais: V-6864238 Inscne: fireann	Stiúrthóir ar an Bureau for Scientific, Penal, and Criminal Investigation (Cuerpo de Investigaciones Científicas, Penales y Criminalísticas (CICPC)) ón 5 Feabhra 2016 i leith. Roimhe sin, bhí sé ina leas stiúrthóir ar CICPC. Freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine i Veiniséala a rinne oifigigh de chuid DGCIM a bhí faoina cheannas. Sa tuarascáil ón Mísean Neamhspleách Idirnáisiúnta Aimsithe Fíricí faoi Phoblacht Bholavarach Veiniséala, cuirtear síos ar CICPC mar institiúid a dhéanann sárúithe córasacha ar chearta an duine i Veiniséala. Tá baint ag CICPC le marúithe seachbhreithiúnacha chomh maith, de réir thuarascáil Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine a eisíodh an 16 Meitheamh 2021.	22.2.2021

CINNEADH (CBES) 2021/1966 ÓN gCOMHAIRLE**an 11 Samhain 2021****Iena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1894 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraíthe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 11 Samhain 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/1894 ⁽¹⁾ maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraíthe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir.
- (2) Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar na bearta sriantacha a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2019/1894. Bunaithe ar an athbhreithniú sin, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sin go dtí an 12 Samhain 2022 agus na hiontrálacha atá i liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin a thabhairt cothrom le dáta.
- (3) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2019/1894 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1894 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

“Airteagal 8

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 12 Samhain 2022 agus leanfar d’athbhreithniú leanúnach a dhéanamh air. Déanfar é a athnuachan nó a leasú, mar is iomchúí, i gcás ina measfaidh an Chomhairle nach bhfuil a cuspóirí á gcomhlíonadh.”;

- (2) Leasaítear an Iarscríbhinn mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Samhain 2021.

*Thar ceann na Comhairle**An tUachtarán*

Z. POČIVALŠEK

⁽¹⁾ Cinneadh (CBES) 2019/1894 ón gComhairle an 11 Samhain 2019 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraíthe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir (IO L 291, 12.11.2019, lch. 47).

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/1894, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 1 agus 2:

	Ainm	Faisnéis sainaitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"1.	Mehmet Ferruh AKALIN	<p>Dáta breithe: 9.12.1960</p> <p>Uimhir Phas nó Aitheantais: 13571379758</p> <p>Náisiúntacht: Turcach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Tá Mehmet Ferruh Akalin ina Leas-Uachtarán (Bainisteoir Cúnta Ginearálta) agus ina chomhalta ar Bhord Stiúrthóirí Chorpáraid Pheitriam na Tuirce (TPAO). Tá sé ina cheann ar Roinn Taiscéalaíochta TPAO.</p> <p>Ina cháil mar Leas-Uachtarán TPAO agus mar cheann na Roinne Taiscéalaíochta, tá Mehmet Ferruh Akalin freagrach as gníomhaíochtaí taiscéalaíochta hidreacarbóin amach ón gcósta de chuid TPAO a phleanáil, a stiúradh agus a chur chun feidhme. Áirítear orthu siúd gníomhaíochtaí druileála TPAO, nár údaraigh Poblacht na Cipire iad, mar a leagtar amach thíos.</p> <p>Rinne na soithí seo a leanas na gníomhaíochtaí druileála neamhúdaráithe sin:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) soitheach druileála TPAO Yavuz i bhfarraige theorann Phoblacht na Cipire idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2019; (b) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, idir mí Dheireadh Fómhair 2019 agus mí Eanáir 2020; (c) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, agus i gcomhaontú le hIosrael, idir mí Eanáir agus mí Aibreáin 2020; (d) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, idir mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair 2020; (e) soitheach druileála TPAO Fatih i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe, an-ghar dá farraige theorann, idir mí na Samhna 2019 agus mí Eanáir 2020; (f) soitheach druileála TPAO Fatih i réimse thiar den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra do na Náisiúin Aontaithe ina leith, idir mí na Bealtaine agus mí na Samhna 2019. 	27.2.2020

	Ainm	Faisnéis sainitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2.	Ali Coscun NAMOGLU	<p>Dáta breithe: 27.11.1956</p> <p>Uimhir Phas nó Aitheantais: 11096919534</p> <p>Náisiúntacht: Turcach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Tá Ali Coscun Namoglu ina Leas-Stiúrthóir ar Roinn Taiscéalaíochta Chorparáid Pheitriliam na Tuirce (TPAO).</p> <p>Sa cháil sin, tá Ali Coscun Namoglu páirteach i ngníomhaíochtaí taiscéalaíochta hidreacarbóin amach ón gcósta de chuid TPAO a phleanáil, a stiúradh agus a chur chun feidhme. Áirítear orthu siúd gníomhaíochtaí druileála TPAO nár údaraigh Poblacht na Cipire iad, mar a leagtar amach thíos.</p> <p>Rinne na soithí seo a leanas na gníomhaíochtaí druileála neamhúdaraíthe sin:</p> <ul style="list-style-type: none"> (a) soitheach druileála TPAO Yavuz i bhfarraige theorann Phoblacht na Cipire idir mí Iúil agus mí Mheán Fómhair 2019; (b) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, idir mí Dheireadh Fómhair 2019 agus mí Eanáir 2020; (c) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, agus i gcomhaontú le hIosrael, idir mí Eanáir 2020 agus mí Aibreáin 2020; (d) soitheach druileála TPAO Yavuz i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe agus atá teormharcáilte i gcomhaontú leis an Éigipt, idir mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair 2020; (e) soitheach druileála TPAO Fatih i réimse den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra ina leith do na Náisiúin Aontaithe, an-ghar dá farraige theorann, idir mí na Samhna 2019 agus mí Eanáir 2020; (f) soitheach druileála TPAO Fatih i réimse thiar den limistéar eacnamaíoch eisiach de chuid Phoblacht na Cipire ar thug sí fógra do na Náisiúin Aontaithe ina leith, idir mí na Bealtaine agus mí na Samhna 2019. 	27.2.2020”

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1967 ÓN gCOIMISIÚN
an 11 Samhain 2021

lena mbunaítear stóras sonraí éigeantach agus sásra éigeantach digiteach malartaithe faisnéise i gcomhréir le Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 10(2) agus pointe (3) d'Iarscríbhinn VI a ghabhann léi,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bharr na modhnuithe a rinneadh ar Threoir 2002/49/CE le Rialachán (AE) 2019/1010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽²⁾ is gá don Choimisiún stór sonraí éigeantach agus sásra éigeantach digiteach malartaithe faisnéise a fhorbairt ionas go mbeidh na Ballstáit in ann faisnéis maidir le mapaí torainn straitéiseacha agus achoimrí ar phleananna gníomhaíochta torainn a chomhroinnt.
- (2) Forbraíodh sásra leictreonach tuairiscithe sonraí torainn in 2007 chun ceanglais tuairiscithe Threoir 2002/49/CE a chomhlíonadh, eadhon bonneagar na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil chun tacú le sreafaí sonraí agus faisnéise agus iad a fheabhsú ("Reportnet"). Rinne an Coimisiún nuashonrú agus beachtú ar Reportnet, le cúnaimh ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, i gcomhar leis na Ballstáit. Ba cheart é a bheith ina chuid de Bhonneagar Sonraí Spásúla na hEorpa lena ndéanfar comhroinnt faisnéise spásúla comhshaoil a chumasú i measc eagraíochtaí na hearnála poiblí, lena n-éascófar rochtain phoiblí ar fhaisnéis spásúil ar fud na hEorpa agus lena gcuideofar le ceapadh beartas ar bhonn trasteorann. Tá feidhm aige maidir leis na sonraí spásúla go léir faoi raon feidhme Threoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽³⁾, lena socraítear na ceanglais maidir le tuairisciú agus comhroinnt sonraí idir údarais phoiblí trí bhíthin bonneagar iomchuí. Dá bhrí sin, rinneadh Reportnet a fhorbairt a thuilleadh chun na ceanglais sin a chomhlíonadh chomh maith.
- (3) Is gá teanga choiteann a bheith ag sásra um malartú faisnéise digítí ionas gur féidir leis an stóras sonraí a bhainistiú agus a léirmhíniú. Dá réir sin, maidir leis na sonraí a aistrítear chuig an stóras sonraí nó a nasctar leis, ba cheart ceanglais fhíorshonracha maidir lena fhormaid a chomhlíonadh leo. Dá bharr sin, de bhrí go bhfuil an iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo ina dlúthchuid d'fhorbairt an tsásra um malartú faisnéise digítí, sonraítear inti an fhormaid le haghaidh na sonraí atá le cur in iúl don Choimisiún tríd an stóras sonraí éigeantach dá dtagraítear in Airteagal 10(2) de Threoir 2002/49/CE.
- (4) Le tabhairt isteach an tsásra éigeantaigh dhigitigh malartaithe faisnéise ceanglaítear ar údarais inniúla na mBallstát a gcuid sonraí agus a mbonneagar a ailíniú leis na ceanglais theicniúla nua. Dá bharr sin is gá roinnt ama a thabhairt do na Ballstáit an t-ailíniú teicniúil sin a dhéanamh. Dá thoradh sin, ba cheart cur chun feidhme an Chinnidh seo a chur siar go dtí an 1 Eanáir 2022.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear leis an gCinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 13(2) de Threoir 2002/49/CE,

⁽¹⁾ IO L 189, 18.7.2002, lch. 12.

⁽²⁾ Rialachán(AE) 2019/1010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 5 Meitheamh 2019 maidir le hoibleagáidí tuairiscithe a ailíniú i réimse na reachtaíochta a bhaineann leis an gcomhshaoil, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 166/2006 agus (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/49/CE, 2004/35/CE, 2007/2/CE, 2009/147/CE agus 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 338/97 agus (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle, agus Treoir 86/278/CEE ón gComhairle (IO L 170, 25.6.2019, lch. 115).

⁽³⁾ Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Bainfidh na Ballstáit úsáid as ardán ríomhthuaiscithe na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil chun sonraí comhshaoil agus aeráide (“Reportnet”) a thuairisciú mar stóras sonraí éigeantach chun an fhaisnéis dá dtagraítear i dTreoir 2002/49/CE a chur isteach, agus de réir na hlarscríbhíne a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Bainfear úsáid as Reportnet mar an sásra éigeantach digiteach malartaithe faisnéise digití dá dtagraítear i dTreoir 2002/49/CE.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Samhain 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Roinn 1

Ceirtleáin, mór-aerfoirt, mór-iarnróid agus mór-bhóithre a thuairiscíú**1.1. Ceirtleáin**

Sonraí a bheidh le tuairiscíú	Inneachar	Cineál éigeantach nó roghnach an tuairiscithe
1.1.1. Aitheantóir ceirtleáin	An t-aitheantóir uathúil arna shannadh do gach ceirtleán.	Éigeantach.
1.1.2. Ainm an cheirtleáin	Ainm an cheirtleáin.	Éigeantach.
1.1.3. Méid	Limistéar cumhdaigh an cheirtleáin.	Éigeantach.
1.1.4. Líon na n-áitritheoirí	Líon na n-áitritheoirí atá ina gcónaí laistigh de theorainn an cheirtleáin.	Éigeantach.
1.1.5. Foinsí torainn atá ann faoi láthair sa cheirtleán	Ainm an chineáil foinsí torainn atá ann faoi láthair laistigh den cheirtleán.	Éigeantach.
1.1.6. doiciméad aitheantais IN-SPIRE	Aitheantóir oibiachta seachtrach na hoibiachta spásúla (an ceirtleán).	Éigeantach.
1.1.7. An gheoiméadracht	Fairsinge spásúil an cheirtleáin.	Éigeantach.
1.1.8. Faisnéis bhreise mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ón gCoimisiún ⁽¹⁾	Saintréithe breise amhail an cineál limistéir, an cineál limistéir speisialaithe, an réimse comhshaoil, an bunús dlí, an tréimhse ainmniúcháin, an t-údarás inniúil, faisnéis saolré.	Éigeantach.

1.2. Mór-aerfoirt

Sonraí a bheidh le tuairiscíú	Inneachar	Cineál éigeantach nó roghnach an tuairiscithe
1.2.1. Ainm an aerfoirt	Ainm oifigiúil an mhór-aerfoirt.	Éigeantach.
1.2.2. Cód ICAO	Cód idirnáisiúnta uathúil an aerfoirt arna shainmhíniú ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta.	Éigeantach.
1.2.3. An sreabhadh tráchta bliantúil	An líon éirithe de thalamh agus tuirlingtí in aghaidh na bliana ag an mór-aerfort, seachas iad siúd a dtugtar fúthu ar aerárthaí éadroma chun críche oiliúna.	Éigeantach.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2010 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hidir-inoibritheacht tacair agus seirbhísí sonraí spásúla (IO L 323, 8.12.2010, lch. 11).

1.2.4. An gheoiméadracht	An gheoiméadracht lena léirítear suíomh an mhór-aerfoirt. Geoiméadracht na bpointí.	Éigeantach.
1.2.5. An nasc chuig an tacar sonraí tagartha	Faisnéis faoi thacar sonraí an aerfoirt a leanann as ceanglais Threoir 2007/2/CE a bhféadfaí an mór-aerfort a nascadh leis.	Roghnach.
1.2.6. An nasc chuig an oibiacht thagartha	An tagairt don aerfort (oibiacht spásúil) i dtacar sonraí tagartha an aerfoirt a chuirtear ar fáil sa nasc chuig an tacar sonraí tagartha.	Roghnach.

1.3. Mór-iarnróid

Sonraí a bheidh le tuairisciú	Inneachar	Cineál éigeantach nó rognach an tuairiscithe
1.3.1. An t-aitheantóir iarnróid	An t-aitheantóir uathúil arna shannadh do gach stráice mór-iarnróid.	Éigeantach.
1.3.2. An cód náisiúnta iarnróid	An cód iarnróid (uimhir aitheantais iarnróid) a úsáidtear laistigh den Bhallstát.	Roghnach.
1.3.3. Ainm an iarnróid	Ainm an iarnróid a úsáidtear laistigh den Bhallstát.	Roghnach.
1.3.4. An sreabhadh tráchta bliantúil	Líon na n-aistear traenach in aghaidh na bliana.	Éigeantach.
1.3.5. Fad	Fad an stráice mór-iarnróid, i méadair.	Éigeantach.
1.3.6. An nasc chuig an tacar sonraí tagartha	Faisnéis faoi thacar sonraí an ghréasáin iarnróid a leanann as ceanglais Threoir 2007/2/CE a bhféadfaí an mór-iarnród a nascadh leis.	Roghnach.
1.3.7. An nasc chuig an oibiacht thagartha	An tagairt don iarnród (oibiacht spásúil) i dtacar sonraí tagartha an ghréasáin iarnróid a chuirtear ar fáil sa nasc chuig an tacar sonraí tagartha.	Roghnach.
1.3.8. doiciméad aitheantais IN-SPIRE	Aitheantóir oibiachta seachtrach na hoibiachta spásúla (an mór-iarnród).	Éigeantach.
1.3.9. An gheoiméadracht	Geoiméadracht an mhór-iarnróid.	Éigeantach.
1.3.10. Faisnéis bhreise mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ón gCoimisiún	Saintréithe breise amhail faisnéis "shamhailteach", faisnéis ghréasáin, faisnéis bhailíochta, agus faisnéis saolré.	Éigeantach.

1.4. Mór-bhóithre

Sonraí a bheidh le tuairisciú	Inneachar	Cineál éigeantach nó roghnach an tuairiscithe
1.4.1. An t-aitheantóir bóthair	An t-aitheantóir uathúil arna shannadh do gach stráice mór-bhóthair.	Éigeantach.
1.4.2. An cód náisiúnta bóthair	An cód bóthair a úsáidtear laistigh den Bhallstát.	Roghnach.
1.4.3. Ainm an bhóthair	Ainm oifigiúil an bhóthair a úsáidtear laistigh den Bhallstát.	Roghnach.
1.4.4. Cód bóthair an Aontais	An cód bóthair Eorpach a úsáidtear chun tagairt don bhóthar.	Roghnach.
1.4.5. An sreabhadh tráchta bliantúil	Líon na n-aistear feithicle in aghaidh na bliana ar an stráice mór-bhóthair.	Éigeantach.
1.4.6. Fad	Fad iarbhair an stráice mór-bhóthair, i méadair.	Éigeantach.
1.4.7. An nasc chuig an tacar sonraí tagartha	Faisnéis faoi thacar sonraí an ghréasáin bóithre a leanann as ceanglais Threoir 2007/2/CE a bhféadfadh an mór-bhóthar a nascadh leis.	Roghnach.
1.4.8. An nasc chuig an oibiacht thagartha	An tagairt don bhóthar (oibiacht spásúil) i dtacar sonraí tagartha an ghréasáin bóithre a chuirtear ar fáil sa nasc chuig an tacar sonraí tagartha.	Roghnach.
1.4.9. doiciméad aitheantais IN-SPIRE	Aitheantóir oibiachta seachtrach na hoibiachta spásúla (an mór-bhóthar).	Éigeantach.
1.4.10. An gheoiméadracht	Geoiméadracht an mhór-bhóthair.	Éigeantach.
1.4.11. Faisnéis bhreise mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ón gCoimisiún	Saintréithe breise amhail faisnéis "shamhailteach", faisnéis ghréasáin, faisnéis bhailíochta, agus faisnéis saolré.	Éigeantach.

Roinn 2

Na húdaráis agus comhlachtaí inniúla arna n-ainmniú atá freagrach as Treoir 2002/49/CE a chur chun feidhme

2.1. Faisnéis ghinearálta maidir leis an údarás inniúil

Sonraí a bheidh le tuairisciú	Inneachar	Cineál éigeantach nó roghnach an tuairiscithe
2.1.1. Sonraí an údaráis inniúil	Ainm agus seoladh an údaráis inniúil atá freagrach as Treoir 2002/49/CE a chur chun feidhme, lena n-áirítear a aitheantóir uathúil.	Éigeantach.

2.2. An t-údarás inniúil agus na freagrachtaí a bhaineann le torann i gceirtleáin, arna thuairisciú le haghaidh gach ceirtleáin.

Sonraí a bheidh le tuairisciú	Inneachar	Cineál éigeantach nó roghnach an tuairiscithe
2.2.1. Aitheantóir an údaráis inniúil	Aitheantóir uathúil an údaráis inniúil.	Éigeantach.
2.2.2. Aitheantóir ceirtleáin	An t-aitheantóir uathúil arna shannadh do gach ceirtleán.	Éigeantach.
2.2.3. An t-údarás inniúil maidir le foinse torainn	An fhoinse torainn sa cheirtleán a bhfuil an t-údarás inniúil freagrach as.	Éigeantach.
2.2.4. Ról an údaráis inniúil	Ról an údaráis inniúil maidir leis an gceirtleán.	Éigeantach.

2.3. An t-údarás inniúil agus na freagrachtaí a bhaineann le torann ó mhór-aerfoirt.

Sonraí a bheidh le tuairisciú	Inneachar	Cineál éigeantach nó roghnach an tuairiscithe
2.3.1. Aitheantóir an údaráis inniúil	Aitheantóir uathúil an údaráis inniúil.	Éigeantach.
2.3.2. Cód ICAO	Cód idirnáisiúnta uathúil an aerfoirt arna shainmhíniú ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta.	Éigeantach.
2.3.3. Ról an údaráis inniúil	Ról an údaráis inniúil i ndáil leis an mór-aerfort.	Éigeantach.

2.4. An t-údarás inniúil agus na freagrachtaí a bhaineann le torann ó mhór-iarnróid.

Sonraí a bheidh le tuairisciú	Inneachar	Cineál éigeantach nó roghnach an tuairiscithe
2.4.1. Aitheantóir an údaráis inniúil	Aitheantóir uathúil an údaráis inniúil.	Éigeantach.
2.4.2. Ról an údaráis inniúil	Ról an údaráis inniúil maidir leis an mór-iarnród.	Éigeantach.
2.4.3. Leibhéal tuairiscithe	An leibhéal tuairiscithe ar a bhfuil an t-údarás inniúil freagrach as mór-iarnróid.	Éigeantach.
2.4.4. Cód an aonaid críche	An cód uathúil a chomhfhreagraíonn d'aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche le haghaidh staidrimh a leanann as Rialachán (CE) 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ^(?) .	Éigeantach má tá an leibhéal tuairiscithe ar aon leibhéal fonáisiúnta.

^(?) Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche le haghaidh staidrimh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

2.4.5. An t-aitheantóir iarnróid	An t-aitheantóir uathúil arna shannadh do gach stráice mór-iarnróid.	Éigeantach más stráice mór-iarnróid é an leibhéal tuairiscithe. Roghnach má tá an leibhéal tuairiscithe ar leibhéal náisiúnta nó ar aon leibhéal fonáisiúnta eile.
----------------------------------	--	--

2.5. An t-údarás inniúil agus na freagrachtaí a bhaineann le torann ó mhór-bhóithre.

Sonraí a bheidh le tuairisciú	Inneachar	Cineál éigeantach nó rognach an tuairiscithe
2.5.1. Aitheantóir an údaráis inniúil	Aitheantóir uathúil an údaráis inniúil.	Éigeantach.
2.5.2. Ról an údaráis inniúil	Ról an údaráis inniúil maidir leis an mór-bhóthar.	Éigeantach.
2.5.3. Leibhéal tuairiscithe	An leibhéal tuairiscithe ar a bhfuil an t-údarás inniúil freagrach as mór-bhóithre.	Éigeantach.
2.5.4. Cód an aonaid críche	An cód uathúil a chomhfhreagraíonn d'aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche le haghaidh staidrimh a leanann as Rialachán (CE) 1059/2003.	Éigeantach má tá an leibhéal tuairiscithe ar aon leibhéal fonáisiúnta
2.5.5. An t-aitheantóir bóthair	An t-aitheantóir uathúil arna shannadh do gach stráice mór-bhóthair.	Éigeantach más stráice mór-bhóthair é an leibhéal tuairiscithe. Roghnach má tá an leibhéal tuairiscithe ar leibhéal náisiúnta nó ar aon leibhéal fonáisiúnta eile.

2.6. An t-údarás inniúil um limistéir chiúine a theormharcáil - laistigh de cheirtleáin nó faoin tuath.

Nóta: maidir leis an bhfaisnéis faoi 2.6. , mura dteormharcáiltear aon limistéar ciúin, ní thuairisceofar aon fhaisnéis.

Sonraí a bheidh le tuairisciú	Inneachar	Cineál éigeantach nó rognach an tuairiscithe
2.6.1. Aitheantóir an údaráis inniúil	Aitheantóir uathúil an údaráis inniúil.	Éigeantach.
2.6.2. An t-údarás inniúil maidir le limistéir chiúine	An cineál limistéir chiúin a bhfuil an t-údarás inniúil freagrach as.	Éigeantach.
2.6.3. Aitheantóir an limistéir chiúin	Aitheantóir uathúil an limistéir chiúin.	Éigeantach.

2.7. Faisnéis thagartha na n-aonad críche le haghaidh staidrimh ^(?)

Sonraí a bheidh le tuairisciú	Inneachar	Cineál éigeantach nó roghnach an tuairiscithe
2.7.1. Teideal (NUTS)	Teideal thacar sonraí tagartha na n-aonad críche le haghaidh staidrimh (NUTS).	Éigeantach má tá feidhm ag leibhéal tuairiscithe an údaráis inniúil i dtaca le mór-bhóithre/mór-iarnróid maidir le haonaid chríche le haghaidh staidrimh (NUTS).
2.7.2. Nasc (NUTS)	Nasc chuig tacar sonraí tagartha na n-aonad críche le haghaidh staidrimh (NUTS).	Roghnach.
2.7.3. Teideal (LAU)	Teideal thacar sonraí tagartha na n-Aonad Riaracháin Áitiúil (LAU).	Éigeantach má tá feidhm ag leibhéal tuairiscithe an údaráis inniúil i dtaca le mór-bhóithre/mór-iarnróid maidir le hAonaid Riaracháin Áitiúla (LAU).
2.7.4. Nasc (LAU)	Nasc chuig tacar sonraí tagartha na n-Aonad Riaracháin Áitiúil (LAU).	Roghnach.

Roinn 3

Teorainnluachanna torainn

3.1. Tuarascáil maidir le teorainneacha torainn

Sonraí a bheidh le tuairisciú	Inneachar	Cineál éigeantach nó roghnach an tuairiscithe
3.1.1. Aitheantóir na tuarascála	Aitheantóir na tuarascála maidir le teorainnluachanna torainn.	Éigeantach.
3.1.2. Tuarascáil maidir le teorainneacha torainn	Mionsonraí i dtaca leis an tuarascáil maidir le teorainneacha torainn.	Éigeantach.

3.2. Na teorainnluachanna torainn a thuiriscítear sa tuarascáil maidir le teorainneacha torainn

Sonraí a bheidh le tuairisciú	Inneachar	Cineál éigeantach nó roghnach an tuairiscithe
3.2.1. Foinse torainn	An fhoinsé torainn a bhfuil teorainn torainn infheidhme ina leith.	Éigeantach.
3.2.2. Teorainnluach a shainítear	Dearbhú maidir le cibé acu an ann nó nach ann do theorainnluach.	Éigeantach.
3.2.3. <i>Sonraí a bheidh le tuairisciú le haghaidh teorainnluachanna atá i bhfeidhm nó á n-ullmhú.</i>		
3.2.3.1. Stádas	Stádas an teorainnluacha: i bhfeidhm nó á ullmhú.	Éigeantach.
3.2.3.2. Cineál limistéir	Ceann scríbe agus úsáid an limistéir ina gcuirtear an teorainn torainn i bhfeidhm.	Éigeantach le haghaidh cineálacha limistéir chónaithe ina bhfuil teorainneacha i bhfeidhm nó á n-ullmhú. Roghnach le haghaidh ospidéal, scoileanna agus limistéir eile.

(?) Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche le haghaidh staidrimh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1).

3.2.3.3. An táscaire torainn	Táscaire torainn an teorainnluacha.	Éigeantach le haghaidh luach L_{den} agus luach L_{night} . Roghnach le haghaidh gach táscaire eile.
3.2.3.4. Teorainnluach	Luach an leibhéil torainn in dB.	Éigeantach má tá an teorainn torainn i bhfeidhm nó á hullmhú.
3.2.3.5. Míniú	Tuilleadh faisnéise maidir leis na luachanna teorainneacha torainn.	Roghnach.

Roinn 4

Mapáil torainn straitéiseach**4.1. Mapáil torainn straitéiseach - comhrianta torainn**

Nóta: Tá léarscáileanna comhrianta torainn éigeantach le haghaidh mór-bhóithre, iarnród, agus aerthráchta laistigh agus lasmuigh de cheirtleáin. Fad agus atá léarscáileanna comhrianta torainn ann le haghaidh bóithre, iarnród, aerthráchta agus tionscal laistigh de cheirtleáin, tuairisceofar iad i dteannta leis an bhfaisnéis thíos.

Sonraí a bheidh le tuairisciú	Inneachar	Cineál éigeantach nó roghnach an tuairiscithe.
4.1.1. Foinse	An fhoinsé torainn arna léiriú sa léarscáil comhrianta torainn.	Éigeantach le haghaidh mór-bhóithre, mór-iarnród agus mór aerfort laistigh agus lasmuigh de cheirtleáin. Éigeantach i dtaca le bóithre, iarnróid, aerthrácht agus tionscail laistigh den cheirtleán más infheidhme.
4.1.2. An catagóir táscairí torainn agus luachanna torainn sa léarscáil comhrianta torainn.		
4.1.2.1. Catagóir le haghaidh mórfhoinsé	Sainaithnítear leis na luachanna táscaire éagsúla nó raonluachanna na léarscáile comhrianta torainn.	Éigeantach le haghaidh mór-bhóithre, mór-iarnród agus mór aerfort laistigh agus lasmuigh de cheirtleáin. Tá na comhrianta 55 agus 65 dB L_{den} éigeantach. Tá luachanna torainn nó táscairí torainn eile roghnach.
4.1.2.2. Catagóir le haghaidh an cheirtleáin	Sainaithnítear leis na luachanna táscaire éagsúla nó raonluachanna na léarscáile comhrianta torainn.	Éigeantach i dtaca le haghaidh bóithre, iarnróid, aerthrácht agus tionscail laistigh den cheirtleán má tá sé ar fáil. Tá na comhrianta 60, 65, 70, 75 dB L_{den} éigeantach. Tá luachanna torainn nó táscairí torainn eile roghnach.
4.1.3. Am tomhais	An bhliain féilire ar ríomhadh an léarscáil comhrianta torainn lena haghaidh.	Éigeantach.
4.1.4. An gheoiméadracht	Geoiméadracht (suíomh) na léarscáileanna comhrianta torainn.	Éigeantach.
4.1.5. Faisnéis bhreise mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ón gCoimisiún	Saintréithe breise amhail cineál deitéarmanaint sláinte comhshaoil, faisnéis líonra, faisnéis bhailíochta, agus faisnéis saolré.	Éigeantach.

4.2. Sonraí neamhchosanta ar thorann le haghaidh ceirtleán

Féadfar sonraí neamhchosanta a thuirisciú le haghaidh ceirtleán iomlán nó le haghaidh Aonad Riaracháin Áitiúil² lena gcumhdaítear an ceirtleán.

Sonraí a bheidh le tuairisciú	Inneachar	Cineál éigeantach nó roghnach an tuairiscithe
4.2.1. Aitheantóir ceirtleáin	An t-aitheantóir uathúil arna shannadh do gach ceirtleán.	Éigeantach.
4.2.2. Foinse torainn	Foinse torainn na luachanna daonra neamhchosanta laistigh den cheirtleán.	Éigeantach le haghaidh gach foinse torainn aonair atá ann faoi láthair sa cheirtleán. Roghnach le haghaidh gach foinse chomhcheangailte sa cheirtleán.

4.2.3. Sonraítear le luachanna neamhchosanta i gceirtleán gach faisnéis maidir le neamhchosaint an daonra atá le tuairisciú laistigh de cheirtleáin de réir na foinse torainn arna roghnú.

4.2.3.1. Cineál neamhchosanta	Sainítear leis sin saintréithe aghaidh na dteaghaisí mar ar ríomhadh an neamhchosaint ar thorann.	Éigeantach le haghaidh na haghaidhe is neamhchosanta. Roghnach le haghaidh cineálacha neamhchosanta eile.
4.2.3.2. Leibhéal torainn	Sainítear leis sin an raonluach dB le haghaidh L_{den} nó L_{night} ag a ríomhtar líon na ndaoine neamhchosanta.	Ar na luachanna éigeantacha tá: L_{den} : 55-59, 60-64, 65-69, 70-74, níos airde ná 75 dB, agus L_{night} : 50-54, 55-59, 60-64, 65-69, níos airde ná 70 dB. Roghnach le haghaidh leibhéil torainn eile.
4.2.3.3. Daoine neamhchosanta	Líon na ndaoine atá neamhchosanta ar thorann de réir na foinse torainn, an chineáil neamhchosanta agus an leibhéal torainn arna roghnú.	Éigeantach.
4.2.3.4. Ospidéal neamhchosanta	Líon na n-ospidéal atá neamhchosanta ar thorann de réir na foinse torainn, an chineáil neamhchosanta agus an leibhéal torainn arna roghnú.	Roghnach.
4.2.3.5. Scoileanna neamhchosanta	Líon na scoileanna atá neamhchosanta ar thorann de réir na foinse torainn, an chineáil neamhchosanta agus an leibhéal torainn a roghnaítear.	Roghnach.
4.2.3.6. Aonad riaracháin áitiúil	An cód uathúil a chomhfhreagraíonn d'aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche le haghaidh staidrimh a leanann as Rialachán (CE) 1059/2003.	Éigeantach má thuiriscítear luachanna neamhchosanta sa cheirtleán in aghaidh an Aonaid Riaracháin Áitiúil (LAU).
4.2.3.7. Cód ICAO	Cód idirnáisiúnta uathúil an aerfoirt arna shainmhíniú ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta.	Éigeantach má thuiriscítear sonraí neamhchosanta maidir le mór-aerfort sonracha laistigh de cheirtleán.
4.2.3.8. Tuairisc ar gach foinse	Tuairisc ar na foinsí torainn a chuirtear san áireamh chun sonraí neamhchosanta a ríomh.	Éigeantach má thuiriscítear sonraí neamhchosanta maidir le gach foinse chomhcheangailte sa cheirtleán.

4.2.4. Modh ríomhaireachta agus tomhais	An modh ríomhaireachta agus tomhais atá á úsáid chun na léarscáileanna torainn a ríomh.	Éigeantach.
4.2.5. Critéir chumhdaigh	Faisnéis faoi na critéir a úsáidtear chun na bóithre agus na hiarnróid a roghnú a mhapáiltear i gceirtleáin.	Roghnach.
4.2.6. Modh ríofa le haghaidh neamhchosaint ar thorann	Faisnéis faoi na modhanna a úsáidtear chun neamhchosaint ar thorann a ríomh ag an aghaidh is neamhchosanta mar a thuiriscítear i roinn 2.8 d'Iarscábhinn II a ghabhann le Treoir 2002/49/CE.	Roghnach.
4.2.7. Nasc tagartha	Nasc chuig an bhfaisnéis a fhoilsítear ar líne.	Roghnach.

4.3. Sonraí neamhchosanta ar thorann le haghaidh mór-aerfort

Féadfar sonraí neamhchosanta a thuirisciú in aghaidh an mhór-aerfoirt nó in aghaidh an Aonaid Riaracháin Áitiúil² a ndéanann an torann ó mhór-aerfort difear dóibh.

Sonraí a bheidh le tuairisciú	Inneachar	Cineál éigeantach nó rognach an tuairiscithe
4.3.1. Cód ICAO	Cód idirnáisiúnta uathúil an aerfoirt arna shainmhíniú ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta.	Éigeantach.
4.3.2. Cód an aonaid críche	An cód uathúil a chomhfhreagraíonn d'aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche le haghaidh staidrimh a leanann as Rialachán (CE) 1059/2003.	Éigeantach má thuiriscítear luachanna neamhchosanta a bhaineann le mór-aerfoirt in aghaidh an Aonaid Riaracháin Áitiúil (LAU).

4.3.3. Faisnéis faoi neamhchosaint daonra le haghaidh mór-aerfoirt atá lasmuigh de cheirtleáin

4.3.3.1. Cineál neamhchosanta	Sainítear leis sin saintréithe aghaidh na dteaghaisí mar a ríomhtar an neamhchosaint ar thorann.	Éigeantach le haghaidh na haghaidhe is neamhchosanta lasmuigh den cheirtleáin. Roghnach le haghaidh cineálacha neamhchosanta eile.
4.3.3.2. Leibhéal torainn	Sainítear leis sin an raonluach dB le haghaidh L_{den} nó L_{night} ag a ríomhtar líon na ndaoine neamhchosanta.	Éigeantach le haghaidh na haghaidhe is neamhchosanta L_{den} : 55-59, 60-64, 65-69, 70-74, níos airde ná 75 dB, agus L_{night} : 50-54, 55-59, 60-64, 65-69, níos airde ná 70 dB. Roghnach le haghaidh leibhéil torainn agus/nó cineálacha neamhchosanta eile.
4.3.3.3. Daoine neamhchosanta	Líon na ndaoine atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta</i> agus <i>an leibhéil torainn</i> arna roghnú.	Éigeantach.
4.3.3.4. Achar neamhchosanta	An t-achar (in km ²) atá neamhchosanta ar <i>an gcineál neamhchosanta</i> agus ar <i>an leibhéal torainn</i> arna roghnú.	Roghnach.

4.3.3.5. Teaghaisí neamhchosanta	Líon na dteaghaisí atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta agus an leibhéil torainn</i> .	Roghnach.
4.3.3.6. Ospidéal neamhchosanta	Líon na n-ospidéal atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta agus an leibhéil torainn</i> arna roghnú.	Roghnach.
4.3.3.7. Scoileanna neamhchosanta	Líon na scoileanna atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta agus an leibhéil torainn</i> arna roghnú.	Roghnach.

4.3.4. Faisnéis faoi neamhchosaint daonra le haghaidh mór-aerfort lena n-áirítear ceirtleáin

4.3.4.1. Cineál neamhchosanta	Sainítear leis sin saintréithe aghaidh na dteaghaisí mar a ríomhtar an neamhchosaint ar thorann.	Éigeantach le haghaidh na haghaidhe is neamhchosanta lena n-áirítear ceirtleáin.
4.3.4.2. Leibhéal torainn	Sainítear leis sin an raonluach dB le haghaidh L_{den} ag a ríomhtar líon na ndaoine neamhchosanta.	Éigeantach le haghaidh L_{den} : níos airde ná 55, 65 agus 75 dB faoi seach. Roghnach le haghaidh leibhéil torainn eile.
4.3.4.3. Daoine neamhchosanta	Líon na ndaoine atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta agus an leibhéil torainn</i> arna roghnú.	Éigeantach.
4.3.4.4. Achar neamhchosanta	An t-achar (in km ²) atá neamhchosanta ar <i>an gcineál neamhchosanta</i> agus ar <i>an leibhéal torainn</i> arna roghnú.	Éigeantach.
4.3.4.5. Teaghaisí neamhchosanta	Líon na dteaghaisí atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta agus an leibhéil torainn</i> .	Éigeantach
4.3.4.6. Ospidéal neamhchosanta	Líon na n-ospidéal atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta agus an leibhéil torainn</i> arna roghnú.	Roghnach.
4.3.4.7. Scoileanna neamhchosanta	Líon na scoileanna atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta agus an leibhéil torainn</i> arna roghnú.	Roghnach.
4.3.5. Modh ríomhaireachta agus tomhais	An modh ríomhaireachta agus tomhais atá á úsáid chun na léarscáileanna torainn a ríomh.	Éigeantach.
4.3.6. Modh ríofa le haghaidh neamhchosaint ar thorann	Faisnéis faoi na modhanna a úsáidtear chun neamhchosaint ar thorann a ríomh ag an aghaidh is neamhchosanta mar a thuariscítear i roinn 2.8 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2002/49/CE.	Roghnach.
4.3.7. Nasc tagartha	Nasc chuig an bhfaisnéis a foilsíodh ar líne.	Roghnach.

4.4. Sonraí neamhchosanta ar thorann le haghaidh mór-iarnród

Féadfar sonraí neamhchosanta a thuirisciú in aghaidh an aonaid críche le haghaidh staidrimh nó in aghaidh an Aonaid Riaracháin Áitiúil² a ndéanann an torann ó mhór-iarnróid difear dóibh.

Sonraí a bheidh le tuairisciú	Inneachar	Cineál éigeantach nó roghnach an tuairiscithe
4.4.1. Leibhéal tuairiscithe	An cineál leibhéil comhiomlánaithe le haghaidh na sonraí atá á dtuairisciú, lena n-áirítear leibhéal náisiúnta nó leibhéal fonáisiúnta, nó le haghaidh na n-iarnród uile sa tír a bhaineann leis an neamhchosaint le haghaidh mór-iarnród.	Éigeantach.
4.4.2. Cód an aonaid críche	An cód uathúil a chomhfhreagraíonn d'aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche le haghaidh staidrimh a leanann as Rialachán (CE) 1059/2003.	Éigeantach.
4.4.3. An t-aitheantóir iarnróid	An cód uathúil a chomhfhreagraíonn le hiarnród amháin nó níos mó ná sin a chuimsítear laistigh de chód an aonaid críche.	Roghnach.
4.4.4. Faisnéis faoi neamhchosaint daonra le haghaidh mór-iarnróid atá lasmuigh de cheirtleáin		
4.4.4.1. Cineál neamhchosanta	Sainítear leis sin saintréithe aghaidh na dteaghaisí mar a ríomhtar an neamhchosaint ar thorann.	Éigeantach le haghaidh na haghaidhe is neamhchosanta lasmuigh den cheirtleán. Roghnach le haghaidh cineálacha neamhchosanta eile.
4.4.4.2. Leibhéal torainn	Sainítear leis sin an raonluach dB le haghaidh L_{den} nó L_{night} ag a ríomhtar líon na ndaoine neamhchosanta.	Éigeantach le haghaidh na haghaidhe is neamhchosanta L_{den} : 55-59, 60-64, 65-69, 70-74, níos airde ná 75 dB, agus L_{night} : 50-54, 55-59, 60-64, 65-69, níos airde ná 70 dB. Roghnach le haghaidh leibhéil torainn agus/nó cineálacha neamhchosanta eile.
4.4.4.3. Daoine neamhchosanta	Líon na ndaoine atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta</i> agus <i>an leibhéil torainn</i> arna roghnú.	Éigeantach.
4.4.4.4. Achar neamhchosanta	An t-achar (in km ²) atá neamhchosanta ar <i>an gcineál neamhchosanta</i> agus ar <i>an leibhéal torainn</i> arna roghnú.	Roghnach.
4.4.4.5. Teaghaisí neamhchosanta	Líon na dteaghaisí atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta</i> agus <i>an leibhéil torainn</i> .	Roghnach.
4.4.4.6. Ospidéal neamhchosanta	Líon na n-ospidéal atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta</i> agus <i>an leibhéil torainn</i> arna roghnú.	Roghnach.
4.4.4.7. Scoileanna neamhchosanta	Líon na scoileanna atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta</i> agus <i>an leibhéil torainn</i> arna roghnú.	Roghnach.

4.4.5. Faisnéis faoi neamhchosaint daonra le haghaidh mór-iarnród lena n-áirítear ceirtleáin

4.4.5.1. Cineál neamhchosanta	Sainítear leis sin saintréithe aghaidh na dteaghaisí mar a ríomhtar an neamhchosaint ar thorann.	Éigeantach le haghaidh na haghaidhe is neamhchosanta lena n-áirítear ceirtleáin.
4.4.5.2. Leibhéal torainn	Sainítear leis sin an raonluach dB le haghaidh L_{den} ag a ríomhtar líon na ndaoine neamhchosanta.	Éigeantach le haghaidh L_{den} : níos airde ná 55, 65 agus 75 dB faoi seach. Roghnach le haghaidh leibhéil torainn eile.
4.4.5.3. Daoine neamhchosanta	Líon na ndaoine atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta</i> agus <i>an leibhéil torainn</i> arna roghnú.	Éigeantach.
4.4.5.4. Achar neamhchosanta	An t-achar (in km ²) atá neamhchosanta ar <i>an gcineál neamhchosanta</i> agus ar <i>an leibhéal torainn</i> arna roghnú.	Éigeantach.
4.4.5.5. Teaghaisí neamhchosanta	Líon na dteaghaisí atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta</i> agus <i>an leibhéil torainn</i> .	Éigeantach.
4.4.5.6. Ospidéal neamhchosanta	Líon na n-ospidéal atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta</i> agus <i>an leibhéil torainn</i> arna roghnú.	Roghnach.
4.4.5.7. Scoileanna neamhchosanta	Líon na scoileanna atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta</i> agus <i>an leibhéil torainn</i> arna roghnú.	Roghnach.
4.4.6. Modh ríomhaireachta agus tomhais	An modh ríomhaireachta agus tomhais atá á úsáid chun na léarscáileanna torainn a ríomh.	Éigeantach.
4.4.7. Modh ríofa le haghaidh neamhchosaint ar thorann	Faisnéis faoi na modhanna a úsáidtear chun neamhchosaint ar thorann a ríomh ag an aghaidh is neamhchosanta mar a thuairiscítear i roinn 2.8 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2002/49/CE.	Roghnach.
4.4.8. Nasc tagartha	Nasc chuig an bhfaisnéis a foilsíodh ar líne.	Roghnach.

4.5. **Sonraí neamhchosanta ar thorann le haghaidh mór-bhóithre**

Féadfar sonraí neamhchosanta a thuairisciú in aghaidh an aonaid críche le haghaidh staidrimh nó in aghaidh an Aonaid Riaracháin Áitiúil² a ndéanann an torann ó mhór-bhóithre difear dóibh.

Sonraí a bheidh le tuairisciú	Inneachar	Cineál éigeantach nó roghnach an tuairiscithe
4.5.1. Leibhéal tuairiscithe	An cineál leibhéil comhiomlánaithe le haghaidh na sonraí atá á dtuairisciú, lena n-áirítear leibhéal náisiúnta nó leibhéal fonáisiúnta, nó le haghaidh na mbóithre uile sa tír a bhaineann leis an neamhchosaint le haghaidh mór-bhóithre.	Éigeantach.

4.5.2. Cód an aonaid críche	An cód uathúil a chomhfhreagraíonn d'aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche le haghaidh staidrimh a leanann as Rialachán (CE) 1059/2003.	Éigeantach.
4.5.3. An t-aitheantóir bóthair	An cód uathúil a chomhfhreagraíonn le bóthar amháin nó níos mó ná sin a chuimsítear laistigh de chód an aonaid críche.	Roghnach.
4.5.4. Faisnéis faoi neamhchosaint daonra le haghaidh mór-bhóithre atá lasmuigh de cheirtleáin.		
4.5.4.1. Cineál neamhchosanta	Sainítear leis sin saintréithe aghaidh na dteaghaisí mar a ríomhtar an neamhchosaint ar thorann.	Éigeantach le haghaidh na haghaidhe is neamhchosanta lasmuigh den cheirtleán. Roghnach le haghaidh cineálacha neamhchosanta eile.
4.5.4.2. Leibhéal torainn	Sainítear leis sin an raonluach dB le haghaidh L_{den} nó L_{night} ag a ríomhtar líon na ndaoine neamhchosanta.	Éigeantach le haghaidh na haghaidhe is neamhchosanta L_{den} : 55-59, 60-64, 65-69, 70-74, níos airde ná 75 dB, agus L_{night} : 50-54, 55-59, 60-64, 65-69, níos airde ná 70 dB. Roghnach le haghaidh leibhéil torainn agus/nó cineálacha neamhchosanta eile.
4.5.4.3. Daoine neamhchosanta	Líon na ndaoine atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta</i> agus <i>an leibhéil torainn</i> arna roghnú.	Éigeantach.
4.5.4.4. Achar neamhchosanta	An t-achar (in km ²) atá neamhchosanta ar <i>an gcineál neamhchosanta</i> agus ar <i>an leibhéal torainn</i> arna roghnú.	Roghnach.
4.5.4.5. Teaghaisí neamhchosanta	Líon na dteaghaisí atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta</i> agus <i>an leibhéil torainn</i> .	Roghnach.
4.5.4.6. Ospidéal neamhchosanta	Líon na n-ospidéal atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta</i> agus <i>an leibhéil torainn</i> arna roghnú.	Roghnach.
4.5.4.7. Scoileanna neamhchosanta	Líon na scoileanna atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta</i> agus <i>an leibhéil torainn</i> arna roghnú.	Roghnach.
4.5.5 Faisnéis faoi neamhchosaint daonra le haghaidh mór-bhóithre lena n-áirítear ceirtleáin.		
4.5.5.1. Cineál neamhchosanta	Sainítear leis sin saintréithe aghaidh na dteaghaisí mar a ríomhtar an neamhchosaint ar thorann.	Éigeantach le haghaidh na haghaidhe is neamhchosanta lena n-áirítear ceirtleáin.
4.5.5.2. Leibhéal torainn	Sainítear leis sin an raonluach dB le haghaidh L_{den} ag a ríomhtar líon na ndaoine neamhchosanta.	Éigeantach le haghaidh L_{den} : níos airde ná 55, 65 agus 75 dB faoi seach. Roghnach le haghaidh leibhéil torainn eile.

4.5.5.3. Daoine neamhchosanta	Líon na ndaoine atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta</i> agus <i>an leibhéil torainn</i> arna roghnú.	Éigeantach.
4.5.5.4. Achar neamhchosanta	An t-achar (in km ²) atá neamhchosanta ar <i>an gcineál neamhchosanta</i> agus ar <i>an leibhéal torainn</i> arna roghnú.	Éigeantach.
4.5.5.5. Teaghaisí neamhchosanta	Líon na dteaghaisí atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta</i> agus <i>an leibhéil torainn</i> .	Éigeantach.
4.5.5.6. Ospidéal neamhchosanta	Líon na n-ospidéal atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta</i> agus <i>an leibhéil torainn</i> arna roghnú.	Roghnach.
4.5.5.7. Scoileanna neamhchosanta	Líon na scoileanna atá neamhchosanta ar thorann de réir <i>an chineáil neamhchosanta</i> agus <i>an leibhéil torainn</i> arna roghnú.	Roghnach.
4.5.6. Modh ríomhaireachta agus tomhais	An modh ríomhaireachta agus tomhais atá á úsáid chun na léarscáileanna torainn a ríomh.	Éigeantach.
4.5.7. Modh ríofa le haghaidh neamhchosaint ar thorann	Faisnéis faoi na modhanna a úsáidtear chun neamhchosaint ar thorann a ríomh ag an aghaidh is neamhchosanta mar a thuiriscítear i roinn 2.8 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2002/49/CE.	Roghnach.
4.5.8. Nasc tagartha	Nasc chuig an bhfaisnéis a foilsíodh ar líne.	Roghnach.

4.6. Faisnéis thagartha na n-aonad críche le haghaidh staidrimh²

Sonraí a bheidh le tuairisciú	Inneachar	Cineál éigeantach nó roghnach an tuairiscithe
4.6.1. Teideal (NUTS)	Teideal thacar sonraí tagartha na n-aonad críche le haghaidh staidrimh (NUTS).	Éigeantach má ullmhaítear sonraí neamhchosanta ar thorann ar leibhéal na n-aonad críche NUTS.
4.6.2. Nasc (NUTS)	Nasc chuig tacar sonraí tagartha na n-aonad críche le haghaidh staidrimh (NUTS).	Roghnach.
4.6.3. Teideal (LAU)	Teideal thacar sonraí tagartha na n-Aonad Riaracháin Áitiúil (LAU).	Éigeantach má ullmhaítear sonraí neamhchosanta ar thorann ar leibhéal na n-Aonad Riaracháin Áitiúil (LAU).
4.6.4. Nasc (LAU)	Nasc chuig tacar sonraí tagartha na n-Aonad Riaracháin Áitiúil (LAU).	Roghnach.

Roinn 5

Clár rialaithe torainn

5.1. Clár rialaithe torainn a cuireadh i gcrích san am atá thart agus bearta torainn atá i bhfeidhm i gceirtleáin

Nóta: le haghaidh na faisnéise faoi 5.1., mura raibh aon chlár rialaithe torainn ann san am atá thart, ní thuairisceofar aon fhaisnéis

Sonraí a bheidh le tuairisciú	Inneachar	Cineál éigeantach nó roghnach an tuairiscithe
5.1.1. Aitheantóir ceirtleáin	An t-aitheantóir uathúil arna shannadh do gach ceirtleán.	Éigeantach.
5.1.2. Aitheantóir an chláir rialaithe torainn	An t-aitheantóir uathúil arna shannadh do gach clár rialaithe torainn.	Éigeantach.
5.1.3. Faisnéis faoin gclár rialaithe torainn	Mionsonraí maidir leis an gclár rialaithe torainn.	Éigeantach.
5.1.4. Míniú	Míniú breise anuas ar an bhfaisnéis a áirítear i dtuarascáil an chláir rialaithe torainn.	Roghnach.
5.1.5. Leibhéal an chláir rialaithe torainn	An cineál leibhéil comhiomlánaithe ar a mbunaítear an clár rialaithe torainn amháil leibhéal náisiúnta nó leibhéal fonáisiúnta, nó le haghaidh an cheirtleáin ar fad.	Éigeantach.
5.1.6. Faisnéis faoi aonad críche an chláir rialaithe torainn (NUTS nó LAU)		
5.1.6.1. Cód an aonaid críche	An cód uathúil (NUTS nó LAU) a chomhfhreagraíonn d'aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche le haghaidh staidrimh a leanann as Rialachán (CE) 1059/2003.	Éigeantach.
5.1.6.2. Faisnéis maidir le tacar sonraí an aonaid críche	Teideal agus leagan thacar sonraí na n-aonad críche le haghaidh staidrimh a leanann as Rialachán (CE) 1059/2003 (NUTS nó LAU).	Éigeantach.
5.1.6.3. Nasc tagartha	Nasc chuig an tacar sonraí Eurostat a úsáidtear le haghaidh sonraí torainn a thuairisciú.	Roghnach.

5.2. Clár rialaithe torainn a cuireadh i gcrích san am atá thart agus bearta torainn atá i bhfeidhm i mór-aerfoirt

Nóta: le haghaidh na faisnéise faoi 5.2., mura raibh aon chlár rialaithe torainn ann san am atá thart, ní thuairisceofar aon fhaisnéis

Sonraí a bheidh le tuairisciú	Inneachar	Cineál éigeantach nó roghnach an tuairiscithe
5.2.1. Cód ICAO	Cód idirnáisiúnta uathúil an aerfoirt arna shainmhíniú ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta.	Éigeantach.

5.2.2. Aitheantóir an chláir rialaithe torainn	An t-aitheantóir uathúil arna shannadh do gach clár rialaithe torainn.	Éigeantach.
5.2.3. Faisnéis faoin gclár rialaithe torainn	Mionsonraí maidir leis an gclár rialaithe torainn.	Éigeantach.
5.2.4. Míniú	Míniú breise anuas ar an bhfaisnéis a áirítear i dtuarascáil an chláir rialaithe torainn.	Roghnach.
